OIFIG AN ÁRD – AIGHNE

Ráiteas Stráitéis 2003 – 2005

Oifig an Ard-Aighne
Tithe an Rialtais
Sráid Mhuirfean Uachtarach
Baile Átha Cliath 2

Teileafón: 01 631 4000
Facs: 01 676 1806
R-phost: info@ag.irlgov.ie

Is sainchodanna d'Oifig an Ard-Aighne iad Oifig Abhcóide Parlaiminte an Rialtais (OAP), an tAonad um Athchóiriú an Dlí Reachtúil (AADR) agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit (OPAS).

Oifig Chomhairleoir Parlaiminte an Rialtais
Tithe an Rialtais
Sráid Mhuirfean Uachtarach
Baile Átha Cliath 2

Teileafón: 01 631 4000
Facs: 01 661 1287
R-phost: info@ag.irlgov.ie

An tAonad um Athchóiriú an Dlí Reachtúil
Tithe an Rialtais
Sráid Mhuirfean Uachtarach
Baile Átha Cliath 2

Teileafón: 01 631 4000
Facs: 01 661 1287
R-phost: info@ag.irlgov.ie

Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit
Teach Osmond
Sráidín na gCaorach
Baile Átha Cliath 8

Teileafón: 01 417 6100
Facs: 01 4176299
R-phost: registry@csso.irlgov.ie

Tá An Rannóg um Chailliúint Éisteachta an Airm, in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit, lonnaithe ag:
Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit (An Rannóg um Chailliúint Éisteachta an Airm)
5-9 Sráid Freidric Theas
Baile Átha Cliath 2

Teileafón: 01 417 6100
Facs: 01 478 5985

INNÉACS

Ráiteas Bunchuspóra 3

Brollach leis an Ard-Aighne 4

Réamhrá leis an Ard-Stiúrthóir 5

Cuid 1: Forbhreathnú na hOifige 7

1.1 Róil agus Feidhmeanna 7

1.2 Eagrúchán, Soláthar Foirne agus Maoiniú 7

Cuid 2: Anailís ar Thimpeallacht na hOibre 8

2.1 Réamhrá 8

2.2 Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí 10

2.2.1 Cliaint: Seachtrach 10

2.2.2 Cliaint: Inmheánach 10

2.3 Cumarsáid laistigh den Oifig 11

2.4 Obair 11

2.5 Nua-Athruithe 12

2.6 Foireann 12

2.7 Coistí Comhairleacha Bainistíochta (CCB) 13

2.8 Coistí Comhpháirtíochta 13

2.9 Oifig Shráid Mhuirfean - Comhairleach 13

2.9.1 Obair Chomhairleach go Ginearálta 14

2.9.2 Reachtaíocht 14

2.9.3 Dlíthíocht 14

2.9.4 Dlí na hEorpa agus an Dlí Idirnáisiúnta 14

2.9.5 Speisialtóireacht Bhreise 15

2.9.6 Athruithe Réamh-mheasta d'Abhcóidí Comhairleacha 15

2.10 Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit 18

2.10.1 Athruithe Réamh-mheasta d'Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit 19

2.11 Oifig Abhcóide Parlaiminte an Rialtais 19

2.11.1 Athruithe sa Stíl Dréachtaithe 20

2.11.2 Tionscadal na Ríomh-Sheirbhísí Reachtaíochta 21

2.11.3 Athruithe Réamh-mheasta d'Oifig Abhcóide Parlaiminte an Rialtais 21

2.12 An tAonad um Athchóiriú an Dlí Reachtúil 21

2.12.1 Cúlra 21

2.12.2 Tionscadal an Athráitis 22

2.12.3 Comhdhlúthú agus Athchóiriú an Dlí Reachtúil agus Billí Leasaithe 22

2.12.4 Tionscadal CD-ROM 22

2.12.5 Táblaí Cróineolaíochta 22

2.12.6 Athruithe Réamh-mheasta don Aonad um Athchóiriú an Dlí Reachtúil 22

2.13 Riaracháin 23
2.13.1 Daonacmhainní 23
2.13.2 Traenáil agus Forbairt 24
2.13.3 An tAonad Airgeadais 25
2.13.4 An Coiste Iniúchóireachta agus Iniúchadh Inmheánach 25
2.13.5 An tAonad Seirbhísí 26
2.13.6 Tacaíocht Cléireachais 26
2.13.7 Bainistíocht an Athraithe 26
2.13.8 Teicneolaíocht Faisnéise agus r-Sheirbhísí Rialtais 26
2.13.9 Clárlann 27
2.13.10 Leabharlann agus Seirbhísí Fios Gnó 27
2.13.11 Athruithe Réamh-Mheasta ar Riarachán 28
2.14 An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí 29
2.15 Cúrsaí Trasrannacha, Grúpaí Oibre agus Binsí 29
2.16 Comhairleoirí dlí na Ranna 30
2.17 Foireann na hOifige mar Shaineolaithe Dlí Thar Lear 30
2.18 Saincheisteanna Dlí Idirnáisiúnta 30

Cuid 3: Príomhchuspóirí 31

Cuid 4: Feidhmiú na bPríomhchuspóirí 32

4.1 Príomhchuspóir 1 32
4.2 Príomhchuspóir 2 33
4.3 Príomhchuspóir 3 34
4.4 Príomhchuspóir 4 35
4.5 Príomhchuspóir 5 36
4.6 Príomhchuspóir 6 36

Cuid 5: Na Tosca Criticiúla Ratha chun Príomhchuspóirí a Aimsiú 38

Cuid 6: Monatóireacht agus Athbhreithniú 39

6.1 Tomhas an Ratha 39
6.2 Táscairí Feidhmíochta 39

Cuid 7: Leithdháileadh Acmhainní 41

Aguisín I: Dualgais an Ard-Aighne 42

Aguisín II: Cairt Eagraíochta 44

Aguisín III: Páirtithe Leasmhara Seachtracha 45

Aguisín IV: Coistí agus Coimisiúin 46

Aguisín V: Cuid I – Abhcóidí Comhairleach 48
Cuid II – Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit 48
Cuid III – An Abhcóide Parlaiminte 53
Cuid IV – Áonaid Riarcháin in Oifig Shráid Mhuirfean 54

RÁITEAS BUNCHUSPÓRA

Is é Bunchuspóir

Oifig an Ard-Aighne

Seirbhísí Gairmiúla Dlí den

Chaighdeán is Airde

a Sholáthar don

Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí

BROLLACH LEIS AN ARD-AIGHNE

Rory Brady SC
An tArd-Aighne

Cuirim fáilte roimh fhoilsiú an Ráitis Straitéise seo don Tréimhse 2003 – 2005, atá comhaontaithe agam le hArd-Stiúrthóir m'Oifige.

Déanann an Ráiteas Straitéise seo nuashonrú agus forbairt bhreise ar an Ráiteas Straitéise deiridh a chuimsigh an tréimhse ó 1999 – 2002. Cuireann sé san áireamh na forbairtí a tháinig ar an gcomhshaol ina bhfeidhmíonn m'Oifig agus a tharla ó foilsíodh an Ráiteas Straitéise deiridh. Agus cuireann sé san áireamh, freisin, an *Clár don Rialtas 2002 – 2007*. Léiríonn na príomhchuspóirí atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise seo an tiomantas suntasach atá ann d'fhorbairt leanúnach na hOifige agus do sholáthar seirbhísí dlí den chaighdeán is airde don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí.

Rory Brady SC
An tArd-Aighne

RÉAMHRÁ

Soláthraíonn Oifig an Ard-Aighne, trína codanna éagsúla (Comhairle, Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit, Oifig an Comhairleora Parlaiminte lena n-áirítear an tAonad um Athchóiriú an Dlí) seirbhís chuimsitheach dlí don Rialtas thar ceann an Ard-Aighne. Is gnó fiorthábhachtach crua é seo a éilíonn réamhphleanáil, mar aon le hathbhreithniú agus leasú leanúnach, chun freastal ar éilimh a bhíonn ag síor-athrú.

Eascraíonn an Ráiteas Straitéise as machnamh agus pleanáil ag an Oifig uile don trí bliana atá romhainn. Bhí baint ag an Ard-Aighne agus ag gach rannóg ar leith san Oifig le próiseas forbartha an Ráitis Straitéise seo, agus bhí páirtíocht measartha mór ann, freisin, ag Coistí Comhpháirtíochta Oifig an Ard-Aighne, Sráid Mhuirfean, agus ag Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit, faoi réir a gcomhairliúcháin le cliant-Ranna agus cliant-d'Oifigí.

Beidh na blianta amach romhainn an-dian orainn. Táimid chun tosaigh go maith maidir le Straitéis chuimsitheach nua a fheidhmiú don Teicneolaíocht Faisnéise. D'fhonn an straitéis seo a chumadh, dhírigh an oifig uile ar fhorbairt polasaithe do na príomhréimsí oibre, agus tá polasaithe curtha ar fáil againn anois don chóras bainistíochta cásanna agus taifead, do bhainistíocht doiciméad, r-Reachtaíocht, bhainistíocht eolais, bhainistíocht daonacmhainní agus airgeadais. Ba mhian liom, go speisialta, mo mhórmheas a chur in iúl, de bharr a saothair uile ar fhorbairt na bpolasaithe seo, do bhaill foirne na hOifige, lena n-áirítear na hAonaid Teicneolaíochta Faisnéise a chuir cuid luachmhar leis an bhforbairt leanúnach seo.

Finola Flanagan
Ard-Stiúrthóir

Beidh riachtanais *Chothú an Dul Chun Cinn* á gcur ar fáil againn, ar bhonn Comhpháirtíochta, laistigh de shrianta ama an Chomhaontaithe sin. Trí seo a dhéanamh, bainfear an-chuid buntáistí amach don Oifig agus do chliaint, mar shampla, foilsiú ár dTreoir Seirbhíse do Chliaint agus ár gCairt Custaiméara; an méid atá curtha againn le "Rialú Feabhsaithe" trí athráitis, chomhtháthú, athchóiriú agus chódaíocht an dlí reachtúil; foilsiú na reachtanna agus na n-ionstraimí uile ar ár láithreán gréasáin; forbairt ar ár gCóras Forbartha um Bhainistíocht Feidhmíochta; na tionscnaimh TF agus ár bpolasaí leanúnach maidir le traenáil agus forbairt na foirne.

Tá eolas, go háirithe eolas faoin dlí, ag croílár obair na hOifige. Is dúshlán mór dúinn an t-eolas seo a bhainistiú, agus a chinntiú go bhfuil saineolas á lánfhorbairt, á úsáid agus á choinneáil againn le haghaidh seachadta sainseirbhísí dlí agus eile. D'fhonn seo a bhaint amach, tá aird ar leith á dhíriú againn ar fhorbairt leanúnach na leabharlainne agus na seirbhísí faisnéise atá againn, agus ar thraenáil agus fhorbairt na foirne uile. Cinntíonn seo ar fad go bhfaigheann ár gcliaint na seirbhísí gairmiúla dlí d'ardchaighdeáin a éilíonn an ráiteas bunchuspóra.

Mar sin de, is de thoradh dhianmhacnaimh na hOifige uile ar cad iad riachtanais an Rialtais inár réimse dualgais agus conas iad a chur ar fáil, a ndearnamar roghnú cúramach ar shé "príomhchuspóirí" an Ráitis Straitéise, na straitéisí feidhmithe dóibh agus na táscairí lena n-éifeacht a mheas. Táim an-bhuíoch as an bpáirtíocht fhairsing seo. Ciallaíonn sé gur ceapadh an Ráiteas Straitéise seo, tríd is tríd, ag na daoine a chuirfidh i bhfeidhm é le pleananna gnó a éireoidh as. Léiríonn sé tiomantas fhoireann uile na hOifigí d'obair na hOifige, agus an pháirt atá ag gach duine inti. Táim ag dréim le bheith ag obair leis an bhfoireann uile á fheidhmiú, thar thréimhse an Ráitis Straitéise.

Dhírím aird ar leith ar an ról fíorthábhachtach a ghlacann rannáin riaracháin na hOifige ina bhfeidhmiú na hOifige agus i seachadadh éifeachtach na seirbhísí dlíthiúla a éilíonn an Rialtas, na Rannáin agus Oifigí. Tá cuid an-mhór curtha ag na Rannáin le forbairt an Ráitis Straitéise seo.

Finola Flanagan
Ard-Stiúrthóir

Liam O'Daly
Leas-Stiúrthóir Ginearálta

Deirbhle Murphy
Príomh-Abhcóide Parlaiminte

David J. O'Hagan
Príomh-Aturnae an Stáit

1 FORBHREATHNÚ NA HOIFIGE

1.1 RÓIL AGUS FEIDHMEANNA

Is é an tArd-Aighne comhairleoir dlí an Rialtais agus is oifigeach bunreachta é. Is iad atá mar chliaint ag an Ard-Aighne agus ag Oifig an Ard-Aighne, géag feidhmeannais an Rialtais, nó an Rialtas mar aonad, a chomhaltaí ar leith, agus na Ranna a bhfuil ceannas acu orthu. (Toisc an fhoirceadail maidir le scarúint na gcumhachtaí, tá sé tábhachtach go dtuigfí nach dtugann an tArd-Aighne comhairle dlí, de ghnáth, do ghéaga eile an Rialtais, is é sin le rá, do na géaga reachtacha nó dlíthiúla, ná don Uachtarán.) De bhua Alt 30.1 den Bhunreacht, mhír 6 den Acht Airí agus Rúnaithe 1924, agus an naoú cuid de sceideal an Achta sin, tá an tArd-Aighne freagrach as Oifig Abhcóide Parlaiminte an Rialtais agus as Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit. Is iad na príomh-fheidhmeanna atá ag Oifig an Ard-Aighne:

- comhairle dlí a sholáthar don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí
- reachtaíocht a dhréachtadh
- seirbhísí dlíthíochta a sholáthar
- seirbhísí aturnae, lena n-áirítear tíolacas agus seirbhísí idirbheartaíochta, a sholáthar.

Is é ról Oifig an Ard-Aighne, lena n-áirítear a chuid oifigeach uile, cabhair agus comhairle a sholáthar don Ard-Aighne agus é i mbun a cuid feidhmeanna comhairleacha don Rialtas agus ag comhlíonadh na bhfeidhmeanna eile a bhronnann an Bunreacht agus an reachtaíocht go sonrach air. Faoin Acht um Bhainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997, tiomnaítear do Cheannasaí na hOifige, arb é siúd an tArd-Stiúrthóir, an t-údarás chun an Oifig agus na polasaithe monatóireachta a bhaineann leis an Oifig a bhainistiú, agus chun aschuir shonraithe a sholáthar.

Tá dualgais an Ard-Aighne sonraithe in Aguisín I.

1.2 EAGRÚCHÁN, SOLÁTHAR FOIRNE AGUS MAOINIÚ

Tá foireann de 364 duine in iomlán údaraithe don Oifig faoi láthair – 127 in Oifig Shráid Mhuirfean agus 237 in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit. Tá a Cairt Eagraíochta le fáil in Aguisín II. Tá buiséad bliantúil de thart ar €44 milliún ann don Oifig i 2003, €14 milliún d'Oifig Shráid Mhuirfean agus €30 milliún d'Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.

2 ANAILÍS AR THIMPEALLACHT NA HOIBRE

2.1 RÉAMHRÁ

Tá Clár Rialtais nua, an *Clár don Rialtas, 2002 – 2007*, á chur i bhfeidhm. De réir an Acht um Bhainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997, is gá do gach Roinn agus do gach Oifig Rialtais Ráitis Straitéise nua a sholáthar. Is léir gurb iad tosaíochtaí an Rialtais, na gcliant-Ranna agus na gcliant-Oifigí a fheidhmíonn polasaí an Rialtais, a chinneann na tosaíochtaí straitéise atá ag Oifig an Ard-Aighne, mar sholáthróir sheirbhísí dlí don Rialtas. Is dúshlán don Oifig é an tslí a gcuireann sí na tosaíochtaí seo i bhfeidhm, fad a bhíonn timpeallacht bheo shásúil á cothú aici don fhoireann agus an úsáid is fearr á baint aici as a hacmhainní uile. Tá speisialtóireacht sa dlí ina Straitéis Ghinearálta ag an Oifig. Bhí sí amhlaidh, mar rogha straitéiseach ó 1995 i leith, agus luadh é i Ráitis Straitéise i ndiaidh a chéile, chun an prionsabal a neadú go domhain sa chleachtas. Is í an straitéis seo a chuir ar chumas na hOifige déileáil leis an gcastacht bhreise a d'fhás sa timpeallacht inmheánach agus sa timpeallacht dlí ina bhfeidhmíonn sí. Tá an straitéis seo ag croílár go leor roghanna straitéise eile. Tiománann sí na polasaithe a bhaineann le Bainistiú Daonacmhainní agus le Traenáil agus Forbairt na hOifige, agus soláthraíonn sí leabharlann gairmiúil, agus acmhainní agus seirbhísí taighde agus fios gnó.

Tá an méid oibre dlí san Oifig ag brath go mór ar éilimh an Rialtais, na Ranna agus na nOifigí. Tá méadú mór uirthi seo, agus an Oifig ag freastal uirthi trí speisialtóireacht bhreise an Abhcóide Chomhairligh agus an Abhcóide Parlaiminte in Oifig Shráid Mhuirfean, na n-aturnaetha agus na foirne dlí in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit, agus tríd an líon foirne atá i mbun na hoibre a mhéadú. Leis an méadú ar speisialtóireacht agus ar líon na foirne, bhí an Oifig in ann seirbhís níos fearr a sholáthar don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí. Tharla an obair bhreise de bharr leathnú mór ar chlár reachtach an Rialtais, méadú mór ar líon na ndaoine a théann i muinín dlí agus dlíthíochta, agus méadú ar ghníomhaíocht an AE agus ar an ngá atá le grinnscrúdú Oireachtais ar bhearta an AE. De bharr an mhéadú ar dhlíthíocht in aghaidh an Stáit, is gá bainistíocht straitéiseach a dhéanamh uirthi, ar a bhfuil olléilimh (.i. catagóirí éilimh ina bhfuil an-chuid cásanna comhchosúla nó cásanna a thógann an cheist dlí céanna) in aghaidh an stáit. De bharr chinneadh an Rialtais le déanaí, teorainn a chur le líon foirne na seirbhíse poiblí agus é a laghdú fiú sna trí bliana atá romhainn, ní mór don Oifig seirbhísí dá cliaint a chur in ord tosaíochta. Dushlán ar leith é seo.

Mar chuid d'fhorbairt na bpríomhchuspóirí atá leagtha síos sa Ráiteas Straitéise seo, is gá anailís a dhéanamh ar an timpeallacht ina bhfeidhmíonn an Oifig, go hinmheánach agus go seachtrach. Tá athbhreithniú dian á dhéanamh ag an Oifig ar a cuid polasaithe agus próiseas i gcomhthéacs le nua-Phlean Theicneolaíocht Faisnéise na hOifige, a bhfuil sceideal ann é a chríochnú go luath i 2005. Roghnaíodh go sonrach na tionscadail sa Phlean chun aghaidh a thabhairt ar mhórfheidhmeanna na hOifige. Feabhsóidh na tionscadail ar fad éifeacht na heagraíochta agus cinnteoidh siad go mbeidh polasaithe foirmeálta ag an Oifig sna réimsí seo agus bail níos fearr uirthi chun freastal ar na cuspóirí agus na straitéisí atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise seo. Cuirfidh siad le tiomantas na hOifige seirbhísí dlí den chaighdeán is airde a sholáthar do chliaint.

- Feabhsófar éifeacht na heagraíochta agus déanfar cuíchóiriú ar choinneáil na gcomhad le cabhair **polasaí bainistíochta comhad agus taifead** a scrúdóidh conas doiciméid, taifid agus comhfhreagras a choinneáil ar an gcomhad leictreonach fíorúil agus ar an gcomhad fisiciúil a fhreagraíonn dó, conas a riarfar iad, agus cén t-eolas is gá chun tuairiscí a chur ar fáil a fheabhsóidh bainistíocht na hOifige. Beidh forbairt an pholasaí seo ina cabhair chun córais chuí bainistíochta leictreonaigh a roghnú le haghaidh cásanna agus taifid.
- Nuair a bheidh an ríomh-**Chóras** nua **bainistíochta cásanna agus taifead** i bhfeidhm,

déanfar gach comhad, fasach agus faisnéis teagmhála sa dá Oifig a thaifeadadh, a choinneáil agus a leanúint, agus feabhsófar, freisin, éifeacht na heagraíochta trí anailís a dhéanamh ar chásanna agus ábhair, agus riachtanais na hOifige maidir le bainistíocht cásanna a uathoibriú oiread agus is féidir. Nuair a beidh an córas nua seo i bhfeidhm, beidh sé mar chóras lárnach a fhorbróidh comhéadain le príomhchórais gnó eile, chun faisnéis airgeadais agus neamh-airgeadais a sholáthar a fheabhsóidh cinnteoireacht agus rialú na mbainisteoirí, agus tomhas agus measúnú a bhfeidhmíochta, sa tslí go mbeifear in ann díriú níos fearr ar aschuir agus ar bhreis trédhearcachta in úsáid acmhainní.

- Beidh an **córas bainistíochta airgeadais** nua i bhfeidhm faoi dheireadh 2004, mar chuid de Phlean na TF, agus tabharfaidh sé faisnéis airgeadais a chuirfidh ar chumas na hOifige léiriú a thabhairt ar an tslí a gcaitear a leithdháillí Meastacháin agus a gcaitheann na baill foirne a gcuid ama.

- I gcomhthéacs le tionscnamh na ríomh-sheirbhísí Rialtais, tá tionscadal ar bun ag an Oifig i gcomhar le Tithe an Oireachtais, chun **réiteach na r-sheirbhísí Reachtaíochta** a fhorbairt agus a fheidhmiú. Beidh sé mar chuspóir leis an gcóras seo tacaíocht a thabhairt don phróiseas lena gceaptar reachtaíocht agus a ndéantar bainistiú uirthi le linn a saolré, agus gach deis a thapú chun feabhas a chur ar an bpróiseas.

- Nuair a fhorbrófar an **straitéis bainistíochta eolais** san Oifig, beifear in ann an t-eolas ann a choinneáil, a roinnt, a athúsáid agus a mhéadú, feabhas a chur ar éifeachtúlacht na heagraíochta agus a chinntiú go mbeidh bail níos fearr ar an Oifig chun dul i gceann na gcuspóirí agus na straitéisí atá leagtha síos di sa Ráiteas Straitéise seo. Cuirfidh sé le tiomantas na hOifige, freisin, seirbhísí dlí den chaighdeán is airde a sholáthar do chliaint.

- Tacóidh agus cuideoidh forbairt na **straitéise daonacmhainní** agus na bpolasaithe a bhaineann léi, le hiarrachtaí chun cultúr Comhphairtíochta, tacaíochta agus forbartha a bhaint amach san Oifig.

Mar thoradh ar athbhreithnithe, sainaithníodh nirt, laigí, deiseanna agus bagairtí, d'fhonn feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí do cliaint. Dhírigh an anailís ar thimpeallacht na hoibre aird ar thosca polaitiúla, eacnamaíocha, sóisialta agus teicneolaíocha, agus ar a dtionchar siúd ar an Oifig i réimsí mar sholáthar r-sheirbhísí Rialtais, Rialúchán Feabhsaithe agus threochtaí reatha sa chaidreamh leis an Aontas Eorpach.

Na príomhchuspóirí, straitéisí agus tosca criticiúla ratha atá sa Ráiteas Straitéise seo, tugann siad aird ar fhorbairtí a tharla sa timpeallacht ina bhfeidhmíonn an Oifig faoi láthair agus, freisin, ar an *gClár don Rialtas 2002 – 2007*. Ní mór don Oifig freastal ar na héilimh, atá ag síormhéadú, ar chomhairle, dhréachta reachtaíochta agus sheirbhísí dlí eile, ón Rialtas, ó Ranna agus ó Oifigí. Ainneoin nach bhfuil mórán de smacht ag an Oifig ar an timpeallacht an-ilghnéitheach agus an-chasta ina bhfeidhmíonn sí, ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta, polaitíochta agus dlí de, is féidir léi na caighdeáin lena bhfreagraíonn sí a shocrú trí anailís a dhéanamh ar an tionchar atá agus a bheidh acu, agus trí fhorbairt a dhéanamh ar na staitéisí is gá chun deiseanna a iolrú agus bagairtí a laghdú, d'fhonn cuspóirí na hOifige a bhaint amach.

Tá spéis ar leith á cur ag an Oifig i bhforbairt na FT laistigh de chóras na gcúirteanna. Beidh tionchar an-mhór ag na forbairtí seo ar chomhdú laethúil na n-imeachtaí, ar chumarsáid le Seirbhís na gCúirteanna agus ar stiúradh na dlíthíochta i gcoitinne. Fáiltíonn an Oifig roimh na forbairtí seo agus tá sí ag ullmhú chun páirt iomlán a ghlacadh sna hathruithe uile a bhfuil súil leo, d'fhonn leas a bhaint as na buntáistí uile agus tacú oiread agus is féidir le Seirbhís na gCúirteanna agus leis an mbreithiúntacht.

Chomhoibrigh an Oifig le Seirbhís na gCúirteanna agus a comhairleoirí chun straitéis TF a fhorbairt sna cúirteanna. Tá baill d'fhoireann dlí agus TF na hOifige, freisin, ina mbaill den Ghrúpa um Ríomhairiú atá ag an gCúirt Uachtarach. Tá an Oifig tiomanta a bheith i dtosach na n-oifigí dlí, agus lánchumasach le leas a bhaint as an tseirbhís nua. Cuireadh in iúl don Oifig go bhfuil sé i gceist píolótú a dhéanamh ar chleachtais roghnaithe TF i gcás achomhairc chuig an gCúirt Uachtarach, agus thairg sí páirt a ghlacadh sna cleachtais phíolótacha seo.

Tá go leor tionscnamh curtha sa siúl ag an Oifig, freisin, chun freastal ar riachtanais forleathna a gcliant. San áireamh tá:

- Clár um athchóiriú agus chomhdhlúthú an dlí reachtúil ag Aonad Achóirithe an Dlí Reachtúil, tionscadal Athráitis an Aonaid agus a bhaint le tionscnamh an Rialúcháin Fheabhsaithe trí pholasaí a fhorbairt chun rochtain ar an dlí reachtúil agus comhsheasmhacht inti a fheabhsú.
- Leabhar Reachtaíochta na hÉireann ar CD ROM, 1922 go 2001, a foilsíodh i 2002 agus a nuashonraíonn láithreán gréasáin na hOifige.
- An Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (CECD), traenáil agus oiliúint fhoireann dlí na státseirbhíse i réimsí ginearálta de dhlí CECD agus ina sainréimsí speisialtóireachta.
- An Seicliosta Dréachtaí agus na Treoirlínte faoi ullmhú Ionstram Reachtúla ó Oifig an Abhcóide Parlaiminte a scaipeadh ar Ranna agus ar Oifigí.
- Cruinniú débhliantúil Ard-Aighní agus Phríomh-Bhreitheamh Bhallstát an Aontais Eorpaigh a óstáil i Farmleigh i mBealtaine, 2002.
- Comhdháil Idirnáisiúnta ar an téama *Dréachtú Reachtanna – Treochtaí Reatha* a óstáil i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i nDeireadh Fómhair, 2000.
- Abhcóide Comhairleach ón Oifig a shannadh seal trí mhí chun oibriú le Breitheamh Éireannach ar Chúirt Bhreithiúnais na hEorpa.
- Páirtíocht i gcúrsaí *CMOD* faoin bpróiseas reachtach, a chuimsíonn léacht ón Abhcóide Parlaiminte, mar chuid den chúrsa.

Tá aithne curtha ag an Oifig ar na príomhpháirtithe leasmhara ón taobh amuigh a mbítear ag plé leo agus a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chumas na hOifige seirbhísí dlí den chaighdeán is airde a sholáthar. Léiríonn an léaráid in Aguisín III na páirtithe leasmhara seo.

2.2 SEIRBHÍS ARDCHAIGHDEÁIN DO CHUSTAIMÉIRÍ

2.2.1 Cliaint: Seachtrach

Is é an Rialtas, a chomhaltaí ar leith agus na Ranna a bhfuil siad i gceannas orthu, príomhchliaint an Ard-Aighne agus a Oifige. Glacann an Oifig páirt, freisin, i líon suntasach Coistí agus Coimisiún atá liostáilte in Aguisín IV. Go héifeachtach, déileálann an fhoireann le hoifigigh rannacha agus cothaíonn siad dea-chaidreamh oibre leo. Freastaíonn an Ard-Aighne ar chruinnithe Rialtais agus comhairlíonn sé an Rialtas ar cheisteanna a ardaítear. Níl aon ról ag an Oifig, trína hobair chomhairleach, i gceapadh pholasaithe an Rialtais, ach nuair a bhíonn baill na hOifige páirteach i ngrúpaí idir-rannacha, is minic a bhíonn comhpháirt acu, le baill eile an ghrúpa, i gcumadh tuairiscí agus moltaí.

Cé go bhfuil seirbhísí do chliaint feabhsaithe ag an Oifig le blianta beaga, tá dushlán roimpi anois a tiomantas maidir le seirbhísí ardchaighdeáin dlí a sholáthar do chliaint a neartú agus a leathnú. An tiomantas seo maidir le seirbhís ghairmiúil den chaighdeán is airde a sholáthar le haird ar riachtanais na gcliant, tá sé leagtha amach ag an Oifig sa *Treoir Seirbhíse do Chliaint, 2002 – 2004*. Tuigeann an Oifig gur réamhriachtanas é comhoibriú an Rialtais, na Ranna agus na nOifigí, má táthar le seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar. Chuige sin, tá cur síos ag an Oifig sa Treoir Seirbhíse do Chliaint ar shainbhearta chun caighdeán na seirbhísí a fheabhsú, agus aistuairimí luachmhara a fháil ó chliaint faoi raon, sórt agus chaighdeán na seirbhíse atá ar fáil. Geallann an Oifig Tuarascáil Bhliantúil a fhoilsiú i nGaeilge agus i mBéarla ar a cuid imeachtaí, lena n-áirítear tuairisc ar an dul chun cinn maidir le gealltaí do chliaint a chomhlíonadh.

2.2.2 Cliaint: Inmheánach

Is mó de dhúshlán é seirbhísí ardchaighdeáin a chur ar fáil go gasta don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí, nuair atá an t-ualach oibre san Oifig ag síormhéadú. Tuigeann an Oifig go bhfuil caighdeán na seirbhíse a sholathraíonn an fhoireann do chliaint sheachtracha na hOifige ag brath cuid mhór ar an gcaighdeán

tacaíochta a chuirtear ar fáil dóibh féin go hinmheánach. Bheadh sé san áireamh a chinntiú go bhfuil leoracmhainní ar fáil don fhoireann trí thraenáil chuí, thacaíocht riaracháin agus cléireachais, FT agus leabharlann/faisnéis, agus sheirbhísí bainistíochta eolais. Sna cúinsí atá ann, tuigeann an Oifig gur gá uasleas éifeachtúil a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil agus freastal ar mhian na foirne go mbeadh timpeallacht níos oscailte agus níos sásúla acu. Chuige seo, geallann an Oifig tacaíocht chuí don fhoireann agus rachaidh sí i gcomhairle leo faoi cheisteanna a bhaineann le soláthar seirbhísí agus gléas a chur orthu lena gcuid feidhmeanna a chomhlíonadh. Féachtar ar thiomantas na foirne mar cheann de phríomhnirt na hOifige. Tá an Oifig tiomanta do pholasaí forbartha foirne a chinnteoidh go mbeidh foireann oibre i gcónaí aici atá sciliúil agus spreagtha chun oibre.

I ngach cúrsa ionduchtaithe agus traenála leanúnaigh don fhoireann cuirtear béim láidir ar an gceangal atá ar bhaill foirne faoin Acht um Rúin Oifigiúla agus faoi dhualgais ghairmiúla na rúndachta, agus gur gá seirbhís oibiachtúil, neamhspleách, eiticiúil a thabhairt. Tá an Oifig tiomanta do phrionsabail an chomhionannais, go háirithe mar atá sin cumhdaithe san Acht um Comhionannas Fostaíochta agus san Acht um Stádas Comhionann, maidir le fostú, forbairt agus ardú céime na foirne, agus roghnú na gcomhairleoirí seachtracha agus na gcomhairleach.

2.3 CUMARSÁID LAISTIGH DEN OIFIG

Aithníonn an Oifig, má tá sí le feidhmiú go héifeachtach, gur gá cumarsáid mhaith idir na baill foirne uile. Go háirithe, tá géarghá le cumarsáid éifeachtúil idir an bhainistíocht agus baill foirne eile, má tá timpeallacht shítheach thorthúil le bheith ann.

Tá Coistí Comhpháirtíochta ag feidhmiú in Oifig Shráid Mhuirfean agus in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit le roinnt blianta anuas a bhfuil mórán curtha i gcrích acu sa réimse seo. Tá an chumarsáid á coinneáil mar chroí-acmhainn oifige ag Coiste Comhpháirtíochta Oifig Shráid Mhuirfean sa chéad thimthriall bliana eile den chóras feidhmíochta agus bainistíochta. Dá thoradh seo, beidh foireann Oifig Shráid Mhuirfean ag díriú ar an gcumarsáid, go seachtrach ó thaobh na hOifige de agus go hinmheánach maidir le forbairt an duine, sa chéad bhliain den Ráiteas Straitéise seo. Tá fo-choiste ionadaíoch bunaithe ag an gCoiste Comhpháirtíochta in Oifig Shráid Mhuirfean chun cumarsáid inmheánach na hOifige a scrúdú agus moltaí a dhéanamh ina taobh. Tá gnásanna cumarsáide inmheánaí forbartha, freisin, ag an gCoiste Comhpháirtíochta in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit. Ní féidir ró-tábhacht a dhéanamh den gá atá le soláthar raon meicníochtaí éagsúla, cuí, éifeachtacha do sholáthróirí na seirbhísí dlí.

Is léir don Oifig gur gá a chinntiú go mbeidh deis ag gach ball foirne páirt a ghlacadh ina f(h)orbairt féin. Chuige seo, cuirfidh an Oifig roimpi a chinntiú go mbeidh deis chothram ag gach ball foirne a bheith páirteach i ngrúpaí oibre agus i gcoistí inmheánacha agus seachtracha a dhíríonn ar ghnéithe d'fhorbairt na hOifige. Aithníonn an Oifig, freisin, gur gá athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar éifeacht na hOifige, ar a cleachtais agus gnásanna. Tá sé mar cheann d'fhócais na staidéar ar fheidhmiú Phlean na TF, athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtais agus ghnásanna reatha chun bealaí níos fearr a aimsiú le seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar. Tá an dea-chumarsáid bunúsach d'éifeachtúlacht na gcleachtas agus na ngnásanna Oifige, agus tá sí ar cheann de na ceisteanna a scrúdófar i gcomhthéacs lena n-atheagrú.

2.4 OBAIR

Tá ionad ar leith ag an Oifig i measc na gcleachtas dlí de bharr scóip agus ilghnéitheacht na hoibre a dhéantar. Cuimsíonn sí, freisin, an cineál oibre a dhéanfadh dlíodóirí príobháideacha lena n-áirítear aturnaetha príobháideacha, abhcóidí cleachtais agus dlíodóirí acadúla. Ach, cuimsíonn obair na hOifige go leor a bhaineann sa chéad áit le hoifig dlí phoiblí; ag comhairliú, mar shampla, faoi reachtaíocht agus á dréachtú, ag comhairliú faoi ábhair dlí phoiblí, ag comhairliú faoi ionstram agus polasaí dlí atá á mbeartú ag an AE, ag cosaint athbhreithnithe breithiúnacha in aghaidh an Stáit agus ag déileáil le maoin an Stáit.

Cuimsíonn obair dhlíthiúil na hOifige anailís agus réiteach ar fhadhbanna a chuireann an Rialtas, na Ranna agus na hOifigí faoina bráid maidir le réimsí riaracháin phoiblí. Go minic is gá measúnú a dhéanamh, ar fhógra gearr uaireanta, ar na himpleachtaí dlí a bhaineann le scéimeanna agus le fíricí casta, tuiscint a fháil ar an gcúlra as a n-éiríonn ceist, agus taighde tábhachtach a dhéanamh chun freagra lánsásúil a thabhairt ar cheist. Bíonn baint go minic ag na ceisteanna seo le himeachtaí agus le cinntí poiblí atá an-tábhachtach agus conspóideach.

Go minic bíonn práinn ag baint le hiarratais ar chomhairle, dhréachtaí reachtaíochta, dhlíthíocht, thíolacthaí agus obair idirbheartaíochta eile. Ní mór don Oifig a bheith in ann freagra a thabhairt ar éilimh dá sórt agus a bheith solúbtha go leor maidir lena cleachtais agus scileanna chun tosaíochtaí nua oibre a roghnú agus an cheist a fhreagairt mar is gá.

Bíonn cur chuige comhaontaithe agus comhordaithe ag an Oifig i gcónaí maidir le dlíthíocht agus seirbhísí dlí. Tá taithí agus domhaintuiscint aici ar mhórán sainréimsí dlí nach bhfaighfí nó nach mbeadh leorfhorbartha, b'fhéidir, i ngnólachtaí príobháideacha dlí. Bunaíodh roinnt tionscnamh bainistíochta eolais, lena n-áirítear fostú oifigigh 'fios gnó' agus forbairt bunachar sonraí fios gnó dlíthiúla, chun eolas a scaipeadh go héifeachtach agus an chomhsheasmhacht i gcomhairlí dlí a éascú. Tá straitéis maidir le bainistíocht faisnéise níos fearr á forbairt faoi láthair i gcomhthéacs le Plean TF na hOifige. Is é cuspóir na straitéise seo creat a sholáthar le heolas ar eagrú na hOifige a shainaithint, a shealbhú, a sholáthar agus a athúsáid, d'fhonn éifeachtacht na oibre agus an soláthar de sheirbhísí ardchaighdeáin dlí a fheabhsú.

2.5 NUA-ATHRUITHE

Tá tréimhse athruithe curtha isteach ag an Oifig le blianta beaga anuas, le feabhsuithe an-mhóra i gcúrsaí foirne, eagrúcháin agus teicneolaíochta faisnéise.

Cuimsíonn na forbairtí seo;

- seoladh an Tionscnaimh um Bhainistíocht Straitéisí;
- seoladh an Chórais um Bhainistíocht Feidhmíochta agus Forbartha;
- forbairt leanúnach agus aird dírithe ar speisialtóireacht an Abhcóide Chomhairligh;
- toiliú na hOifige le forálacha an Acht um Bhainistíocht na Seirbhíse Poiblí;
- forbairt ar an bpróiseas forbartha pleanála;
- fócas níos mó ar Sheirbhís Ardchaighdeáin do Custaiméirí;
- forbairt agus feidhmiú Plean TF nua.

Tá aird bhreise dírithe ag forbairtí dá sórt ar an ngá go mbeadh an Oifig níos sofhreagarthaí ar riachtanais na gcliant, dírithe níos mó ar fheidhmíocht agus ar thorthaí, agus go mbeadh sí in ann sárluach ar airgead a thabhairt. Le bunú an Aonaid um Bhainistíocht an Athraithe, a thugann seirbhís d'Oifig Shráid Mhuirfean agus d'Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit araon, tá an Oifig, de bhun na bhforbairtí seo, in ann cur chuige níos comhordaithe a ghlacadh chun clár athruithe a fheidhmiú.

2.6 FOIREANN

Feidhmíonn an Oifig, nuair a chuirtear a hualach oibre agus a réimse imeachtaí san áireamh, le líon réasúnta beag de dhlíodóirí gairmiúla, de bhaill foirne ghairmiúla, theicniúla agus riaracháin, agus d'fhoireann speisialaithe conarthaí. Mar chuid dá feidhm seirbhísí dlíthíochta a sholáthar do Ranna Rialtais, fostaíonn an Oifig abhcóidí cleachtais chun a bheith i láthair sna cúirteanna thar ceann an Stáit. Uaireanta, iarrann an Oifig comhairle ó abhcóidí cleachtais i gcás speisialtachtaí neamhdhlíthíocha. Fostaítear aturnaetha príobháideacha ó am go chéile, más gá. Ina cuid oibre, bíonn teagmháil agus plé rialta ag an Oifig le cleachtóirí príobháideacha, agus iad ón gcoigríoch uaireanta. Bíonn comhoibriú suntasach leanúnach idir dlíodóirí na hOifige agus comhairleoirí dlí na Roinne. Iarrtar comhairle ar dhlíodóirí acadúla ó am go chéile.

Feidhmíonn dlíodóirí na hOifige i dtimpeallacht choláisteach. Tugann siad comhairle dlí atá neamhspleách agus oibiachtúil, ar na ceisteanna a ardaítear.

Tá rath na hOifige ag brath go mór ar fhoireann tacaíochta d'ardchaighdeán, agus ar chórais atá bunaithe ar theicneolaíocht faisnéise fhoirfe agus ar straitéis bainistíochta eolais.

Tá a rannáin riaracháin féin ag Oifig Shráid Mhuirfean agus ag Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit, le foireann a sholáthraíonn Seirbhísí Daonachmhainní, Airgeadais, Traenála agus Forbartha, Tacaíocht Cléireachais, Clárlann, Iniúchóireacht Inmheánach agus Bainistíocht chomhpháirteach um Athruithe, Teicneolaíocht Faisnéise agus Seirbhísí Leabharlainne, agus tá Oifigí Príobháideacha ann don Ard-Aighne, Ard-Stiúrthóir, Phríomh-Abhcóide Parlaiminte agus Phríomh-Aturnae Stáit.

2.7 COISTÍ COMHAIRLEACHA BAINISTÍOCHTA (CCB)

Féachfaidh na Coistí Comhairleacha Bainistíochta (CCB) chuige feasta go gcomhphléifear gach cinneadh straitéiseach gnó nó bainistíochta don Oifig i gcomhpháirt leis an mbainistíocht, leis na ceardchumainn agus leis an bhfoireann, sula ndéantar aon fhorbairt bhreise ar cheisteanna ábhartha. Bíonn cruinnithe míosúla ag na Coistí Comhairleacha Bainistíochta ar leith in Oifig Shráid Mhuirfean agus in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit. Mar aon le dlíodóirí sinsireacha, tá na Ceannasaithe Riaracháin sa dá Oifig ina mbaill de CCB freisin. Bíonn cruinnithe seachtainiúla, freisin, in Oifig Shráid Mhuirfean, idir an Ard-Stiúrthóir, an Leas-Ardstiúrthóir agus Comhordaitheoirí Ghrúpa na nAbhcóidí Comhairleacha chun ceisteanna dlí a phlé, agus cruinnithe seachtainiúla idir an Phríomh-Abhcóide Parlaiminte agus Comhordaitheoirí Ghrúpa na nAbhcóidí Parlaiminte chun ceisteanna dréachtaithe a phlé. Gach dara mí bíonn comhchruinniú ag CCB Oifig Shráid Mhuirfean / Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit. Cuirtear clár gnó agus miontuairiscí na gcruinnithe CCB ar fáil do gach ball foirne in Oifig Shráid Mhuirfean ar chóras Bunachair Sonraí de chuid Nótaí Lotus. Déanfaidh CCB athbhreithniú ó am go chéile ar fheidhmiú na straitéisí atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise seo.

2.8 COISTÍ COMHPHÁIRTÍOCHTA

Aithníonn an Oifig a thábhachtaí atá sé leanúint leis an gcur chuige comhpháirtíochta a thionscnaíodh le Comhpháirtíocht 2000, chun cultúr an athraithe a fhorbairt san Oifig. Bhí an cur chuige comhpháirtíochta seo mar bhonn leis na hathruithe a baineadh amach cheana agus leanfar leis i rith tréimhse an Ráitis Straitéise seo. Tá Coistí Comhpháirtíochta bunaithe in Oifig Shráid Mhuirfean agus in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit ó 1999. Tá ionadaíocht leathan Oifige ar an dá choiste seo, pléann siad le croí-ábhair a bhaineann leis an Oifig agus le feidhmiú an SMI, lena n-áirítear an Córas um Bhainistíocht agus Fhorbairt Feidhmíochta. Tá fochoistí Comhpháirtíochta in Oifig Shráid Mhuirfean ag scrúdú ceisteanna mar an gCóras um Bhainistíocht agus Fhorbairt Feidhmíochta, Traenáil agus Forbairt, agus freisin, an Chumarsáid ghinearálta laistigh den Oifig. Glacfaidh na Coistí Comhpháirtíochta ról riachtanach i bhfeidhmiú na straitéisí atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise seo.

2.9 OIFIG SHRÁID MHUIRFEAN - COMHAIRLEACH

Tá Abhcóide Comhairleach amháin is tríocha ann. Níor mhór d'Abhcóide Comhairleach, leis na riachtanais iontrála a bhaint amach, bheith ag cleachtadh mar abhcóide ar feadh tréimhse trí bliana, ar a laghad. Mar sin, tá an ghairmiúlacht choláisteach mar bhunmheon san Oifig.

Ní mór d'Abhcóidí Comhairleacha comhairle oibiachtúil, neamhspleách a thabhairt i dtaobh na gceisteanna a chuirtear orthu. Ag brath ar thábhacht nó íogaireacht saincheiste ar leith, tig leo comhairle dhíreach a chur ar an Roinn nó áitithe a ullmhú don Ard-Aighne a úsáidfidh sé i gcumadh na comhairle. Ar na feidhmeanna áirithe atá ag Abhcóide Comhairleach, is iad na príomhchinn, Ranna a chomhairliú go ginearálta nó faoi dhréacht-reachtaíocht, agus cabhrú le stiúradh dlíthíochta a bhaineann leis an Stát.

Seo a leanas na feidhmeanna sin:

2.9.1 Obair Chomhairleach go Ginearálta

Iarrtar comhairle i ngach réimse a bhaineann le hobair na Ranna Rialtais ar fad. Tá leithead ollmhór ag an raon ábhair seo, lena n-áirítear ceisteanna dlí a bhaineann le cúrsaí intíre, cúrsaí an AE, cúrsaí idirnáisiúnta agus bunreachtúla.

2.9.2 Reachtaíocht

Tugann Abhcóidí Comhairleacha comhairle do Ranna ar Scéimeanna ginearálta le haghaidh reachtaíochta, ar cheisteanna dlí a éiríonn le linn dréachtú reachtaíochta atá príomhúil nó tánaisteach, agus ar leasuithe bunreachtúla. Sna cásanna seo, oibríonn an Abhcóide Comhairleach go dlúth leis an Abhcóide Parlaiminte agus leis an Ard-Aighne ar chomhairle dlí nó bunreachtúil faoi shaincheisteanna ar leith a chuireann an Abhcóide Parlaiminte chucu. Comhairlíonn Abhcóidí Comhairleacha na Ranna, freisin, i dtaobh saincheisteanna dlíthiúla a ardaítear le linn idirbheartaíochta faoi dhréacht-reachtaíocht Eorpach sa Bhrúiséal.

2.9.3 Dlíthíocht

Tugann Abhcóidí Comhairleacha cabhair chun dlíthíocht a bhaineann leis an Stát a stiúradh, agus iarrann siad saintreoracha ón Ard-Aighne nuair is gá. Déileálann siad, ní hamháin le cásanna aonair, ach le ceisteanna tábhachtacha ginearálta, freisin, ar nós, conas déileáil le catagóirí olléileamh (.i. catagóirí éilimh a chuimsíonn mórán cásanna comhchosúla nó cinn a ardaíonn an cheist chéanna dlí). Oibríonn Abhcóidí Comhairleacha go dlúth le haturnaetha agus le feidhmeannaigh dlí in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit agus le hAturnaetha Stáit ar fud na tíre. Tugann na hAbhcóidí Comhairleacha comhairle faoi gach dlíthíocht díobhála neamh-phearsanta in aghaidh an Stáit agus faoi roinnt dlíthíochta díobhála pearsanta a bhfuil baint ag an Stát léi. Cuimsíonn dlíthíocht intíre éilimh ar athbhreithniú breithiúnach a bhaineann go minic le dúshláin faoi chinneadh íoschúirte nó chinneadh Aire nó Gníomhaireachta Stáit. Cuimsíonn sí, freisin, dúshláin bhunreachtúla faoi reachtaíocht, agus éilimh gur sáraíodh cearta bunreachtúla i raon ilghnéitheach ábhar; mar shampla, oideachas speisialta, ionannas agus frith-idirdhealú, tearmann agus inimirce, ionchúisimh iascaigh, an dlí pleanála, dlínse na gcúirteanna, scaoileadh príosúnach agus tarchur pianbhreitheanna, eiseachadadh, agus dlí an Achta um Shaoráil Faisnéise.

Ó Nollaig 2001, tá an Ghníomhaireacht um Éilimh i gcoinne an Stáit freagrach as na héilimh díobhála pearsanta a tarmligeadh chucu. Is catagóirí éilimh iad seo, a meastar go bhféadfaí iad a réiteach gan mhoill. Tugann na hAbhcóidí Comhairleacha comhairle leanúnach faoi na héilimh díobhála pearsanta úd nach bhfuil tarmligthe chuig an nGníomhaireacht um Éilimh i gcoinne an Stáit.

Cé go dtugtar mionteagasc d'abhcóidí maidir le láithriú i gcúirt don Stát agus na doiciméid is gá a ullmhú, de ghnáth bíonn Abhcóide Comhairleach ag stiúradh na dlíthíochta, agus é ag tabhairt feidm do theagasc na gcliant-Ranna atá bainteach leis an dlíthíocht agus do threoracha an Ard-Aighne. Tá de bhuntáiste ag na hAbhcóidí Comhairleacha go bhfuil forbhreathnú acu ar dhlíthíocht a bhaineann leis an Stát agus déanann siad iarracht dearcadh straitéiseach a ghlacadh, chomh maith le heolas a thabhairt do chliant-Ranna, maidir le hiarmhairtí na dlíthíochta dóibh féin agus do Ranna Stáit eile.

2.9.4 Dlí na hEorpa agus Dlí Idirnáisiúnta

Tugann Abhcóidí Comhairleacha comhairle faoi stiúradh na dlíthíochta Eorpaí agus idirnáisiúnta, ar nós dhlíthíocht an AE atá faoi bhráid Chúirt Breithiúnais na hEorpa (CBE) agus Chúirt Chearta an Duine i Strasburg, agus in eadráin idirnáisiúnta ar nós chás MOX. Bíonn teagmháil leanúnach idir na hAbhcóidí Comhairleacha agus Rannóg Dlí na Roinne Gnóthaí Eachtracha maidir le saincheisteanna dá sórt.

Tá Grúpa Comhordaithe don AE ag an Oifig a dhéileálann le heilimintí dlíthiúla de na forbairtí tábhachtacha atá ar siúl san Aontas Eorpach. Gné d'obair an Abhcóide Chomhairligh le mórán blianta ab ea comhairle dlí nó bunreachtúil a thabhairt faoi dheiseanna a éiríonn as ballraíocht na hÉireann san Aontas Eorpach. Tá Abhcóide Comhairleach sannaithe

ag an Oifig ó 1996 mar Chomhairleoir Dlí ar iasacht do Bhuanionadaíocht na hÉireann sa Bhruiséal, chun freastal ar an ngá le comhairle dlí nuair a bhí idirbheartaíocht ar siúl faoi ionstraim Eorpacha agus chun comhairle dlí ginearálta a sholáthar maidir le ballraíocht na hÉireann san Aontas. Buneilimint i bhfeidhmiú éifeachtach na Buanionadaíochta agus na hOifige ab ea ról an Abhcóide Chomhairligh. Tá tadhall agus comhoibriú dlúth leanúnach idir an Oifig agus Rannán Dlí na Roinne Gnóthaí Eachtracha lena chinntiú go bhfuil cur chuige comhsheasmhach agus comhordaithe sa chomhairle dlí a chuireann an státseirbhís ar fáil.

Sannann an Stát Abhcóidí Comhairleacha, freisin, mar shaineolaithe náisiúnta ar fhóraim áirithe idirnáisiúnta (féach Alt 2.17).

2.9.5 Speisialtóireacht Bhreise

Caithfidh saineolas a bheith ag Abhcóidí Comhairleacha ar dhlí na bunreachta, na hEorpa, chearta an duine agus riaracháin. Bíonn tionchar ag na réimsí seo ar chomhairle na nAbhcóidí Comhairleacha, cibé réimsí dlí a ndéanann siad speisialtóireacht iontu.

Tá na hAbhcóidí Comhairleacha roinnte i nGrúpaí, agus díríonn gach grúpa acu ar líon áirithe réimsí dlí, cuid acu a thiteann laistigh den réimse ginearálta céanna (féach Aguisín V). Tá Comhordaitheoir ag gach Grúpa a chomhlíonann meascán de dhualgais ghairmiúla agus bainistíochta. Tá ceathrar nó cúigear Abhcóidí Comhairleacha i ngach Grúpa, agus beirt nó níos mó sannaithe do speisialtóireachtaí ar leith. Bíonn tacaíocht riaracháin ar fáil do gach Grúpa ó bheirt oifigeach cléireachais tiomnaithe a mbíonn taithí acu ar ghnó an Ghrúpa. Is aonad gnó ar leith é gach Grúpa, chun críche na bainistíochta.

Thosaigh speisialtóireacht na nAbhcóidí Comhairleacha, a bhfuil tagairt di thuas, in Oifig Shráid Mhuirfean i 1995. Coinnítear an straitéis seo faoi athbhreithniú. I 2001, rinne an Oifig iarracht sainaithne a chur ar na speisialtóireachtaí a bhféadfaí atosaíochtaí a roghnú dóibh nó iad a chur i leataobh, na cinn a raibh dóthain saineolais faighte futhu agus na nua-réimsí dlí laistigh den Oifig a mbeadh speisialtóireacht shubstaintiúil bhreise de dhíth iontu. I ndiaidh an athbhreithnithe seo agus Abhcóidí Comhairleacha breise a earcú, bhunaigh an Oifig cúig Ghrúpa speisialtóireachta i Nollaig, 2001. Sannaíodh na réimsí speisialtóireachta a bhí cuimsithe ag an gcéad thrí Ghrúpa ar an gcúig ghrúpa nua, mar aon le réimsí nua dlí ar chosúil go n-iarrfaí comhairle ar an Oifig ina dtaobh.

Le fás na hOifige agus leis an speisialtóireacht bhreise, tá gá anois le córais leictreonacha a chinnteoidh go bhfuil gach Abhcóide Comhairleach agus Abhcóide Parlaiminte ar an eolas faoin gcomhairle a tugadh ar shaincheisteanna comhchosúla nó comhthreormhara ag Abhcóidí Comhairleacha nó Abhcóidí Parlaiminte eile.

Trí straitéis bainistíochta eolais a fhorbairt, mar atá léirithe in áit eile sa Ráiteas Straitéise (Alt 2.13.10), cinntítear go bhfuil teacht ar eolas seachtrach agus ar chomhairlí inmheánacha na hOifige atá ábhartha. Bíonn cruinnithe rialta ann, freisin, chun ceisteanna dlí a phlé agus chun gach comhairle a théann amach i réimsí speisialtachta áirithe a scaipeadh, d'fhonn aird na nAbhcóidí Comhairleacha agus na ndlíodóirí eile a dhíriú ar chomhairle a bhí tugtha ag a gcomhghleacaithe.

Tá sonraí tugtha i gCuid I d'Aguisín V ar na Grúpaí agus ar a réimsí speisialtóireachta.

2.9.6 Athruithe Réamh-mheasta d'Abhcóidí Comhairleacha

Beidh tionchar ag athruithe sa timpeallacht dlíthiúil ina gcuireann an Oifig seirbhísí ar fáil ar réimsí oibre na hAbhcóidí Comhairleacha agus ar an slí a gcuirfidh siad an obair sin i gcrích sna trí bliana atá romhainn.

- Is cosúil go mbeidh Bille Choinbhinsiún na hEorpa um Chearta an Duine (CECD) á achtú i 2003 agus go mbeidh ar shlánaonaid an Stáit caighdeáin an Choinbhinsiúin a chur i gcrích i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna. Níl amhras ann ach go mbeidh méadú ar na héilimh ar chomhairle faoi shaincheisteanna CECD, faoina thionchar ar reachtaíocht atá ann nó atá beartaithe agus faoi dhlí-eolaíocht intíre.
- Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an Oifig faoi láthair ar an dóigh a bhfuil dlíthíocht an AE

á stiúradh ag an Stát os comhair Chúirt Breithiúnais na hEorpa. Tá roinnt athruithe tugtha isteach ag Conradh Nice maidir le gnásanna os comhair na Cúirte agus tharlódh dá thoradhsan go mbeadh, don chéad uair riamh b'fhéidir, Seomraí Cúirte ann atá comhdhéanta de bhreithimh nach dtagann ó thraidisiún an dlí choitinn. Mar sin, is cuí go ndéanfaí scrúdú ó bhonn anois ar chur chuige na hÉireann i leith a gnásanna dlíthíochta san AE agus ar aireagáin an Stáit os comhair na Cúirte. Beidh gá le comhairle agus comhoibriú na Ranna Rialtais i dtaobh moltaí faoi athruithe nó struchtúir nua a éireoidh ón athbhreithniú seo.

- Le himeacht ama, láimhseálfaidh an Ghníomhaireacht um Éilimh i gcoinne an Stáit formhór na n-éileamh a dhéantar ar an Stát de bhun díobhála pearsanta. Tá fóraim nua cúitimh á mbeartú, ar nós an Bhoird um Mheasúnú Díobhála Pearsanta agus an Bord Sásaimh, i dtaca le mí-úsáid leanbaíochta. Tá an chosúlacht ann go laghdóidh siad seo cuid den ualach dlíthíochta atá ar na hAbhcóidí Comhairleacha, ach go méadóidh siad, b'fhéidir, gnéithe eile den obair ar nós athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh ar na cinntí a rinne roinnt bord nua.

- Tá scóip bhreise ann don chomhordú, toisc go bhfuil sainghrúpaí de na nAbhcóidí Comhairleacha ag déileáil le sainchatagóirí cásanna. Éascóidh an comhordú seo bainistiú straitéiseach ar dhlíthíocht an Stáit feasta.

- Agus tús á chur le Grinnscrúdú Oireachtais ar ionstraim an CE/AE, iarrfar comhairle dlí ag céimeanna níos luaithe d'fhorbairt na n-ionstram agus laistigh de spriocanna teanna ama. I gcásanna áirithe, iarrfaidh Ranna comhairle ar an Oifig agus iad ag ullmhú fógraí don Oireachtas faoi reachtaíocht an CE/AE atá ar na bacáin. Tharlódh sé go mbeidh comhairle de dhíth ar Ranna le linn ionstram a bheith á n-idirbheartú, i gcomhthéacs le tuairisciú do Thithe an Oireachtais faoin seasamh a glacadh ar shaincheisteanna áirithe. I gcás mórán ionstram, beidh baint ag Abhcóidí Comhairleacha leo ag céim níos túisce.

- Tá méadú sách mór tagtha ar obair dhlithiúil an AE le tamall anuas, agus tá an cuma air go leanfaidh sin le linn tréimhse an Ráitis Straitéise seo. Bíonn an Coinbhinsiún ar Thodhchaí na hEorpa, ach go háirithe, ag cothú gá i gcónaí le comhairle bhuan leanúnach dlí. Beidh Uachtaránacht an Aontais ag Éirinn i 2004 agus meastar, dá thoradh sin, go méadófar an t-éileamh ar chomhairle dlí sna réimsí sin de dhlí an AE a gcuirfidh an Uachtaránacht ionstraim nó tionscnaimh nua dlíthiúla chun cinn iontu. Beidh an Oifig freagrach, freisin, as cathaoirleacht a ghlacadh ar roinnt coistí agus grúpaí oibre dlíthiúla. Féachfaidh an Chomhdháil Idir-rialtasach a bheidh mar chríoch leis an gCoinbhinsiún le comhaontú a fháil ar dhréacht-Chonradh Bunreachtúil nua don Aontas. Ardóidh an próiseas seo, agus an gá a bheidh le reifrinn, b'fhéidir, saincheisteanna tábhachtacha dlí agus bunreachta. Tá an chosúlacht ann go mbeidh gá le speisialtóireacht bhreise i ndlí institiúideach agus bunreachtúil an AE toisc athruithe a thiocfaidh ar an CE/AE de bharr an Choinbhinsiúin.

- Tá an chosúlacht ann go dtiocfaidh méadú ar shainréimsí rannógacha d'obair an AE sna trí bliana atá romhainn. Beidh méadú substaintiúil ar an obair i réimsí a bhaineann le ceartas agus gnóthaí baile, cearta daonna, comhionannas agus cóireáil chothrom, comhshaol agus an dlí príobháideach idirnáisiúnta, de réir mar a fheidhmeoidh an tAontas Eorpach le breis inniúlachta sna réimsí seo.

- Tá athbhreithniú á dhéanamh san Oifig faoi láthair ar idirghabhálacha an Stáit i gcásanna atá os comhair Chúirt Bhreithiúnais na hEorpa. Tá Abhcóide Comhairleach ón Oifig sannaithe ar feadh tréimhse trí mhí chun oibriú le Breitheamh Éireannach ar Chúirt Bhreithiúnais na hEorpa agus tuiscint níos fearr a fháil ar Chúirt Bhreithiúnais na hEorpa, ar Choimisiún na hEorpa agus ar chur chuige na mballstát agus na bpáirtithe eile i leith na dlíthíochta seo. Beidh an próiseas seo á athfheidhmiú ag dlíodóirí eile. Ba bhuntáiste é don Stát dá mbeadh Abhcóide Comhairleach ann a bhfuil taithí dhíreach aige/aici ar ghnásanna agus ar chleachtais na Cúirte, agus d'éascódh sé an

leibhéal breise idirghabhálacha a bhfuiltear ag dréim leis i gcásanna atá ag an Stát os comhair CBE.

- Toisc go bhfuil breis tuisceana coitianta ann anois maidir le luachmhaireacht chonarthaí an Stáit, iarrtar comhairle níos minicí ar an Oifig faoi théarmaí soláthair agus conarthaí poiblí. Chun freastal ar an riachtanas breise seo, cinneadh go mbunófaí Rannóg na gConarthaí Tráchtála in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit chun an saineolas is gá sa réimse seo a sholáthar.

- De bharr na castachta breise sa timpeallacht náisiúnta agus idirnáisiúnta ina bhfeidhmíonn an Rialtas, tá roinnt saincheisteanna tábhachtacha á dtógáil a ghearann trasna ar a chéile. Láimhseáiltear iad, ach go háirithe, le coistí agus grúpaí oibre idir-rannacha. Is cosúil go dtiocfaidh méadú ar líon agus ar thábhacht saincheisteanna dá sórt le linn na trí bliana atá romhainn. Tá ról glactha cheana féin ag Oifig Shráid Mhuirfean ar na coistí agus ar na grúpaí seo (a shonraítear in Aguisín IV den Ráiteas seo). Cruthaíonn an obair seo dúshláin nua maidir le seirbhísí dlí a chur ar fáil agus éilíonn sí modhanna nua oibre agus cumarsáide. Is gá don Oifig na dúshláin seo a fhreastal i gcomhar le cliant-Ranna.

- Tá réimsí lán-nua dlí ag eascar as an dul chun cinn i gcúrsaí teicneolaíochta. Mar shampla amháin, na ceisteanna bitheiticiúla agus liadhlíthiúla a éiríonn as forbairtí i réimsí an GMO, an taighde ar ghaschealla agus ar atáirgeadh daonna cuidithe, ardóidh siad ceisteanna nua sláinte, comhshaoil agus maoine intleachtúla don Rialtas agus don Oifig sna trí bliana atá romhainn. Ardaíonn réimsí nua, mar iadsan atá á nochtadh, ceisteanna straitéiseacha don Oifig maidir le cothromaíocht chuí a bhunú idir iad agus réimsí seanbhunaithe den dlí. Meastar go mbeidh méadú ar líon na n-iarratas ar chomhairle chasta i réimsí dá sórt.

- Tá Treoracha agus Rialacháin tábhachtacha casta de chuid an CE, i dtaobh saincheisteanna éagsúla de Dhlí na gCuideachtaí, ar gá iad a fheidhmiú le linn tréimhse an Ráitis Straitéise. Ina theannta sin, tá moltaí tábhachtacha ann faoi Threoracha ar ábhair éagsúla a bhaineann le dlí na gcuideachtaí, go háirithe iadsan a d'éirigh as Tuarascáil Deiridh an Ghrúpa Ardleibhéil Saineolaithe ar Dhlí na gCuideachtaí dar teideal *Final Report of the Group on a Modern Regulatory Framework for Company Law in Europe*. Meastar go mbeidh méadú substaintiúil ar mhéid agus ar chastacht na hoibre de bharr na comhairle a iarrfar sa réimse seo.

- Mar a rianaíodh in Alt 2.1, tiocfaidh roinnt athruithe tábhachtacha ar chultúr agus phróisis le linn tréimhse an Ráitis Straitéise seo, de bharr fheidhmiú Phlean Teicneolaíochta Faisnéise na hOifige ina bhfuil tionscadail a phléann le mórphróisis gnó na hOifige. Tá claonadh anois ann tús áite a thabhairt don chomhad leictreonach, rud a éascóidh bainistiú na gcomhad, a fheabhsóidh éifeachtúlacht na heagraíochta go mór agus a chuíchóireoidh coinneáil na gcomhad. Leis an méadú seo ar úsáid na gcomhad leictreonach, cuirfear an t-eolas bainistíochta riachtanach ar fáil chun cuspóirí agus straitéisí tábhachtacha an Ráitis Straitéise seo a chur i gcrích. Is gá plean sonraithe dea-cheaptha a ullmhú chun léiriú a thabhairt ar na buntáistí don Oifig a bhaineann le feidhmiú na dtionscadal TF uile atá ar bun. Cinnteoidh sé seo go nglacfar leis na hathruithe agus go gcothófar tuiscint i measc na foirne faoin gcur chuige nua maidir le bainistiú comhad, agus go háirithe an fhorbairt i dtreo phríomhacht an chomhaid leictreonaigh agus an dualgas ar an bhfoireann gach eolas riachtanach a ionchur ann. Is gá a chinntiú, freisin, go ndéanfar comhordú cuí ar fheidhmiú an Phlean TF iomlán, go háirithe ó thaobh thionscadal na r-sheirbhísí Reachtaíochta agus an gá a bheidh ann ailíniú a dhéanamh le tionscadail r-sheirbhísí an Rialtais. Beidh ar an Oifig réiteach na Bainistíochta Cásanna agus Taifead a fheidhmiú céim ar chéim, i dtreo go mbeidh na croíchórais á seachadadh go tráthúil. I ndeireadh báire, aithníonn an Oifig gur gá plean traenála sonraithe a fhorbairt do na chórais nua agus é a dhearadh de réir sainriachtanas na n-úsáideoirí chun go mbainfear an úsáid is fearr as an nuatheicneolaíocht agus as na hacmhainní TF ó thaobh saincheisteanna tacaíochta de.

2.10 OIFIG AN PHRÍOMH-ATURNAE STÁIT

Le blianta beaga anuas tá athruithe suntasacha tagtha ar Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit agus athraíodh na struchtúir ann go luath i 2002 tar éis forbairtí áirithe, lena n-áirítear:

- Aistriú feidhmeanna an dlíodóra maidir le hionchúisimh choiriúla chuig Oifig an Phríomh-Aturnae Ionchúisimh in Oifig Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí,
- Bunú Ghníomhaireacht Éilimh an Stáit,
- Cásualach na dlíthíochta sibhialta athdháilte, chun dáileadh níos cothroime a dhéanamh ar an gcásualach agus ar an speisialtóireacht fheidhmiúil.
- Nuasheirbhísí dlí tugtha isteach, mar atá i réimsí dhlí an tearmainn agus na hinimirce, agus i ndlí na gconarthaí tráchtála,
- An deis ann le tuilleadh rannóga agus foirne speisialtóireachta a chruthú agus iad ailínithe níos fearr le riachtanais na gcliant,
- Acmhainní breise ar fáil don Oifig, go háirithe i dtéarmaí an líon foirne, agus deiseanna nua ann le haghaidh struchtúr foirne níos fearr,
- Cuíchóiriú déanta ar shocruithe le haghaidh tacaíochta cléireachais (ar a n-áirítear bunú Lárionaid na nDoiciméad go luath),
- Feidhmiú leanúnach an chláir nuachóirithe (TBS), le béim láidir ar ról an bhunchuspóra, Ráiteas Straitéise, phleanáil gnó, Chomhpháirtíocht agus CBFF.

Tá an Oifig ag teacht chun lán-nirt agus táthar ag súil go mbainfear an sprioc seo amach go luath i 2003. Is léir go bhfuil lánfheidhmiú na gcuspóirí ag brath ar chomhlánú na foirne ach, mar sin féin, táthar ag súil le dul chun cinn substaintiúil ar fheidhmiú na gcuspóirí roimhe sin.

Tá raon ollmhór oibre le déanamh ag an Oifig agus ó thaobh na polaitíochta de is ábhar íogaireach ardphróifíle cuid mhaith di a chothódh poiblíocht, b'fhéidir, nó iarratais ghéarchéime ar an gcúirt, teorainneacha teanna ama, agus ceisteanna casta dlí. Déantar cásanna cúirte a achomharc sa Chúirt Uachtarach go minic, agus uaireanta tagraítear chuig Cúirt Bhreithiúnais na hEorpa iad.

Tá an Oifig eagraithe anois ar bhonn cúig rannán dlí, agus rannán riaracháin. Tá gach rannán roinnte ina rannóga (nó, i gcásanna áirithe, foirne) ar bhonn comhchosúlachtaí oibre nó cliant. Cuireann an eagraíocht príomhéilimh na gcliant san áireamh. Cuireann sí san áireamh, freisin, roinnt éileamh ar an Oifig a bhfuil súil leo amach anseo; mar shampla, an cumas freagairt do dhlíthíocht atá bunaithe ar dhlí-eolaíocht CECD, an méadú ar leibhéal na dteagmhálacha le CBE, seachadadh na sheirbhísí dlí a thacaíonn leis an *gClár don Rialtas* maidir le sábháilteacht núicléach, agus an cumas freagairt go héifeachtach do rolladh amach na bhforbairtí ar ghnásanna ríomhartha nuair a bhíonn gnó cúirte á stiúradh. Cuireann sé san áireamh, freisin, na dúshláin bainistíochta atá faoin Oifig, go háirithe dúshláin na gclár le haghaidh nuachóiriú na seirbhíse poiblí.

Léirítear eagrúchán na rannán agus na bhfo-rannán i gCuid II d'Aguisín V. Tá nádúr agus raon na seirbhísí dlí a sholáthraíonn an Oifig ansin freisin.

Ina theannta sin, riarann an Oifig seirbhís na nAturnaetha Stáit áitiúla, lena ndéanann Aturnaetha Áitiúla an Stáit an chuid sin d'obair dlí an Stáit a éiríonn go háitiúil. Tá sársheirbhís faighte ag an Stát ó na hAturnaetha Stáit áitiúla thar na mblianta agus an-leas bainte aige as a ndílseacht, a dtiomantas agus a scil. Ceapann an tArd-Aighne na Aturnaetha Stáit seo; leanann siad dá gcleachtais phríobháideacha agus gach bliain n-íoctar suim leo as a gcuid seirbhísí atá réamhshocraithe, den chuid is mó.

Bunús na hidirbheartaíochta a dhéanann Aturnaetha Stáit áitiúla, baineann sé le hionchúisimh choiriúla, agus tá céadtadán beag den obair a éiríonn as teagaisc ón taobh shibhialta. Meastar go mbeidh an fhreagracht maidir le Dlíodóirí Stáit áitiúla i gcúrsaí coiriúlachta, á haistriú ó Phríomh-Dhlíodóir an Stáit chuig Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí i 2003, cé go bhfuil tuilleadh plé le déanamh leis na Aturnaetha Stáit áitiúla agus go mbeidh gá le reachtaíocht chuige.

Tá sé ró-luath fós plé a dhéanamh ar na socruithe a fhéadfadh an Príomh-Aturnae Stáit a dhéanamh amach anseo faoi idirbheartú cúrsaí dlí lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Tá raon roghanna faoi scrúdú agus tá sé i gceist socruithe a dhéanamh le go rachaidh na himeachtaí dlí lasmuigh de Bhaile Átha Cliath ar aghaidh go réidh.

2.10.1 Athruithe Réamh-mheasta d'Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

Bunús na n-athruithe a luadh le haghaidh Abhcóidí Comhairleacha (féach Alt 2.9.6), beidh tionchar acu freisin ar an bhfoireann in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.

I dtéarmaí na timpeallachta inmheánaigh in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit, táthar ag súil le mórathruithe de thoradh fheidhmiú an Phlean TF agus Chreat Faisnéise na Bainistíochta. Is féidir achoimre a dhéanamh ar na hathruithe a bhfuiltear ag súil leo, mar a leanas:

- Seoladh an nuachórais bainistíochta comhad agus taifead,
- Feidhmiú an chórais ríomhairithe um bhainistiú cásanna,
- Forbairt ar fheidhm na bainistíochta faisnéise,
- Forbairt nuachórais um bhainistiú airgeadais a mbeidh ar a chumas riachtanais CBF na hOifige a fheidhmiú, le béim ar leith ar tháscairí airgeadúla atá costasghaolta,
- Tionscnamh na gcóras a dhéanfaidh monatóireacht ar an bhfaisnéis faoi tháscairí neamh-airgeadúla,
- Feidhmiú nuachórais ríomhairithe um bhainistiú daonacmhainní.

Tá Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit ag obair le hOifig na nOibreacha Poiblí chun áitreabh nua oifige a fháil agus cruthófar athrú suntasach de bharr an athshuímh i gceist.

Maidir le timpeallacht na seirbhíse dlí ina bhfeidhmíonn Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit, tá an Oifig ag ceapadh go mbeidh géarú ar sheirbhís sna réimsí seo:

- An Dlí Tearmainn agus Inimirce,
- Sábháilteacht Núicléach,
- Conarthaí Tráchtála,
- Saincheisteanna Eitice Poiblí,
- An dlíthíocht a bhaineann le páistí,
- Eiseachadadh agus Barrántais Gabhála Eorpacha,
- Binsí agus Coimisiúin,
- Acmhainní Nádúrtha,
- Maoin an Stáit.

2.11 OIFIG ABHCÓIDE PARLAIMINTE AN RIALTAIS

Is comhpáirt d'Oifig an Ard-Aighne í Oifig Abhcóide Parlaiminte an Rialtais (OAP), a dtugtaí Oifig an Dréachtóra Parlaiminte uirthi roimhe seo. Is í príomhfheidhm an OAP na Billí Rialtais agus na hionstraim reachtúla atá le déanamh ag an Rialtas a dhréachtú agus, mar is cuí, na hionstraim reachtúla atá le déanamh ag Airí, Airí Stáit agus roinnt comhlachtaí Stáit a dhréachtú nó a shocrú.

Is é bunchuspóir an OAP seirbhís den chaighdeán gairimiúil is airde a sholáthar do chliaint, ó thaobh dhréachtú na reachtaíochta de.

Oibríonn Abhcóidí Parlaiminte go dlúth le hAbhcóidí Comhairleacha ar chúrsaí dréachtaithe. Nuair a bhíonn dréachtú reachtaíochta ar bun ag Abhcóidí Parlaiminte, ardaítear ceisteanna casta dlí go minic. Má mheasann Abhcóidí Parlaiminte gur gá comhairle dlí a fháil ó Abhcóide Comhairleach i gcás ar bith, lorgaíonn siad an chomhairle sin. B'fhéidir uaireanta, go mbeadh comhairle phearsanta an Ard-Aighne i gceist. Ó 1999 i leith, tá prótacal i bhfeidhm maidir leis na gnásanna a chleachtaítear sna cásanna seo.

Tá Oifig an Abhcóide Parlaiminte go hiomlán bainteach agus comhtháite le bainistiú agus le feidhmiú Oifig Shráid Mhuirfean.

Mar atá sa chuid eile den Oifig, is í an speisialtóireacht sa dlí príomhstraitéis an OAP. Mar a tharlaíonn i gcás Abhcóidí Comhairleacha, eagraítear grúpaí Abhcóidí Parlaiminte chun plé le hábhair dlí ar leith. Tá struchtúr

eagrúcháin cruthaithe ag an OAP ina bhfuil trí ghrúpa; gach grúpa acu freagrach as riachtanais reachtúla cúig Roinn Rialtais, agus baill foirne dá réir dáilithe orthu. Tá na Ranna Rialtais agus an leibhéal foirne a dáileadh ar gach ceann de na trí ghrúpa sonraithe i gCuid III d'Aguisín V. Tá de bhuntáiste ag an gcóras seo, go gcuireann cliant-Ranna aithne ar Abhcóide Parlaiminte atá ag gabháil go tréan, nó thar thréimhsí an-fhada (nó an dá rud), de dhréachtú míre atá tábhachtach don Roinn i gceist, ó thaobh na polaitíochta nó an pholasaí de, agus go bhforbraíonn an ngaol oibre eatarthu dá réir.

An fheidhm atá ag Coiste Reachtaíochta an Rialtais (CRR) maidir le hord tosaíochta na reachtaíochta a roghnú, tá sí bunúsach d'fheidhmiú rathúil Chlár Reachtaíochta an Rialtais.

Comhordaíonn agus maoirsíonn CRR dul chun cinn Billí an Rialtais, ón am a ghlactar leo i gClár Reachtaíochta an Rialtais go dtí go n-achtaítear ina ndlíthe iad. Cuireann sé na tograí reachtaíochta in ord tosaíochta, comhordaíonn sé pleanáil don reachtaíocht atá beartaithe agus déanann sé monatóireacht ar dhul chun cinn na mBillí a bhfuil tosaíocht acu.

Tá Príomh-Aoire an Rialtais ina chathaoirleach ar an gCoiste agus tá an tArd-Aighne, An Príomh-Abhcóide Parlaiminte, Bainisteoirí Chláir an Taoisigh agus an Tánaiste, Ceannaire an tSeanaid, agus ionadaithe ó Roinn an Taoisigh agus ón OAP ina mbaill de.

Nuair a bhíonn a chuid feidhmeanna á gcur i gcrích aige, glacann CRR comhairle le hOAP agus le Ranna Rialtais chun liosta a ullmhú i ngach seisiún Parlaiminte de Bhillí Rialtais a bhfuil sé i gceist iad a dhréachtú agus a fhoilsiú laistigh den seisiún Parlaiminte sin. Ullmhaíonn an OAP tuairisc sheachtainiúil ar an dul chun cinn i ndréachtú Billí agus bíonn eolas fíor-riachtanach inti maidir le aimsiú na spriocanna seo.

Úsáidtear an straitéis maidir le dul chun cinn a thuairisciú, anois, i ndréachtú na reachtaíochta tánaistí a éiríonn as ár mballraíocht san Aontas Eorpach.

Cuireann an Coiste meicníocht eadrána ar fáil do na héilimh iomaíocha ó Ranna ar sheirbhísí Abhcóide Parlaiminte, agus is cabhair í an phleanáil oibre do gach Seisiún Dála le sruth na dtreoracha chuig an OAP a rialú. Ó ritheadh Acht an Aontais Eorpaigh (Grinnscrúdú) 2002 agus ó feabhsaíodh socruithe le haghaidh Grinnscrúdú Oireachtais ar bhearta an Aontais Eorpaigh, tá tuiscint níos fearr ann gur gá monatóireacht ghéar a dhéanamh ar chomhlíonadh dhualgais an Stáit maidir le Treoracha a aistriú go tráthúil; agus gur gá an reachtaíocht cuí a rith chun teacht leis an bhfoirm nua beart a tugadh isteach le Conradh Amsterdam, is é sin, na creatchinntí a bhfuil úsáid mhéadaithe á baint astu i réimsí an Cheartais agus na nGnóthaí Baile. Os rud é nach féidir creatchinntí a fheidhmiú ach trí reachtaíocht phríomhúil amháin, caithfidh an Coiste Reachtaíochta a chinntiú anois go gcloífear leis an teorainn ama le haghaidh fheidhmiú na mbeart seo agus go gcuirfear an obair seo san áireamh sa Chlár Reachtaíochta. Is dúshlán nua é seo do Ranna Rialtais agus don OAP agus b'fhéidir go n-éileoidh sé leasuithe ar phróiseas pleanála an Choiste i gcoitinne.

Nuair a rith an tOireachtas an tAcht um an Dlí Reachtúil (Athráiteas) 2002, cuireadh béim athuair ar a inmhianaithe atá sé go rithfí an reachtaíocht le haghaidh sainréimsí dlí in achtacháin ar leith, d'fhonn ullmhú na n-athráiteas a éascú. Díreoidh an OAP aird na Ranna teagaisc ar an gcuspóir seo.

2.11.1 Athruithe sa Stíl Dréachtaithe

Aithníonn an OAP gur gá an leabhar reachtúil a nuachóiriú, agus inrochtana an dlí reachtúil a fheabhsú, agus chuige seo tá athruithe déanta ar an stíl dréachaithe le blianta beaga anuas. Leasaítear an reachtaíocht atá ann cheana, más féidir, tríd an fhoráil atá le leasú a shainiú, sa dóigh go bhfuil an leasú soiléir agus go bhfuiltear in ann é a liostáil i dtáblaí croineolaíochta na reacht (féach Alt 2.12.5). Is straitéis é an t-athrú stíle seo, táthar ag súil leis, a fhreastlóidh ar riachtanais daoine a úsáideann leabhar na reacht, lena n-áirítear cliaint inmheánacha agus seachtracha an OCP, le soiléire agus cinnteacht i dtaobh na leasuithe reachtaíochta atá ann cheana. Mar áis do Ranna ina leith seo, tá lámhleabhar faoi dhréachtú curtha le chéile ag an OAP dar teideal *"Statutory Instruments: Checklist and Guidelines"*, chun cabhrú le hoifigigh Ranna atá ag ullmhú ionstram reachtúil.

2.11.2 Tionscadal na Ríomh-Sheirbhísí Reachtaíochta

Mar chuid dá thiomantas do thionscnamh na r-sheirbhísí Rialtais, bhí plé ag an OAP le roinnt páirtithe leasmhara (Tithe an Oireachtais, Roinn an Taoisigh, An Lárionad um Fhorbairt Bainistíochta agus Eagrúcháin sa Roinn Airgeadais, agus na grúpaí tionscadail, Rochtain Lucht Gnó ar Sheirbhísí Faisnéise an Stáit – *BASIS* – agus Faisnéis Saoil na Seirbhíse Poiblí – *OASIS*) ina ndearnadh sé tagairt ar leith don phróiseas reachtach. Táthar ag súil gur féidir córas a fheidhmiú, i gcomhairle leis na comhlachtaí seo agus le haird ar chlár na r-sheirbhísí Daonlathais ag Tithe an Oireachtais, a thacóidh le próiseáil agus bainistíocht ar théacsanna reachtaíochta agus na hinnéacsanna a ghabhann leo, trí shaolré na reachtaíochta. Táthar ag súil, mar thoradh ar chomhoibriú, go mbeidh córas ann a chuimseoidh na próisis uile ón gcéad-dréachtú reachtaíochta, lena n-áirítear comhairle dlí a sholáthar ar thograí reachtúla agus ar théacsanna laistigh d'Oifig an Ard-Aighne, go dtí céim na ndíospóireachtaí parlaiminte agus a gcursan ar fáil don phobal i bhfoirm leictreonach ar an idirlíon agus ar CD-ROM. Trí dhul i gcomhpháirt le Tithe an Oireachtais nuair is féidir, tiocfaidh éifeachtachtaí nua as comhéilimh na hOifige agus Thithe an Oireachtais ar chóras dá shórt.

2.11.3 Athruithe Réamh-mheasta d'Oifig Abhcóide Parlaiminte an Rialtais

Bunús na n-athruithe a luadh le haghaidh Abhcóidí Comhairleacha (féach Alt 2.9.6) rachaidh siad i bhfeidhm, freisin, ar fhoireann Oifig Abhcóide Parlaiminte an Rialtais.

I measc na ndúshlán sonracha a bheidh ann don OAP sna trí bliana romhainn tá:

- an gá, atá ag síormhéadú, le dréacht-reachtaíocht a sholáthar i réimsí ilghnéitheacha dlí atá, ar bhealaí éagsúla, casta agus práinneach;
- an gá méadaithe seo a chur i gcothramaíocht le riachtanais saintraenála agus forbartha na nAbhcóidí Parlaiminte.

Ina theannta sin, beidh ailíniú an Ráitis Straitéise seo le tionscnaimh r-sheirbhísí an Rialtais agus na Comhaireachta ina údar dúshláin don Oifig a chinnteoidh comhtháthú cuí idir an Oifig agus na páirtithe leasmara. Chun córas a fheidhmiú a thabharfaidh tacaíocht do phróiseáil agus do bhainistiú téacsanna reachtaíochta agus a n-innéacsanna le linn saolré na reachtaíochta, beidh gá le hathruithe sna próisis oibre in Oifig an Abhcóide Parlaiminte.

Dúshlán ar leith don OAP is ea an tréimhse réasúnta fada 'réamhfheidhme' is gá chun Abhcóide Parlaiminte a thraenáil. Chun an dúshlán seo a fhreagairt, tar éis earcú roinnt Abhcóidí Parlaiminte, beartaíodh Plean Traenála sonraithe a cheapadh a chinnteodh go mbeadh cur chuige comhsheasmhach sa traenáil a sholáthródh gnó-aonaid éagsúla de OAP agus go leagfaí amach an obair a bheadh de dhíth ó bhaill foirne nua le linn a dtréimhse traenála agus promhaidh. Is dúshlán don Oifig é traenáil cheart a thabhairt don fhoireann nuair atá síoréilimh ar dhréacht-Bhillí laistigh d'amscálaí níos giorra. Ainneoin na héilimh ar Bhillí, beidh gá am a leithdáileadh le haghaidh lánfheidhmiú an Phlean Traenála, lena chinntiú go mbeidh na hAbhcóidí Parlaiminte nua ábalta obair níos casta a ghlacadh ar láimh a luaithe is féidir agus cabhrú le seachadadh an Chláir Reachtaíochta.

Ina theannta san, leanfaidh an OAP a bheith páirteach sa Choiste Reachtaíochta an Rialtais, chun an phleanáil don obair dréachtaithe a éascú agus an úsáid is fearr is féidir a bhaint as acmhainní, trí thosaíochtaí a roghnú, etc. Is gá tuilleadh a dhéanamh ar bhonn straitéise sna trí bliana atá romhainn chun uasbhuntáiste a bhaint as an meicníocht seo.

2.12 AN TAONAD UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ REACHTÚIL

2.12.1 Cúlra

Bunaíodh an tAonad um Athchóiriú an Dlí Reachtúil i bhFeabhra, 1999, chun clár um athchóiriú agus chomhdhlúite an dlí reachtúil a dhréachtú agus a fheidhmiú. Le seo a dhéanamh, chuir sé tús le próiseas níos leithne a chuirfidh feabhas a chur ar inrochtana agus ar chomhsheasmhacht an dlí reachtúil. Cuireadh an polasaí seo in iúl le déanaí i *Towards Better Regulation. (Roinn an Taoisigh, Aibreán 2002).*

Is fiú tagairt ar leith a dhéanamh do na ceithre ghné seo a leanas d'obair an Aonaid.

2.12.2 Tionscadal an Athráitis

Is é Tionscadal an Athráitis an toradh is inbhraite ar obair an Aonaid. Is é a bhí i gceist leis an tionscal, an tAcht um Dlí Reachtúil (Athráiteas) 2002 a dhréachtú agus roinnt athráiteas 'píolótach' a ghlacadh ar láimh. Tabharfaidh an tAcht cead chun comhdhlúthuithe riaracháin a fhoilsiú.

Cuirtear athráitis faoi bhráid Thithe an Oireachtais ach ní phléitear iad. Ní dhéanann athráitis athrú ar an dlí ach leagann siad amach i bhformáid níos soiléire sraith d'Achtanna a leasaigh a chéile. Is féidir athráitis a lua sa chúirt mar fhianaise *prima facie* den dlí atá leagtha amach iontu.

2.12.3 Comhdhlúthú agus Athchóiriú an Dlí Reachtúil agus Billí Leasaithe

Dhréachtaigh an tAonad an Bille Comhdhlúite Chánach Fáltas Caipitiúil 2002, agus tá an obair go mór chun tosaigh ar Bhille Comhdhlúite na Séadchomharthaí Náisiúnta agus ar an mBille um Sheirbhísí Uisce, chomh maith le roinnt comhdhlúthuithe ar ionstraim reachtúla.

2.12.4 Tionscadal CD-ROM

Ghlac an tAonad páirt in obair an tionscadail CD-ROM, a d'fhoilsigh CD-ROM nua de Leabhar Reachtaíochta na hÉireann ó 1922 go deireadh 2001 a chuimsíonn gach reachtaíocht phríomhúil agus tánaisteach, agus Táblaí Cróineolaíochta na Reachtanna. Táthar ag scrúdú anois conas ab fhéidir athfheidhmiú na hoibre seo sa todhchaí a chomhthathú le tionscadail eile ar nós thionscadal na ríomhsheirbhísí Reachtaíochta agus phleananna Thithe an Oireachtais le reachtaíocht a sholáthar ar bhonn leictreonach.

2.12.5 Táblaí Cróineolaíochta

Le déanaí, sholáthraigh an tAonad na Táblaí Cróineolaíochta d'Achtanna a ritheadh i 2001, sa dóigh go mbeifear in ann na hAchtanna, na hIonstraim Reachtúla agus na Táblaí Cróineolaíochta a chur ar fáil ar CD-ROM agus ar leathanach gréasáin na hOifige i 2003. Beidh sé mar straitéis ansin iad a nuashonrú agus a choinneáil chun dáta fad a mbeidh forbairt á déanamh ar thionscadal na r-sheirbhísí Rialtais.

D'ullmhaigh an tAonad, freisin, doiciméad polasaí ar cheisteanna a bhaineann le sainaithint agus stóráil leictreonach na reachtaíochta atá i bhfeidhm in Éirinn agus a achtaíodh roimh 1922 ("Reachtaíocht réamh-1992"). Fad atá an Ráiteas Straitéise seo á fhoilsiú tá plé ar siúl leis an Ard-Aighne maidir leis an bpolasaí is fearr chun déileáil le reachtaíocht réamh-1922.

2.12.6 Athruithe Réamh-mheasta don Aonad um Athchóiriú an Dlí Reachtúil

Tá ceithre shaincheist straitéise ann faoi athchóiriú rialúcháin, agus meastar go mbeidh tionchar acu ar ualach oibre na hOifige le linn tréimhse an Ráitis Straitéise seo. Sa chéad áit, de thoradh an tAcht um an Dlí Reachtúil (Athráiteas) 2002 a rith, tiocfaidh méadú ar an obair a bhaineann le polasaí an Athráitis (déanamh comhdhlúthuithe 'riaracháin' lena lua sa chúirt mar athrá ar fhianaise *prime facie* na nAchtanna). Beidh trí ghníomhaíocht i gceist san obair seo: Ranna a chomhairliú maidir leis an straitéis is gá chun an rochtain ar reachtaíocht a fheabhsú trí pholasaí an athráitis; Ranna a chomhairliú ar ghnéithe teicniúla de na hAthráitis agus Athráitis ón Ard-Aighne a dheimhniú mar is gá faoin dlí.

An dara toradh a bhfuil súil leis ná go bhfásfaidh tuiscint bhreise sa Stáit ar an ngá atá le rochtain níos fearr ar reachtaíocht agus le comhsheasmhacht inti, agus go n-éireoidh seo as roinnt tosca, lena n-áirítear foilsiú *Reducing Red Tape an Action Plan for Regulatory Reform in Ireland (1999), Regulatory Reform in Ireland (OECD, 2001)* agus *Towards Better Regulation (2002)*. Rinne an tuiscint seo gníomhaíocht a spreagadh i roinnt réimsí, agus meastar go mbeidh méadú ar an obair comhdhlúthaithe agus athchóirithe / leasaithe dá bharr.

I measc na dtionscadail is féidir a shainaithint agus an tuarascáil seo á hullmhú, tá ceithre cinn a éilíonn aird speisialta. Cuirfear Bille Comhdhlúite Dlí Cuideachtaí, a mbeidh breis agus 1,000 alt ann, faoi bhráid na hOifige sa dara ráithe de 2003. Sa dara háit tá códú na ndlíthe coiriúla substainteacha uile. Tá an triú tionscadal, códú gach dlí a bhaineann le ceadúnú díolacháin alcóil, á phlé go fóill. Dlí comhaltóirí atá sa cheathrú tionscadal. Tá obair tionscanta ag an Tánaiste a mbeidh polasaí nuachóirithe um dhlí na gcomhaltóirí mar thoradh uirthi.

Éileoidh na tionscadail, ní hamháin saineolas dréachtaithe, ach comhpháirteachas na hOifige ar fad, fresin, i réimse oibre a chuimseoidh comhairle dlí a sholáthar ar athruithe dlí atá beartaithe, agus comhairle a thabhairt do na grúpaí saineolaithe a bheidh bunaithe nó le bunú chun foirm na reachtaíochta atá beartaithe agus an t-ábhar inti a scrúdú.

Is í an tríú saincheist straitéise a bhfuiltear ag dréim léi agus ar ghá í a scrúdú i gcomhthéacs le hathchóiriú rialúcháin ná an Páipéar Bán ar Rialúchán Feabhsaithe a bhfuiltear ag súil é a fhoilsiú i lár 2003. Is cosúil go mbeidh moltaí sa Pháipéar Bán maidir leis an rochtain ar dhlí reachtúil na hÉireann agus an chomhsheasmhacht ann a fheabhsú, agus tagróidh sé do shaincheisteanna mar rochtain ar reachtaíocht a ritheadh roimh 1922 agus atá fós i bhfeidhm sa Stát, chomh maith leis an ngá atá le cur chuige níos cuimsithe i leasú na reachtaíochta. Bheadh tionchar substaintiúil ag tograí dá sórt ar obair na hOifige.

Is í an ceathrú saincheist ná, go mbeidh ar an Oifig, i gcomhthéacs le r-sheirbhísí Rialtais agus r-sheirbhísí reachtaíochta, measúnú a dhéanamh ar a polasaí maidir le reachtaíocht a chur ar fáil ar bhonn leictreonach. Fiú má ghlacann Tithe an Oireachtais, mar a mheastar, gur feidhm dóibh féin í an reachtaíocht a chur ar fáil ar bhonn leictreonach, beidh sé riachtanach ról eatramhach agus fadtréimhse na hOifige a mheas maidir le Táblaí Cróineolaíochta a chur ar fáil ar bhonn leictreonach, i gcomhar le Tithe an Oireachtais.

2.13 RIARACHÁIN

Tá Aonaid Riaracháin ag Oifig Shráid Mhuirfean agus ag Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit, freisin, a thacaíonn le hobair na foirne dlí trí sheirbhísí tacaíochta gairmiúla a sholáthar mar atá, Daonacmhainní, Traenáil agus Forbairt, Seirbhísí Airgeadais, Tacaíocht Cléireachais, Bainistíocht an Athraithe, Teicneolaíocht Faisnéise, Iniúchóireacht Inmheánach, Clárlann, Leabharlann agus Seirbhísí Fios Gnó agus Lárionad na nDoiciméad. Bíonn dlúth-theagmháil ag Ceannasaithe Riaracháin agus ag foireann ábhartha an Aonaid leis an bhfoireann i Ranna agus in Oifigí Rialtais maidir le saincheisteanna ar leith. Tá gá le tacaíocht na nAonad riaracháin chun go bhféadfaidh an Oifig seirbhís ardchaighdeáin a chur ar fáil don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí. Tá nóta faoi Riarachán Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit i gCuid II d'Aguisín V agus tá cur síos ar Riarachán Shráid Mhuirfean i gCuid IV den Aguisín céanna. Rianaítear obair na hAonad anseo thíos.

2.13.1 Daonacmhainní

Aithníonn an Oifig go bhfuil caighdeán a cuid seirbhísí dlí ag brath go mór ar cháilíocht na ndaoine a chuireann ar fáil iad. Dá réir sin, forbróidh an Oifig straitéisí daonacmhainní in Oifig Shráid Mhuirfean agus in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit a chothóidh forbairt agus sásamh na foirne agus a fhorbróidh iarrachtaí na foirne chun bunchuspóir na hOifige a bhaint amach. Meastar go leanfaidh na straitéisí seo ag cothú próiseas na comhpháirtíochta, .i. cultúr ina mbíonn an fhoireann páirteach sa chinnteoireacht agus ina bhfuil tiomantas leanúnach ann do CBFF. Tá sé beartaithe, freisin, go gcuimseoidh na straitéisí seo an úsáid is fearr is féidir a bhaint as polasaithe atá áisiúil do theaghlaigh, chomh maith le socruithe solúbtha oibre. Díreofar na bearta traenála ar an inniúlacht agus eolas a aithnítear a bheith riachtanach don Oifig agus do dhaoine ar leith, agus féachfar le sásamh an duine ann féin agus ina g(h)airm a chothú tríothu. Beidh na straitéisí bunaithe ar dhea-chleachtais idirnáisiúnta i mbainistiú seirbhísí gairmiúla.

Na córais ríomhairithe atá in úsáid faoi láthair in Oifig Shráid Mhuirfean agus in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit chun faisnéis faoi dhaonacmhainní a choinneáil agus a bhainistiú (.i. An Córas Riaracháin Pearsanra (CRP) agus córais thánaisteacha), beidh gá iad a athrú laistigh de bhliain nó mar sin. Tá na hOifigí ag obair go dlúth le chéile, ag scrúdú na sainceisteanna a bhaineann le hath-threalmhú oiriúnach. Neartóidh agus feabhsóidh feidhmiú nuachóras na ndaonacmhainní an straitéis daonacmhainne, mar chuid d'fheidhmiú Plean TF na hOifige, le cabhair córais a sholáthróidh cur chuige níos gairmiúla agus níos córasúla i mbainistiú daonacmhainní agus a chuimseoidh saincheisteanna mar earcú, phromhadh, pholasaithe oifige, ardú céime agus fhorbairt foirne.

Beidh an Oifig tiomanta i gcónaí do bheartas comhionannais deise, mar ghné bhunúsach de bhainistiú éifeachtach na ndaonacmhainní.

2.13.2 Traenáil agus Forbairt

Ós é fócas straitéiseach na hOifige gur eagraíocht "ag foghlaim" nó "faisnéis-bhunaithe" í, aithníonn an Oifig go bhfuil sé tábhachtach deiseanna leanúnacha traenála agus forbartha a chinntiú don fhoireann. Tá buntábhacht leis seo, má tá sí lena príomhsprioc a aimsiú maidir le seirbhísí gairmiúla dlí den chaighdeán is airde a bhaint amach don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí, de réir an bhunchuspóra atá aici. Tugtar tús áite do thraenáil agus d'fhorbairt, agus tá an Oifig tiomanta a chinntiú go bhfuil na scileanna cuí ag gach ball foirne chun a gcuid oibre a chur i gcrích go héifeachtach agus go cumasach.

Tá Oifigigh Traenála agus Forbartha ceaptha d'Oifig Shráid Mhuirfean agus d'Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit, ar aon, a bhfuil sé de dhualgas orthu an fheidhm traenála agus forbartha sa dá Oifig a chur ar bhonn foirmeálta. Cé go n-aithnítear go mbeidh difríocht idir riachtanais traenála gach Oifig ar leith, tá na hOifigigh Traenála agus Forbartha ag obair chun dlúthcheangail a chothú idir na hOifigí agus, nuair is cuí, ócáidí traenála a sholáthar a chuimseoidh réimsí atá ábhartha d'fhoirne ón dá Oifig. Sampla de seo is ea an cúrsa faoi Bhainistiú Tionscadal a reachtáladh i nDeireadh Fómhair, 2002, a eagraíodh ar bhonn comhpháirteach, agus ar fhreastail baill foirne ón dá Oifig air. Tá seo ag teacht le moltaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina thuarascáil *Traenáil agus Forbairt sa Státseirbhís (Tuarascáil Uimh.38, Nollaig, 2000)*, maidir leis an tábhacht a bhain le freagraí éifeachtacha "intí" ar riachtanais treanála agus forbartha, agus acmhainní a chur le chéile chun na torthaí is fearr is féidir a bhaint amach.

Tá Coiste Traenála agus Forbartha bunaithe ag Oifig Shráid Mhuirfean chun cabhrú leis an Oifigeach Traenála agus Forbartha. Is é ról an Choiste seo, ar fo-ghrúpa é den Choiste Comhpháirtíochta agus a bhfuil ionadaíocht tras-oifige air, cuidiú leis an Oifigeach Traenála agus Forbartha chun riachtanais traenála na hOifige a shainaithint agus a fhreastal. Ba iad ionduchtáil na n-iontrálaithe nua san Oifig agus na riachtanais traenála a d'eascair as tionscnamh an Chórais um Bhainistiú agus Fhorbairt Feidhmíochta chéad fhócas an Choiste.

Críochnófar anailís i 2003, ag leibhéil na heagraíochta, an aonaid agus an duine, ar na riachtanais traenála in Oifig Shráid Mhuirfean. Tá tús curtha le próiseas chun sainaithne a chur ar na riachtanais traenála in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit, faoi chúram Choiste Comhpháirtíochta na Oifige sin.

Trí Chóras um Bhainistiú agus Fhorbairt Feidhmíochta a thabhairt isteach, tá cuid mhaith de riachtanais traenála agus forbartha na hOifige tugtha chun solais. Sainmhíníonn an córas na scileanna agus na hinniúlachtaí a theastaíonn i bpostanna ar leith agus cabhraíonn sé le pleanáil gníomhaíochtaí traenála agus forbartha thart orthu.

Beidh traenáil agus forbairt dírithe, amach anseo, ar sholáthar na n-idirghabhálacha traenála a chuideoidh leis an Oifig an Treoir um Sheirbhís don Cliant a fheidhmiú. Déanfaidh an Oifig aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna traenála agus forbartha a éiríonn as an straitéis fheabhsaithe um bhainistiú eolais agus as tionscadail eile an Phlean TF.

Spreagann an Oifig an fhoireann uile le páirt a ghlacadh sna seimineáir intí agus sna comhdhálacha seachtracha cuí, agus le lámhleabhair traenála agus prótacail intí a tháirgeadh. Tá páirt glactha ag baill foirne i gcúrsaí intíre agus thar lear mar gheall ar an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (CECD) agus ar Dhlí an Aontais Eorpaigh.

Ós rud é gur gá go mbeadh gach comhairle a thugann an Oifig ag teacht le forálacha an CECD, bhunaigh an Oifig grúpa oibre a raibh ionadaithe air ón dá Oifig, chun an fhoireann dlí a oiliúint agus a thraenáil ina sainréimsí speisialtóireachta ar leith. Bhí léachtaí faoin CECD ag an Oifig agus tá i gcónaí. Thug an fhoireann leabharlainne in Oifig Shráid Mhuirfean agus in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit tacaíocht do thionscnamh traenála an CECD trí dhomhain-thaighde a dhéanamh faoin CECD, bullaitín nua a sholáthar faoi eolas reatha, ábhair léitheoireachta ábhartha, bunachair sonraí, etc., a shainaithint, agus iadsan a chur ar fáil ar líon intí na hOifige agus i bhfoirm cruachóipe.

Le hearcú leabharlannaithe breise le déanaí, bhí na leabharlanna sa dá Oifig in ann a dtiomantas do thaighde agus do sheirbhísí traenála den chaighdeán is airde a léiriú. Sheol leabharlann Oifig Shráid Mhuirfean le déanaí clár traenála foirmeálta ar scileanna faisnéise d'úsáideoirí leabharlainne.

Tá scéimeanna traenála agus forbartha bunaithe laistigh d'Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit chun gur féidir le baill foirne cléireachais agus riaracháin traenáil le bheith ina bhfeidhmeannaigh dlí agus le feidhmeannaigh dlí traenáil le bheith ina n-aturnaetha.

Beidh Traenáil agus Forbairt dírithe ar idirghabhálacha traenála a sholáthar chun cabhrú leis an Oifig na tiomantais sa Treoir um Sheirbhísí do Chliaint a chur chun cinn agus an tionscadail a éiríonn as an bPlean TF a chur i bhfeidhm.

2.13.3 An tAonad Airgeadais

D'aithin *Delivering Better Government* an ghá atá le córais atá níos cuntasaí, trédhearcaí, sofhreagarthaí, agus chuir sé béim ar a riachtanaí atá sé an luach is fearr is féidir a fháil ar airgead. Ó Mheán Fómhair, 2004, éireoidh an Roinn Airgeadais as an seirbhís a thugann sí mar ghníomhaireacht íocaíochta thar ceann Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit, chomh fada agus a bhaineann sin le caiteachas neamh-phá.

Thar thréimhse trí bliana an Ráitis Straitéise seo, beidh sé riachtanach nuachórais airgeadais a bhunú i gcomhthéacs leis an gCreat um Bhainistiú Faisnéise (CBF). Cuirfidh siad seo córais cuntasaíochta chomhaimseartha ar fáil, tacóidh siad le tuairiscí ar fhabhrú agus ar chaiteachas airgid, soláthróidh siad faisnéis chuimsitheach costála agus ceanglóidh sé le struchtúir tuairiscithe neamh-airgeadais i gcóras na bainistíochta cásanna agus taifead agus i gcóras na nAcmhainní Daonna.

Tá gá le córais fhoirfe shoifisticiúla airgeadais chun freagairt don bhéim shubstaintiúil a chuirtear ar chaighdeáin agus ar éifeachtacht nuair atá seirbhísí na hOifige á seachadadh. Cuirfear bearta i bhfeidhm trasna na haonaid gnó ar fad, ag tacú le hiarrachtaí chun na caighdeáin agus an éifeachtacht a fheabhsú. I gcéimeanna tosaigh na Straitéise trí bliana, beidh na hiarrachtaí dírithe ar riachtanais airgeadais agus faisnéise a shainaithint. Le críochnú na céime seo, gheofar pacáiste airgeadais a fhreastlóidh ar riachtanais cuntasaíochta agus dlí-oifige an Rialtais. Scrúdófar bealaí difriúla chun an áis a fháil. Is eilimintí tábhachtacha den phróiseas iad traenáil foirne agus earcú saineolaithe cuntasaíochta.

Cuideoidh na hAonaid Airgid in Oifig Shráid Mhuirfean agus in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit araon, le feidhmiú an CBF le linn tréimhse an Ráitis Straitéise seo. Tá faomhadh faighte le cuntasóir gairmiúil a earcú, comhroinnte idir an dá Oifig, a mbeidh sainfhreagracht air feidhmiú an CBF a mhaoirsiú. Beidh smacht leanúnach ag na hAonaid ar chaiteachais, trí fhorbairt a dhéanamh ar na rialacháin bainistíochta airgeadais d'fhonn luach ar airgid a chinntiú (LAA).

2.13.4 An Coiste Iniúchóireachta agus Iniúchadh Inmheánach

In Iúl, 2001 cheap Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit i gcomhar le chéile Iniúchóir Inmheánach, chun córas Rialú inmheánach na nOifigí a scrúdú, a mheas agus a thuairisciú. I Márta, 2002, bunaíodh Coiste Iniúchóireachta. Tá cathaoirleach seachtrach neamhspleách ar an gCoiste, a bhí roimhe seo ina Uachtarán ar Institiúid na gCuntasóirí Cairte. Mar bhaill den Choiste, freisin, tá beirt bhall seachtrach eile, duine acu ina státseirbhíseach sinsireach ó Roinn eile agus duine eile a bhí tráth ina Chomhpháirtí Iniúchóireachta i gcomhlacht cuntasóirí cairte a bhfuil iomrá orthu.

Tá tús curtha ag an gCoiste lena chuid oibre trí ghlacadh le cairt fhoirmeálta dó féin. Leanfaidh sé d'fhorbairt róil agus clár oibre an iniúchóra inmheánaigh agus bhéarfaidh sé treoir agus taca d'fhorbairt córais Bainistíochta Riosca laistigh de na hOifigí sna trí bliana atá romhainn. Agus é ag obair leis an iniúchóir inmheánach, féachfaidh an Coiste le measúnú neamhspleách a dhéanamh ar rialuithe inmheánacha sna hOifigí, d'fhonn úsáid eacnamaíoch agus éifeachtach na n-acmhainní agus comhlíonadh na bpolasaithe, ngnásanna, ndlíthe agus rialuithe seanbhunaithe a chinntiú, chun sócmhainní agus leasa a chosaint ar chaillteanais de gach sórt, lena n-áirítear iadsan atá de thoradh calaoise, neamhrialtachta nó éillithe, agus a chinntiú go bhfuil iomláine agus iontaofacht ag baint leis an bhfaisnéis agus leis na sonraí a choinnítear sna hOifigí. Cuimsíonn Cairt an Choiste Iniúchóireachta, agus obair agus feidhmeanna an iniúchóra inmheánaigh Coimisiún Athchóirithe an Dlí (féacht Alt 2.14).

Aithníonn na hOifigí an tábhacht a bhaineann le rioscaí suntasacha airgeadais agus neamh-airgeadais a shainaithint, a mheas, a chur in ord tosaíochta agus a bhainistiú, .i. bagairtí in aghaidh aimsiú rathúil chuspóirí na nOifigí agus, má bhíonn rath orthu, na hiarmhairtí de bharr oibreacha reatha nó fheidhmiú an athraithe. Déanfaidh na hOifigí iarracht a chinntiú go n-ailinítear na straitéisí daonacmhainní le bainistiú agus rialú rioscaí, agus go bhforbrófar meicníochtaí éifeachtacha 'luathfhógartha' atá cuí agus a thugann comhpháirt don fhoireann i bpróiseas bainistíochta agus rialaithe na rioscaí.

2.13.5 An tAonad Seirbhísí

Le linn tréimhse an Ráitis Straitéise beidh na hAonaid Seirbhísí sa dá Oifig ag cur i gcónaí le héifeacht agus le cumas na nOifigí a ndualgais a chomhlíonadh maidir le cóiríocht, trealmhú agus solathairtí oifige, slándáil, teileachumarsáid agus siamsaíocht, le haird ar leith ar luach an airgead.

2.13.6 Tacaíocht Cléireachais

Aithníonn an Oifig ról tábhachtach na foirne riaracháin a chabhraíonn leis na hAonaid uile seirbhísí dlí den chaighdeán is airde a sheachadadh, de réir an tsainordú a tugadh don Oifig. Leanfaidh an fhoireann taca riaracháin dá hiarrachtaí le seirbhís shárchaighdeáin a chur ar fáil le linn tréimhse an Ráitis Straitéise seo, trí thacaíocht a sholáthar do gach Aonad, dhul ar chúrsaí traenála cuí chun scileanna a fhorbairt agus a fheabhsú, agus trí pháirt a ghlacadh mar is cuí i ngrúpaí oibre agus i gcoistí ábhartha.

2.13.7 Bainistíocht an Athraithe

Aithníonn an Oifig an tábhacht atá le tionscnaimh Bhainistíocht an Athraithe agus lena chuspóir maidir le feabhas a chur ar bhainistíocht na státseirbhíse agus na seirbhíse poiblí, chun go mbeidh siad níos sofhreagraí do riachtanais na gcliant, níos dírithe ar fheidhmíocht agus ar thorthaí, agus an cumas acu sárluach ar airgead a bhaint amach.

Chuige seo bunaíodh nuaAonad Bhainistíocht an Athraithe i Meitheamh, 2002, chun cabhrú leis an gCoiste Comhairleach Bainistíochta i bhfeidhmiú an Chláir Athraithe a éiríonn as tionscnaimh mar Thionscnamh na Bainistíochta Straitéisí, Seirbhísí Feabhsaithe Rialtais a Sheachadadh (SFRS), Córas Forbartha na Bainistíochta Feidhmíochta, An tAcht um Bhainistíocht na Seirbhíse Poiblí, Seirbhís Ardchaighdeáin don Chustaiméir, Creat na Bainistíochta Faisnéise (CBF), An Ghaeilge, etc, laistigh den Oifig. Go hachomair, tá an Oifig, mórán mar atá sa chuid eile den earnáil phoiblí, ag dul trí chlár an-leathan athraithe. Aithníonn an Oifig na baoil a bhaineann le hathrú, agus gur mó an seans atá ann go rachaidh cúrsaí amú lena linn seo. Is gá anailís chúramach a dhéanamh ar na baoil a bhaineann leis an athrú agus aghaidh a thabhairt orthusan. Le linn na trí bliana atá romhainn cabhróidh an tAonad leis an gCoiste Comhairleach Bainistíochta cláir athraithe a cheapadh agus a fheidhmiú agus, i gcás cláir atá i bhfeidhm cheana féin san Oifig, iad a fhoirfiú nó a neadú inti, d'fhonn bunchuspóirí na hOifige a bhaint amach.

2.13.8 Teicneolaíocht Faisnéise agus r-Sheirbhísí Rialtais

Aithníonn an Oifig go bhfuil ról tábhachtach ag an Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide maidir le cabhair a thabhairt don Oifig a cuspóirí a bhaint amach agus leibhéal níos airde den tseirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a sholáthar dár gcliaint, agus le seachadadh níos leithne a dhéanamh ar r-sheirbhísí Rialtais. Aithníonn an Oifig freisin go bhfuil gá le réitigh na TF, atá straitéiseach agus costas-éifeachtach, chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais seo. Cé go ndearnadh freastal maith ar an Oifig ar fad leis na céad chórais TF a forbraíodh, in Oifig Shráid Mhuirfean i 1995 agus in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit i 1997, mar thaca dóibh araon, is eol don Oifig gur gá forbairt leanúnach a dhéanamh ar a cuid córas chun riachtanais na hOifige a fhreastal. D'fhostaigh an dá Oifig, mar sin, *Price WaterhouseCoopers (PWC)* ag deireadh 2000 chun Plean TF amháin a fhorbairt, a dhéanfadh ailíniú idir infheistíocht na TF amach anseo agus cuspóirí gnó agus tosaíochtaí na hOifige.

Seoladh an nua-Phlean TF chun na hOifige in Iúl, 2001. Moladh ann go dtionscnófaí Straitéis TF a mbeadh daichead éigin tionscadal ar leith mar bhonn léi. Cuireadh líon áirithe de thionscadail bonneagair na

TF i gcrích ó shin agus táthar ag súil go mbeidh bunús na dtionscadal bonneagair críochnaithe roimh dheireadh 2003. Thionscnaigh an Oifig roinnt córas tábhachtach gnó, freisin. Ar na príomhthionscadail gnóchórais a tionscnaíodh, mar a luadh in Alt 2.1, tá na réimsí a bhaineann le bainistiú cásanna agus taifead, dréachtú / bainistiú reachtaíochta, bainistíocht airgeadais agus bainistíocht eolais. Tá dul chun cinn substaintiúil déanta ar thionscadal na bainistíochta cásanna agus taifead, agus tá luathchéimeanna pleanála glactha i leith na dtionscadail eile. Díreofar forbairt na TF thar thréimhse an Ráitis Straitéise seo ar lánfheidhmiú na dtionscadal uile go luath i 2005.

Mar atá ráite cheana, is forbairt spéisiúil eile í an comhoibriú idir an Oifig agus Seirbhís na gcúirteanna agus a comhairleoirí chun straitéis TF a fhorbairt do na cúirteanna. Tá na baill d'fhoireann dlí agus TF na hOifige ina mbaill de Ghrúpa na Cúirte Uachtaraí ar Ríomhaireacht, freisin. Tá an Oifig tiomanta a bheith sa chéad áit i measc na n-oifigí dlí agus í láninniúil ar leas a bhaint as an tseirbhís nua. Cuireadh in iúl don Oifig gur moladh go ndéanfaí píolótú ar chleachtais roghnaithe TF, i gcás achomharc chuig an gCúirt Uachtarach, agus thairg sí páirt a ghlacadh sna bearta píolótacha seo.

2.13.9 Clárlann

Láimhseálann Clárlann Oifig Shráid Mhuirfean an postas uile a thagann isteach san Oifig. Tá sí freagrach as bainistiú na gcomhad, as an gcartlannaíocht agus as na taifid atá le haistriú chuig an gCartlann Náisiúnta a shainaithint. Sna trí bliana atá romhainn, beidh ról criticiúil ag an gClárlann i bhfeidhmiú nuapholasaithe bainistíochta comhad agus taifead, agus i bhfeidhmiú chóras bainistíochta cásanna agus taifead. Beidh gá le hathstruchtúrú chun Lárionad Taifead a chruthú, agus le hOifigeach um Bhainistíocht Taifead a cheapadh chun na polasaithe seo a chur i bhfeidhm. Meastar go dtiocfaidh an comhad leictreonach i réim mar phríomhchomhad na hOifige, sa tréimhse sin.

2.13.10 Leabharlann agus Seirbhísí Fios Gnó

Cuireann an Leabharlann agus an tAonad Fios Gnó in Oifig Shráid Mhuirfean agus Leabharlann Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit acmhainní faisnéise dlí agus seirbhísí ar fáil d'fhoireann na hOifige, don Chomhairleoir Dlí sa Bhruiséal, do chomhairleoirí dlí na Roinne agus d'Aturnaetha Stáit áitiúla. Roghnaíonn, faigheann agus scaipeann na leabharlanna faisnéis dlí. Cuirtear na seirbhísí seo a leanas ar fáil; catalóg leabharlainne ar líne, bunachar sonraí um fhios gnó, seirbhísí faisnéise agus taighde, traenáil i scileanna faisnéise, eolas reatha, rochtain ar raon leathan ábhar intí (clóbhuailte agus leictreonach), cuardach ar líne i dtaca le cuideachtaí agus Clárlann na Talún, rochtain ar leabharlanna seachtracha, iasachtaí, seachadadh iasachtaí agus doiciméad idirleabharlainne. Is leabharlanna dlí go príomha iad na leabharlanna, ach tá teacht acu ar raon faisnéise bainistíochta agus teicneolaíochta, freisin.

Trí Oifigeach Fios Gnó a earcú d'Oifig Shráid Mhuirfean, réitíodh an tslí d'fhorbairt bhreise ar bhunachar sonraí um Fhios Gnó san Oifig. Is acmhainn fíorluachmhar í an bunachar sonraí um fhios gnó, a bhfuil sé mar chuspóir aige rochtain níos fearr a thabhairt don fhoireann uile ar chomhairlí tábhachtacha inmheánacha, ar mheamraim, ar thuairimí agus ar ábhair dlí inmheánacha atá ábhartha agus a chinnteoidh nósanna dea-chleachtais agus méadú éifeachta. Níl sa bhunachar sonraí um fhios gnó ach ceann amháin de na tionscnaimh bainistíochta faisnéise atá ar bun san Oifig. Tá straitéis fheabhsaithe á fhorbairt ag an Oifig faoi láthair i leith bhainistíocht an eolais. Léireoidh sí seo na réitigh TF agus neamh-TF a chabhróidh le roinnt éifeachtach an eolais ar fud na hOifige. Tá na straitéisí seo mar bhonn le straitéis ghinearálta na hOifige go mbeidh speisialtóireacht bhreise ar siúl sa dlí, ardleibhéal saineolais ghairmiúil ann, agus tiomantas, nuair is cuí, a chinntiú go mbeidh comhsheasmhacht sa chomhairle dlí a thugtar. Cuirfear na tionscnaimh agus na straitéisí, agus aon teicneolaíocht a éiríonn astu, i bhfeidhm sna trí bliana atá romhain.

Córas Bainistíochta Bailiúcháin an Unicorn atá mar phríomh-fheidhmclár ag an dá leabharlann. Roinntear an córas seo, freisin, le leabharlann an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí. Soláthraíonn leabharlann Oifig Shráid Mhuirfean an córas riaracháin atá mar thaca don chóras il-leabharlainne seo. Cuireann Unicorn ar chumas fhoireann na leabharlainne, úsáideoirí sa dá Oifig agus an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí bailiúcháin na dtrí leabharlann ar fad a chuardach ag an am amháin. Éascaíonn Unicorn, freisin, comhchatalógú na n-ábhar dlí ag foirne na leabharlanna, sa tslí go laghdaítear an dúblú agus go méadaítear éifeachtacht na hoibre. Rinne na leabharlanna an córas a uasghrádú le déanaí, leis an mbogábhar is déanaí ó Unicorn, agus leanfar den fhorbairt seo le Unicorn d'fhonn riachtanais na bhfoirne leabharlainne agus na n-úsáideoirí a fhreastal. Fostaíodh breis leabharlannaithe le haghaidh buanphost sa dá leabharlann le déanaí, rud a chabhraigh le forbairt chomhchórais bainistíochta na leabharlainne, go háirithe in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit, mar a bhfuil mórthionscadal maidir le catalógú siarghabhálach ar siúl faoi láthair.

Is iad na príomhstraitéisí atá ann don dá leabharlann sna trí bliana atá romhainn, treoir a thabhairt maidir leis na tionscnaimh bainistíochta eolais a fhorbairt san Oifig ar fad, agus oibriú go dlúth le húsáideoirí leabharlainne agus le solathróirí faisnéise, araon, lena chinntiú go gcuirfear na hacmhainní agus na seirbhísí cuí ar fáil ar bhealach atá costaséifeachtach.

2.13.11 Athruithe Réamh-mheasta ar Riarachán

Sna trí bliana atá romhainn cruthófar roinnt dúshlán d'Oifig Shráid Mhuirfean agus d'Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit ó thaobh riaracháin de. Ina measc seo beidh;

- comhairliú agus caibidlíocht maidir leis an bhfreagracht as Aturnaetha Stáit áitiúla a aistriú ón Ard-Aighne go dtí Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí, a mbíonn breis agus 90% dá gcuid ama á chaitheamh ar a shon, chomh fada is a bhaineann le hobair an Stáit;
- obair a chur in ord tosaíochta agus an fhoireann a athdháileadh chun freastal ar riachtanais an Rialtais, na Ranna agus na nOifigí ó thaobh seirbhísí dlí de, i gcomhthéacs le srianta buiséidí níos doichte agus laghdú ar líon na foirne;
- an Phlean TF a lánfheidhmiú agus, go háirithe, nuaChóras Bainistíocht Cásanna agus Taifead, r-Chóras Dréachtaithe Reachtaíochta, Córas Faisnéise um Bhainistíocht Airgeadais agus Córas Bainistíochta Daonacmhainní a chur i bhfeidhm.

Ar na saincheisteanna a éireoidh faoi sheirbhísí riaracháin a thacaíonn le hobair an dlí in Oifig Shráid Mhuirfean agus in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit beidh;

- áiseanna cuí cóiríochta a chur ar fáil,
- traitéisí cuí daonacmhainní a fheidhmiú sa dá Oifig,
- polasaithe cuí daonacmhainní, lena n-áirítear traenáil agus forbairt, a fheidhmiú,
- moltaí forleathana an Iniúchóra Inmheánaigh a fheidhmiú, de réir fhaomhadh an Choiste Iniúchóireachta,
- próiseas an iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú, ag cur san áireamh moltaí an *Ghrúpa Oibre ar Chuntasacht Rúnaithe Ginearálta agus Oifigeach Cuntasaíochta*, agus athruithe ar na gnásanna a bhaineann le Fáltas Poiblí,
- idirbheartaíocht leis an Roinn Airgeadais agus meicníochtaí cuí a bhunú chun an fhreagracht as caiteachais neamhphá a íoc, mar atá á dhéanamh faoi láthair ag Brainse na gCuntas den Roinn Airgeadais thar ceann na nOifigí, a aistriú go réidh,
- athbhreithniú ar phróiseas na Comhpháirtíochta i gcomhairle leis na Coistí Comhpháirtíochta,
- athbhreithnithe caiteachais a thionscnamh chun luach ar airgead agus seachadadh éifeachtach seirbhísí a chinntiú,
- a chinntiú go bhfuil leorshocruithe tuairiscíochta ann le haghaidh fhoilsiú na dTuairiscí Bliantúla, lena n-áirítear Tuairiscí faoin Dul chun Cinn maidir leis na príomhchuspóirí sa Ráiteas Straitéise agus sa Treoir Seirbhíse do Chliaint, de chuid na hOifige,

- straitéis bainistíochta eolais (BE) a chríochnú i Márta, 2003, a stiúróidh forbairt na bpróiseas agus na n-acmhainní bainistíochta / chomhroinnt an eolais sa chúpla bliain atá romhainn.
- beidh béim níos mó ar sheachadadh leictreonach acmhainní agus seirbhísí faisnéise dlí chuig deasca úsáideoirí. Tacófar le seachadadh leictreonach na n-acmhainní agus na seirbhísí le cabhair clár foirmeálta traenála, áiseanna cabhairdheisce, etc., a chuirfidh an fhoireann leabharlainne ar fáil. Déanfaidh na cláir thraenála seo forbairt bhreise ar scileanna leictreonacha na foirne agus méadóidh siad a n-aird ar an raon acmhainní faisnéise atá ar fáil,
- beidh béim níos láidre ar chomhordú acmhainní faisnéise chun a chinntiú go mbeidh teacht ag úsáideoirí ar raon cuí seirbhísí agus chun luach ar airgead a chinntiú.

Ina theannta seo, aithníonn an Oifig go bhfuil sé tábhachtach rioscaí suntasacha airgeadais nó neamh-airgeadais a shainaithint, a mheas, a chur in ord tosaíochta agus a bhainistiú, bíodh siad ag éirí as oibríochtaí reatha nó as feidhmiú an athraithe. Déanfaidh an Oifig iarracht a chinntiú go ndéanfar na straitéisí daonacmhainne a ailíniú le bainistiú agus rialú na rioscaí agus forbróidh sí na meicníochtaí éifeachtacha 'luathrabhaidh' is cuí agus bhéarfaidh sí comhpháirt do bhaill foirne sa phróiseas um bhainistiú agus rialú rioscaí.

Beidh cuid mhaith athruithe le cur i gcrích i bhforbairt straitéis na ndaonacmhainní agus i bhfeidhmiú córas BD ina dhiaidh, a thacaíonn le cuspóirí straitéiseacha na hOifige tríd an bhfoireann. Is gá fócas méadaithe ar bhainistiú na ndaonacmhainní a chuimseodh cur chuige níos gairmiúla agus níos córasúla, agus a thabharfaidh le chéile saincheisteanna maidir le hearcaíocht, promhadh, polasaithe oifige, ardú céime agus forbairt na foirne, nó a leithéid.

2.14 AN COIMISIÚN UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ

Faoin Acht um Athchóiriú an Dlí 1975, tá feidhmeanna ag an Ard-Aighne maidir leis an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí. Is comhlacht reachtúil neamhspleách é an Coimisiún a bunaíodh faoin Acht. Na príomhfheidhmeanna atá aige ná, an dlí náisiúnta a choinneáil faoi athbhreithniú agus, de réir an Achta, scrúduithe agus taighde a dhéanamh d'fhonn an dlí a athchóiriú, agus moltaí a dhéanamh le haghaidh athchóiriú an dlí. Is trí Dheontas i gCabhair ón Vóta d'Oifig Shráid Mhuirfean a mhaoinítear an Coimisiún. Mar sin de, scrúdaíonn, measúnaíonn, agus tuairiscíonn an Iniúchóir Inmheánach, freisin, i dtaobh oiriúnacht an chórais iniúchta inmheánaigh atá ag an gCoimisiúin, mar chuid dá chúraimí níos leithne.

Le linn na dtrí bliana atá romhainn leanfaidh an Oifig dá dhlúthobair leis an gCoimisiúin, agus é i mbun *a Dhara Clár um Athchóiriú an Dlí don tréimhse 2000 – 2007* a chur chun cinn. Cabhróidh sé leis an gCoimisiún, freisin, a chlár athraithe faoin TBS a fheidhmiú, córas um bhainistiú feidhmíochta agus forbartha san áireamh. Tá Plean Straitéise agus Gnó á ullmhú ag an gCoimisiún faoi láthair don tréimhse 2003 go 2005.

Tugann an Oifig cabhair rialta don Choimisiún, go háirithe i gcás saincheisteanna Airgeadais agus TF. Tá leabharlann an Choimisiúin agus na leabharlanna in Oifig Shráid Mhuirfean agus in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit ag comhoibriú chun a gcóras bainistíochta il-leabharlainne a fhorbairt a thuilleadh agus chun acmhainní agus seirbhísí a chomhordú mar is cuí.

2.15 CÚRSAÍ TRASRANNACHA, GRÚPAÍ OIBRE AGUS BINSÍ

Déanann an Oifig seirbhísiú i gcónaí agus glacann sí páirt i raon leathan tionscadal agus grúpaí trasrannacha. Bíonn ballraíocht neamh-rannach i gceist le cuid acu, réimsí mar an dlí núicléach agus shaincheisteanna Angla-Éireannacha, Lia-Dhlí agus custaiméara. Trí pháirt a ghlacadh sna tionscadail seo, ardaítear ceisteanna faoi nuabhealaí oibre agus faoi chumarsáid éifeachtach a chothú.

Tá an-chuid éileamh ar sheirbhísí na hOifige de bharr na dtiomantas sa *Chlár don Rialtas, 2002 – 2007* go ndéanfaí dlí agus cleachtais na díobhála pearsanta a athchóiriú. Tá an Oifig gafa go gníomhach le líon áirithe tionscnamh trasrannacha sa réimse seo.

Déanann Gníomhaireacht Éilimh an Stáit anois bunús na n-éileamh um dhíobhálacha pearsanta i gcoinne an Stáit an chosaint. Tá cumhachtaí tábhachtacha reachtúla ag an Ard-Aighne chun faisnéis a lorg ar an nGníomhaireacht agus treoracha a thabhairt di maidir le héilimh tharmligthe a éilíonn léirbhealaí oscailte cumarsáide idir an nGníomhaireacht agus an Oifig. Leanfaidh an Oifig dá dlúthobair leis an nGníomhaireacht agus coinneoidh sí slán na línte cumarsáide, idir fhoirmeálta agus neamhfhoirmeálta, a bunaíodh léi.

Coinníonn an Oifig aici féin an bhainistíocht ar chatagóirí áirithe éileamh, olléilimh áirithe san áireamh. Is gá na holléilimh a láimhseáil le cúram straitéiseach a éilíonn dlúthchomhairle leanúnach le cliant-Ranna, le hOifig an Phríomh-Aturnae Stáit, le comhairleoirí agus le saineolaithe leighis agus teicneolaíochta. Beidh dúshláin shuntasacha anseo don Oifig feasta.

Clúdaíonn na grúpaí trasrannacha raon leathan bearta dá shórt seo: saincheisteanna faoin AE, forfheidhmiú dhlí na gcuideachtaí, seirbhísí airgeadais, athchóirithe pleanála agus bonneagair, ginmhilleadh, tearmann agus inimirce, an Garda Síochána, Cabhair um an Dlí Choiriúil, Uachtarántacht na hÉireann san AE i 2004 agus Tionscnamh na Bainistíochta Straitéisí (féach Aguisín IV).

Lasmuigh de pháirt a ghlacadh i ngrúpaí athbhreithnithe a bhunaigh an Rialtas, bíonn baill na hOifige páirteach, freisin, i ngrúpaí oibre an AE a mbíonn feidhmiú bhearta an AE mar thoradh saothair orthu.

Bíonn éileamh ar sheirbhísí na hOifige, freisin, de bharr an líon mór binsí agus fiosrúchán a bunaíodh le déanaí. Tá diminsean breise le hobair na hOifige de bharr na bhforbairtí seo, a thugann deis do bhaill na hOifige páirt níos gníomhaí a ghlacadh i dtionscnaimh thras-státseirbhíse.

Tá liosta Coistí agus Coimisiún a bhfuil ionadaíocht ag an Oifig orthu in Aguisín IV.

2.16 COMHAIRLEOIRÍ DLÍ NA RANNA

Tá comhairleoirí dlí nó baill foirne le cáilíochtaí dlí ag roinnt Ranna agus Oifigí, a chuireann comhairle ar fáil dá nAirí nó dá Ranna agus Oifigí, ar ábhair a bhíonn ina gcúis imní dóibh siúd. Dréachtann roinnt acu, freisin, a gcuid ionstram reachtúla féin gan dul i muinín Oifig an Phríomh-Abhcóide Parlaiminte. Mar sin de, níl na seirbhísí dlí atá ar fáil don Stát chomh lárnaithe is a bhí roimhe seo. Tá socruithe ann lena chinntiú gur róil chomhlánacha atá acu agus nach bhfuil siad ag teacht trasna ar ról an Ard-Aighne mar chomhairleoir an Rialtais. Tugann Leabharlann Oifig Shráid Mhuirfean agus a Aonad Fios Gnó seirbhísí leabharlainne agus faisnéise do chomhairleoirí dlí na Roinne. Tá mórán buntáistí ag baint le bheith ag obair le comhairleoirí dlí. Ach bíonn dúshláin ann, freisin, maidir le comhsheasmhacht a bhaint amach agus léirbhealaí éifeachtacha cumarsáide a chinntiú.

2.17 FOIREANN NA HOIFIGE MAR SHAINEOLAITHE DLÍ THAR LEAR

Uaireanta déanann baill na hOifige ionadaíocht don Stát mar shaineolaithe dlí ar raon d'fhóraim idirnáisiúnta. Is ar an gcuma sin a freastlaíonn Abhcóidí Comhairleacha ar chruinnithe de Bhrainse Idirnáisiúnta Dlí Trádála na Náisiún Aontaithe (*UNCITRAL*), ar Choinbhinsiún na Háige um an Dlí Príobháideach Idirnáisiúnta agus ar Ghrúpaí Oibre de Chomhairle na hEorpa. Tá siad ainmnithe, freisin, mar shaineolaithe comhchéime chun athbhreithnithe a dhéanamh ar dhlíthe na mballStát eile i gComhairle na hEorpa.

2.18 SAINCHEISTEANNA DLÍ IDIRNÁISIÚNTA

Tá machnamh á dhéanamh ar chomhdháil nó seimineár a reáchtáil faoi chúram Oifig an Ard-Aighne, ar shaincheisteanna faoin dlí idirnáisiúnta atá ábhartha d'Éirinn faoi láthair.

3 PRÍOMHCHUSPÓIRÍ

Tógtar na príomhchuspóirí ón ráiteas bunchuspóra, seirbhísí gairmiúla dlí den chaighdeán is airde a sholáthar don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí. Seo a leanas iad:

- Soláthar seirbhísí dlí a fhorbairt i ngach réimse den dlí a bhfuil mórthábhacht leis don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí.
- Bainistiú daonacmhainní a fhorbairt, mar thaca do chuspóirí ginearálta na hOifige, agus an fheidhm traenála agus forbartha a chur chun cinn laistigh den Oifig.
- A chinntiú go seachadtar seirbhísí dlí ar shlí a chomhlíonann prionsabail na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí agus a chuireann san áireamh clár an athraithe sa tseirbhís poiblí.
- Córais Teicneolaíochta Faisnéise a fhorbairt chun tacaíocht a thabhairt do gach gníomhaíocht ghairmiúil, idirbheartaíochta, bainistíochta agus seachadta seirbhísí san Oifig, agus iad a mheasúnú.
- An t-eolas agus an fhaisnéis riachtanach a chur ar fáil don fhoireann chun seirbhís ardleibhéil a sheachadadh, trí leabharlann gairmiúil, taighde, agus acmhainní agus seirbhísí fios gnó a chur ar fáil.
- Cur le héifeachtacht na seirbhíse poiblí trí spreagadh agus cabhair a thabhairt do chomhordú na seirbhísí dlí sa Stát.

Próiseas Pleanála Gnó

Tá fonn ar an Oifig táscairí soiléire a cheapadh maidir le feidhmiú a cuspóirí agus straitéisí uile. Áit ar bith sa Ráiteas Straitéise a bhfuil éifeacht leis, luaitear na táscairí seo. Leanfaidh an Oifig ag forbairt táscairí mar chuid den phróiseas pleanála gnó, áfach. Dá réir sin, tá sé i gceist ag an Oifig táscairí soiléire feidhmíochta a lua i leith príomhstraitéisí sa timthriall gnó atá le teacht, agus tá sé i gceist go mbeidh pleananna gnó do gach Aonad Gnó san Oifig críochnaithe faoi dheireadh an chéad ráithe de 2003.

Mar a tugadh le fios in Alt 7, is gá leordháileadh acmhainní leis na príomhchuspóirí a bhaint amach.

4 FEIDHMIÚ NA BPRÍOMHCHUSPÓIRÍ

4.1 PRÍOMHCHUSPÓIR 1

Soláthar na sainseirbhísí gairmiúla dlí a fhorbairt i ngach réimse den dlí a bhfuil mórthábhacht leis don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí.

Leis an méadú ar obair na hOifige, toisc clár reachtaíochta an Rialtais a bheith leathnaithe go mór agus daoine ag dul i muinín dlí agus dlíthíochta níos minice, tá an Oifig ag díriú ar bhreis speisialtóireachta ag Abhcóidí Comhairleacha, ag Abhcóidí Parlaiminte, agus ag an bhfoireann dlíodóirí agus feidhmeannach dlí. Déanfaidh an Oifig iarracht déileáil sa tslí is fearr is féidir le riaradh na n-éileamh breise, trí iarracht a chinntiú go mbeidh a cuid speisialtóireachta ailínithe go dlúth le riachtanais na gcliant-Ranna.

Is iad na straitéisí lena mbainfear an cuspóir seo amach:

Straitéis

Le cabhair suirbhéanna cliaint, aiseolas ó chliaint agus ár n-anailís féin le sainaithne a chur ar na réimsí dlí a mbeidh comhairle dlí at teastáil iontu, .i. riachtanais réamh-mheasta na gcliant, agus scrúdú a dhéanamh ar na bealaí is fearr leis an gcomhairle seo a thabhairt.

Go háirithe, sainaithne a chur ar –

- na réimsí reatha atá ag leathnú;
- réimsí nua;
- réimsí atá ag laghdú;
- agus, mar is gá, protacail a cheapadh faoin dóigh ina gcumfar comhairle agus ina léireofar í.

Táscaire

- Go gcoinneoidh gach Aonad Gnó dlí, le cabhair na modheolaíochta cuí a mbeidh tuairisc uirthi i bplean gnó gach aonaid, córas cuimsitheach aiseolais chun aird a tharraingt ar nuacheisteanna straitéise, ábhair imní a réiteach agus áis idirchumarsáide a sholáthar do na príomhchliaint a fhaigheann seirbhísí dlí uaithi, faoi dheireadh Mheán Fómhair gach bliain.
- Faoi dheireadh Dheireadh Fómhair gach bliain, go soláthróidh gach Aonad Gnó anailís scríofa ar an aiseolas atá faighte agus ar mholtaí chun plé le torthaí an aiseolais.
- Go gcuirfidh gach Aonad Gnó na moltaí seo i bhfeidhm.

Straitéis

A chinntiú go bhfuil an acmhainn agus an tsolúbthacht ag an Oifig ina iomlán chun sainchomhairle agus sainseirbhísí dlí a sholáthar mar is gá.

Táscaire

- Go ndéanfaidh gach Aonad Gnó moladh maidir le traenáil agus forbairt i réimsí sainaithinte.
- Dlíodóirí a shannadh do speisialtachtaí i réimsí nua.
- Rannóg um Chonarthaí Tráchtála a bhunú in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.
- Moltaí a fhorbairt, i gcomhar leis na hAonaid Traenála agus Forbartha, le haghaidh traenála i réimsí a éilíonn traenáil iomlán na hoifige, m.sh., dlí CECD.
- Feidhmiú na moltaí traenála agus forbartha seo.

Straitéis

Comhairliú ar bhealach a mbeadh laghdú ar líon na ndamhachtainí / socraíochtaí in aghaidh an Stáit mar thoradh air i gcásanna díobhála pearsanta. Tá dhá comhpháirt leis seo. Sa líon beag catagóirí éilimh ar dhíobháil phearsanta atá fós faoi rialú na hOifige (agus i gcineálacha eile ollchaingean), comhairle chuí dlí a sholáthar dírithe ar an gcuspóir seo, agus bainistiú a dhéanamh, ar mhódh straitéiseach, ar na grúpaí éileamh a bhfuil tréithe comhchosúla acu. Maidir leis na héilimh a tharmligtear leis an nGníomhaireacht um Éilimh i gcoinne an Stáit ach go gcoinníonn an tArd-Aighne an chumhacht treoraithe ina leith, feidhmiú go dlúth agus go comhoibritheach leis an nGníomhaireacht chun an toradh is fearr is féidir a fháil don Stát.

Táscaire

- Comhairlí á soláthar go tráthúil.
- Córais agus straitéisí shoiléire ann chun plé le catagóirí iléileamh.
- Córais athbhreithnithe chun faisnéis a roinnt mar is cuí leis an nGníomhaireacht um Éilimh i gcoinne an Stáit.

Straitéis

Comhairle cuí dlí a sholáthar faoi Mheicníochtaí fiosrúcháin ar ábhair a bhfuil spéis phráinneach nó shuntasach ag an bpobal iontu. Thabharfadh comhairle dá sórt aird ar mhian an Rialtais go nglacfaí le meicníochtaí fiosrúcháin a thugann luach ar airgead don cháiníocóir.

Táscaire

- Comhairle chruinn thráthúil a thabhairt faoi seo.
- Comhairle a sholáthar faoi dhréachtú Bhille na gCoistí Imscrúdaithe 2002, de réir na spriocanna a shocraigh Coiste Reachtaíochta an Rialtais.
- Comhairle dlí a sholáthar maidir le binsí fiosrúcháin, i bhfianaise Pháipéir Chomhchomhairligh agus Thuarascáil Dheiridh an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí.
- Seicliosta a fhorbairt de na saincheisteanna ar ghá díriú orthu nuair a bhíonn binse nua á bhunú.

4.2 PRÍOMHCHUSPÓIR 2

Bainistiú na ndaonacmhainní mar thaca do chuspóirí ginearálta na hOifige, agus an fheidhm traenála agus forbartha a chur chun cinn laistigh den Oifig.

Forfheidhmiú córais chomhtháite um Bhainistíocht Daonacmhainní, a bheidh mar thaca ag cuspóirí straitéise agus príomhchuspóirí, agus a bheidh dírithe ar bhainistíocht rioscaí. Trí CBFF a neadú san Oifig, leanfar le próiseas a chruthóidh nasc idir príomhchuspóirí an Ráitis Straitéise, Phleananna Gnó gach Aonad Gnó ar leith, agus obair laethúil na foirne ar gach leibhéal den Oifig. Tá prionsabail na comhpháirtíochta, na hoscailteachta, an chomhionannais agus fhorbairt na foirne mar bhonn le straitéis Bhainistíocht Daonacmhainní na hOifige.

Is iad na príomhstraitéisí chun an gcuspóir seo a aimsiú:

Straitéis

Bainistíocht Daonacmhainní a fhorbairt ar dhóigh a bheidh oiriúnach d'eagraíocht seirbhíse gairmiúla agus

- a ghlac comhairle faoi riachtanais seirbhíse dá shórt;
- a chuir Príomhchuspóirí na hOifige san áireamh.

Táscaire

- Gach Aonad Daonacmhainní le Straitéis Daonacmhainní a thairgeadh, dírithe go soiléir ar sheirbhís ghairmiúil a sheachadadh. Na straitéisí a bheith ullamh roimh dheireadh Iúil, 2003, agus a bheith tosaithe le linn tréimhse an Ráitis Straitéise seo.

Straitéis

Leanúint le feidhmiú CBFF laistigh den Oifig d'fhonn fhorbairt straitéiseach na hOifige a léiriú, ar an mbonn nach mbaintear spriocanna straitéise amach ach amháin trí fheidhmíocht na foirne. Díriú feasta ar shainaithint agus ar fhorbairt na gcroí-inniúlachtaí / gcroíscileanna ábhartha.

Táscaire

- Athbhreithniú a dhéanamh, tar éis lánchomhairle a ghlacadh le bunús na hOifige maidir le cleachtais reatha CBFF, agus moltaí a dhéanamh chun iad seo a fhorbairt agus a leasú, mar is cuí, faoi dheireadh 2003. Déanfaidh an t-athbhreithniú seo measúnú, ach go háirithe, ar fheidhmiú na gcroí-inniúlachtaí reatha agus an tslí a roghnaítear croí-inniúlachtaí, d'fhonn a chinntiú go bhforbraíonn an eagraíocht dá mbarr sa treo a roghnaíonn an Oifig, agus i dtaca lena croífheidhmeanna.
- Croí-inniúlachtaí cuí a roghnú gach bliain agus pleananna a fheidhmiú lena n-aimsiú.

Straitéis

A chinntiú go bhfeidhmeofar an measúnú ar bhearta airgeadais a forbraíodh le haghaidh Chreat na Faisnéise Bainistíochta (CBF).

Táscaire

- Saintraenáil a chur ar fáil do bhainisteoirí agus do bhaill foirne eile ina thaobh seo.

- Measúnú a dhéanamh ar éifeacht na mbearta atá roghnaithe agus tuairisciú orthu go bliantúil.

Straitéis

Traenáil a sholáthar do phoist ar gach leibhéal de bhainistíocht na hOifige.

Táscaire

- Meicníochtaí a shainaithint chun traenáil bainistíochta a sholáthar le haghaidh gach post bainistíochta san Oifig.
- Na meicníochtaí traenála sin a chur i bhfeidhm.

Straitéis

Leanúint le feabhsú na ndeiseanna traenála agus forbartha atá ag an bhfoireann sa dá Oifig, d'fhonn na scileanna agus an t-eolas is gá a sholáthar chun dualgais a chomhlíonadh ar na caighdeáin is airde agus chun cur le forbairt a ngairme beatha chomh maith.

De réir TBS (*SMI*), traenáil bainistíochta a sholáthar, mar aon le traenáil agus forbairt a chumasaíonn bainisteoirí chun an bhainistíocht feidhmíochta a bhunú mar thosaíocht ag gach bainisteoir agus atá, san am céanna, nasctha le riachtanais an Rialtais.

Táscaire

- Deiseanna traenála agus forbartha sa bhainistíocht a thairiscint san Anailís ar Riachtanais Traenála.
- Na scileanna riachtanacha a shainaithint mar chuid den Anailís ar Riachtanais Traenála, agus plean traenála a fhorbairt.
- An traenáil seo a thabhairt.
- Éifeacht na traenála agus an fhorbartha a thomhas.
- Tuairisc a thabhairt ar thraenáil agus ar fhorbairt i dTuarascálacha Bliantúla na hOifige.

Straitéis

I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, feidhm an inniúchta inmheánaigh a fhorbairt, i bhfianaise *Thuairisc an Ghrúpa Oibre um Chuntasacht na nArd-Rúnaithe agus na nOifigeach Cuntasaíochta.*

Táscaire

- Clár tosaíochta a fheidhmiú maidir le scrúdú saincheisteanna agus táirgeadh tuairiscí.

Straitéis

Tosaíochtaí agus próisis bainistíochta rioscaí a fhorbairt, i gcomhar leis an gCoiste Inniúchóireachta.

Táscaire

- Rioscaí a bhaineann le gníomhaíochtaí reatha agus le gnó an athraithe a shainaithint agus a chur in ord tosaíochta, i gcomhairle leis na bpáirtithe leasmhara.
- Na rialúcháin is gá chuige seo a leagadh síos.
- Na tosaíochtaí agus próisis a chur in iúl don fhoireann
- Traenáil chuí a chur ar fáil.

4.3 PRÍOMHCHUSPÓIR 3

A chinntiú go seachadtar seirbhísí dlí ar shlí a chomhlíonann prionsabail na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí agus a chuireann san áireamh clár an athraithe sa tseirbhís poiblí.

Tá an Ráiteas Straitéise seo bunaithe ar an bprionsabal go bhfuil an Oifig tiomanta seirbhísí gairmiúla dlí den chaighdeán is airde a sholáthar dá cliaint. Léiríonn *Treoir Seirbhíse na gCliant 2002 – 2004* sonraí an chreata trína bhfeidhmeofar an prionsabal maidir le seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí agus trína mbeidh feabhsuithe breise á gcothú agus á gcruthú le linn saolré na Treorach. Aithníonn an Oifig gurb í an cloch choirnéil ar a bhfuil seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí bunaithe ná, comhairle fhairsing a ghlacadh lenár gcliaint agus córas cuimsitheach aiseolais a cheapadh a shoiléiríonn saincheisteanna nua straitéise, a réitíonn saincheisteanna imní agus a éascaíonn an chumarsáid dhéthreoch.

Straitéis

Na cuspóirí atá luaite i dTreoir Seirbhíse na gCliant 2002 – 2004 a sheachadadh.

Táscaire

- Tabharfar tuairisc i dTuarascálacha Bliantúla na hOifige ar a mhéid a bhfuil na cuspóirí atá luaite i *dTreoir Seirbhíse na gCliant 2002 – 2004* curtha i bhfeidhm.
- Caighdeáin chuí seirbhíse do chliaint a fhorbairt maidir le;
  - cliaint inmheánacha, agus
  - cliaint sheachtracha.

4.4 PRÍOMHCHUSPÓIR 4

Córais Teicneolaíochta Faisnéise a fhorbairt chun tacú le gach gníomhaíocht ghairmiúil, idirbheartaíochta, bainistíochta agus seachadta seirbhísí san Oifig agus chun iad a mheasúnú.

Aithníonn an Oifig an ról tábhachtach atá ag na Teicneolachtaí Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) maidir le cabhrú leis an Oifig a cuspóirí a bhaint amach agus tacú le sheachadadh na r-sheirbhísí Rialtais. Cinnteoidh feidhmiú nuaPhlean TF na hOifige, ina bhfuil príomhthionscadail na gcóras gnó a chlúdaíonn réimsí mar bhainistíocht cásanna agus taifead, bhainistíocht / dhréachtú reachtaíochta agus bhainistíocht eolais, go mbeidh cóir níos fearr ar an Oifig chun na cuspóirí a luaitear sa Ráiteas Straitéise seo a aimsiú agus chun feabhas a chur ar a dtiomantas maidir le seirbhísí dlí den chaighdeán is airde a sheachadadh dá gcliaint.

Is iad seo a leanas na príomhstraitéisí a bheidh ann:

Straitéis

Córais éifeachtacha um theicneolaíocht faisnéise a sheachadadh agus a fheidhmiú, chun faisnéis bainistíochta níos fearr a sholáthar mar thaca le tionscnaimh na r-sheirbhísí Rialtais, le cinnteoireacht agus rialú éifeachtach na bainistíochta, le tomhas agus measúnú feidhmíochta, chun go mbeidh fócas níos fearr ar aschuir agus trédhearcacht bhreise in úsáid na n-acmhainní.

Táscaire

- Feidhmiú suntasach ar an bPlean TF agus, go háirithe, ar phríomhthionscadail na gcóras gnó a chuimsíonn réimsí mar bhainistíocht cásanna agus taifead, bhainistíocht / dhréachtú reachtaíochta, bhainistíocht airgeadais, bhainistíocht daonacmhainní agus bhainistíocht eolais don Oifig faoi thús 2005.

Straitéis

Clár um bhainistíocht doiciméad agus taifead a fhorbairt agus a fheidhmiú chun cur le héifeacht na heagraíochta agus chun coinneáil na gcomhad a chuíchóiriú.

Táscaire

- Lánfheidhmiú na bpolasaithe um bhainistíocht doiciméad agus taifead agus bunú an Lárionaid Taifead faoin gcéad ráithe de 2004.
- An córas a athbhreithniú faoi dheireadh 2004.
- Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit ag comhlíonadh a ndualgas faoin Acht um Chartlann Náisiúnta 1986, ar bhonn bliantúil, agus go mbeadh na dualgais atá gan déanamh ag Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit comhlíonta faoi dheireadh 2005.

Straitéis

Réiteach na r-sheirbhísí reachtaíochta a fhorbairt agus a fheidhmiú, i gcomhairle le páirtithe leasmhara eile agus le haird ar thionscnamh r-sheirbhísí na Comhaireachta, d'fhonn tacú le ceapadh reachtaíochta agus lena bainistiú trí shaolré na reachtaíochta, agus le tionscnamh r-seirbhísí an Rialtais.

Táscaire

- An córas nua a fheidhmiú ar bhonn píolótach roimh an gceathrú ráithe de 2003.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an mbeart píolótach roimh an dara ráithe de 2004.

Straitéis

Leanúint le cothabháil agus forbairt modhanna chun tuairisciú agus measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar do chustaiméirí, agus an cuspóir seo a léiriú nuair atá cleachtais CBF á bhforbairt.

Polasaithe feabhsaithe a fheidhmiú chun go mbeidh cinnteacht bhreise ann go bhfaighidh an Oifig luach an airgid ar chaiteachas as a leithdháileadh meastacháin.

Páirt ghníomhach a ghlacadh sa chlár um athbhreithniú caiteachais a aontaíodh leis an Roinn Airgeadais.

A chinntiú go gcuirtear Creat na Bainistíochta Faisnéise i bhfeidhm.

Táscaire

- Faisnéise airgeadais a sholáthar don CCB go tráthúil, agus í a bheith ar ardchaighdeán.
- Athbhreithnithe caiteachais débhliantúla chun anailís a dhéanamh ar luach ar airgead agus ar an éifeacht a bhaineann le seachadadh seirbhíse ón Oifig.
- Córas Chreat na Bainistíochta Faisnéise a bheith bunaithe faoi dheireadh 2004 agus é ag feidhmiú chomh luath agus is féidir ina dhiaidh sin.

4.5 PRÍOMHCHUSPÓIR 5

An t-eolas agus an fhaisnéis riachtanach a chur ar fáil don fhoireann chun seirbhís ardleibhéil a sheachadadh, trí leabharlann gairmiúil, taighde, agus acmhainní agus seirbhísí fios gnó a sholáthar.

Is iad seo a leanas na príomhchuspóirí:

Straitéis

- Straitéis bainistíochta eolais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm agus córas bainistíochta eolais (BE) a roghnú mar atá rianaithe sa straitéis sin. Sainaithneoidh an straitéis seo, freisin, na réitigh neamhtheicniúla atá ann maidir le heolas a roinnt ar fud an dá oifig.

Táscaire

- Straitéis bainistíochta eolais a chur ar fáil faoi Mhárta, 2003. Eilimintí neamhtheicniúla na straitéise seo a fheidhmiú faoi Márta, 2004. Athbhreithniú a dhéanamh ar eilimintí neamhtheicniúla den straitéis bainistíochta eolais ar bhonn bliantúil.
- Roghnaigh córas BE faoin gceathrú ráithe de 2003. An córas seo a chur i gcrích faoin gceathrú ráithe de 2005.

Straitéis

Roghnaigh acmhainní/seirbhísí cuí faisnéise le béim ar sheachadadh leictreonach agus ar chomhordú aontaithe ceannacháin, de réir mar is cuí, idir leabharlanna Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.

Táscaire

- Athbhreithniú a dhéanamh ar na hacmhainní leictreonacha ar fad faoi Nollaig 2003 chun na deiseanna a bhféadfaí comhoibriú orthu a shainaithint. Torthaí an athbhreithnithe seo a chur i bhfeidhm chun ceannachán costas-éifeachtach a chinntiú le linn 2004 – 2005.
- Cruinnithe débhliantúla le príomhsholáthróirí na faisnéise seachtraí chun luach an chaiteachais ar fhaisnéis a chinntiú le linn 2003 – 2005.

Straitéis

Traenáil chuí i scileanna leabharlainne/faisnéise a sholáthar chun a chinntiú go mbainfear úsáid éifeachtach as acmhainní faisnéise na hOifige agus chun tacú le tionscnaimh traenála na hOifige, ar bhonn níos leithne.

Táscaire

- Ullmhú agus feidhmiú na gclár traenála dé-bhliantúla le haghaidh scileanna leabharlainne/faisnéise le linn 2003 – 2005.
- Cuidiú a sholáthar ón chabhairdheasc d'acmhainní na faisnéise leictreonaí le linn 2003 – 2005.
- Athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar na cláir agus ar a bhfeidhmiú.

4.6 PRÍOMHCHUSPÓIR 6

Cur le héifeacht na seirbhíse poiblí trí spreagadh agus cabhair a thabhairt do chomhordú sheirbhísí dlí an Stáit.

I dteannta na mbearta a raibh tagairt dóibh bPríomhchuspóirí 1 go 5, is iad seo a leanas a bheidh mar phríomhchuspóirí:

Straitéis

Seirbhísí dlí a sholáthar don Rialtas maidir le láimhseáil saincheisteanna agus polasaithe dlí a thrasghearrann a chéile, trí fhreastal ar choistí agus ar ghrúpaí oibre idir-rannacha agus comhairle a thabhairt.

Táscaire

- Modhanna oibre solúbtha agus cainéil nua cumarsáide a fhorbairt chun na próisis seo a éascú.
- Páirt a ghlacadh i ngrúpaí oibre agus i gcoistí idir-rannacha.

Straitéis

Páirt dhearfach a ghlacadh le comhairleoirí dlí sna Ranna Rialtais lena chinntiú go bhfuil an chomhairle a thugtar comhsheasmhach le comhairlí eile a thugann an tArd-Aighne.

Táscaire

- Cruinnithe athbhreithnithe a scrúdóidh na bealaí le héifeacht an chaidrimh seo a neartú agus an toradh is fearr is féidir a fháil air.

Straitéis

Bainistíocht straitéiseach a dhéanamh ar dhlíthíocht agus, go háirithe, ar olléilimh.

Táscaire

- Córais athbhreithnithe chun faisnéis agus dea-chleachtais a chomhroinnt, agus a chinntiú go bhfuil treoracha éifeachtacha ann maidir le príomhchinntí straitéiseacha.
- Seicliosta a dhéanamh de na céimeanna is gá chun luath-éifeacht an Stáit a uasmhéadú, i gcás imeachtaí atá sainaithinte mar réimse ina bhféadfadh olléilimh a theacht chun cinn.

Straitéis

Athbhreithniú ar na cleachtais reatha maidir le dlíthíocht agus idirghabhálacha i gcásanna atá os comhair Chúirt Bhreithiúnais na hEorpa.

Táscaire

- Faoi dheireadh 2003, go mbeidh athbhreithniú déanta, tríd is tríd, ar na céimeanna is gá chun na córais reatha a bhaineann le hidirghabhálacha os comhair CBE (Cúirt Bhreithiúnais na hEorpa) a shruthlíniú.
- San fhadtréimhse, córas feabhsaithe a cheapadh i gcomhar le Ranna agus Oifigí, chun an cur chuige maidir le dlithíocht agus idirghabhálacha an CBE a éascú agus a chomhordú.
- A chinntiú go mbeidh cur chuige níos córasúla ann chun faisnéis a scaipeadh faoi mhórfhorbairtí sa dlí-eolaíocht, i rialacha cúirte agus i reachtaíocht an CE.

Straitéis

Páirt a ghlacadh i bpróiseas comhairliúcháin leis an gCoimisiún um Athchoiriú an Dlí sa ról atá aige moltaí faoi Athchóiriú an Dlí a athbhreithniú, a scrúdú agus a chumadh.

Táscaire

- Cathaoirleacht a ghlacadh ar chruinnithe de Choiste Comhairleach an Choimisiúin um Athchoiriú an Dlí, de chuid an Ard-Aighne.
- Idirphlé leis an Rialtas agus le Ranna Rialtais a éascú maidir le sainábhair i gClár an Choimisiúin um Athchoiriú an Dlí.
- Eolas faoi Thuarascálacha an Choimisiúin um Athchoiriú an Dlí a chothú ar fud Ranna Rialtais.

Straitéis

Tacú le forbairt na straitéisí TF atá ag Seirbhís na gCúirteanna agus ag an mbreithiúntacht.

Táscaire

- Cur le forbairt na straitéise TF atá ann le haghaidh Sheirbhís na gCúirteanna i gcomhar le Seirbhís na gCúirteanna agus lena chomhairligh.

Straitéis

Comhdháil a eagrú/urrú agus a reáchtáil maidir le saincheisteanna an dlí Idirnáisiúnta atá ábhartha d'Éirinn faoi láthair.

Táscaire

- Reáchtáil na comhdhála i 2003 agus athbhreithniú a dhéanamh uirthi.

5 NA TOSCA CRITICIÚLA RATHA CHUN PRÍOMHCHUSPÓIRÍ A AIMSIÚ

Tá na príomhchuspóirí is gá chun an sainordú seo a chur i gcrích sainaitheanta ag an Oifig agus leagann sí amach anois na tosca criticiúla ratha is gá chun na príomhchuspóirí a bhaint amach. Is iad na tosca criticiúla ar a mbraitheann aimsiú na bpríomhchuspóirí ná foireann, struchtúir agus bainistíocht, lena n-áirítear bainistiú daonacmhainní, acmhainní, seirbhís do chliaint, faisnéis agus cumarsáid.

Tá na tosca inmheánacha agus seachtracha seo a leanas aitheanta againn mar bhunriachtanais chun na príomhchuspóirí a bhaint amach;

- go leor dlíodóirí saineolacha agus leorfhoireann theicniúil agus thacúil, ag obair mar fhoireann i dtimpeallacht eolastiománta agus iad tiomanta d'fheidhmiú shainordú na hOifige;
- creat scileanna agus inniúlachta a fhorbairt san Oifig, bunaithe ar straitéis chomhtháite daonacmhainní a chinntíonn go bhfuil spiorad na foirne á chothú;
- speisialtachtaí dlí, réimsí saineolais agus solúbthacht na heagraíochta a fheabhsú d'fhonn sainordú na hOifige a chur i gcrích;
- caighdeáin sheirbhísí na gcliant faoi láthair a chothú agus a fheabhsú trí leanúint de bheith ag tógáil ar scileanna agus ar inniúlachtaí na foirne le traenáil agus le forbairt saindírithe;
- forfheidhmiú rathúil i gcás Phlean TF na hOifige, lena n-áirítear córas bainistíochta cásanna agus taifead agus córas daonacmhainní a thacóidh leis na príomhchuspóirí;
- straitéis bainistíochta eolais níos fearr a cheapadh agus a fheidhmiú chun thacú le roinnt éifeachtach an eolais ar fud na hOifige;
- forfheidhmiú rathúil maidir le Creat na Bainistíochta Faisnéise laistigh den Oifig;
- córas éifeachtach um bhainistíocht feidhmíochta agus forbartha a fheidhmiú, d'fhonn na príomhchuspóirí a bhaint amach, agus táscairí feidhmíochta atá cuí agus oibiachtúil a cheapadh;
- pleananna éifeachtach gnó a chumadh chun príomhchuspóirí na hOifige a athrú ina bpleananna gnó le haghaidh gach aonad gnó;
- forbairt a dhéanamh ar na struchtúir ghairme chun foireann a mhealladh agus a choinneáil a bheidh cáilithe go cuí chun sainordú na hOifige a chur i gcrích;
- gach acmhainn is gá, lena n-áirítear an oiread maoinithe, foirne agus cóiríochta is gá chun freastal ar riachtanais na hOifige;
- faisnéis shoiléir ar thosaíochtaí an Rialtais, na Ranna agus na nOifigí;
- géilleadh do Lámhleabhar na Comh-Aireachta, m.sh., féach cearcallán 10/01/03 ó Ard-Rúnaí an Rialtais (lena n-áirítear Aguisín III dá chuid), agus treoracha ó Ranna agus Oifigí atá iomlán agus a chuimsíonn gach faisnéis riachtanach;
- cumarsáid mhaith inmheánach agus sheachtrach leis an bhfoireann, an Rialtas, na Ranna agus le hOifigí;
- a bheith rannpháirteach in athbhreithnithe agus i suirbhéanna an Rialtais, na Ranna agus na nOifigí.

6 MONATÓIREACHT AGUS ATHBHREITHNIÚ

6.1 TOMHAS AN RATHA

Déanfaidh an Oifig monatóireacht agus athbhreithniú cúramach ar fheidhmíocht agus ar an dul chun cinn maidir le haimsiú na bpríomhchuspóirí, tríd an méid seo a leanas: a Coiste Comhairleach Bainistíochta féin, na Coistí Comhairleacha Bainistíochta ar leith in Oifig Shráid Mhuirfean agus in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit, an bhainistíocht feidhmíochta, na hathbhreithnithe foirmeálta a luadh mar 'tháscairí' i bhfeidhmiú na straitéisí roghnaithe i gCuid 5, foilsiú na dTuarascálacha Bliantúla, na Coistí Comhpháirtíochta sa dá Oifig agus aiseolas ó chliaint. Beidh na modhanna nua a roghnaíodh mar chuid d'fheidhmiú an CBF mar chabhair don phróiseas.

Tomhaisfear an rath ar straitéisí na hOifigí ar an mbonn seo a leanas;

- aiseolas foirmeálta agus neamhfhoirmeálta a lorg go díreach ón Rialtas, ó Ranna agus ó Oifigí maidir le soláthar na riachtanas atá acu i leith seirbhísí gairmiúla dlí;
- tuarascáil Bhliantúil a thairiscint don Ard-Aighne maidir leis an dul chun cinn, mar aon le hathbhreithniú bliantúil ar an Ráiteas Straitéise. Foilseofar an Tuarascáil seo i mBéarla agus i nGaeilge a luaithe is féidir i rith na bliana lena mbaineann sí;
- éifeacht na hOifige agus a gnásanna reatha a mheas go criticiúil trí athbhreithniú inmheánach, lena n-áirítear aiseolas a fháil ón bhfoireann agus scrúdú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a fhaightear ó chórais eolais na hOifige;
- feidhm a bhaint as gnásanna tagarmharcála chun measúnú a dhéanamh ar an soláthar seirbhísí dlí agus ar éifeacht na hOifige i gcomparáid le cleachtais dlí eile agus le heagraíochtaí cuí san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach
- monatóireacht a dhéanamh ar aimsiú phríomhchuspóirí na hOifige mar a luaitear iad sa Ráiteas Straitéise seo, go háirithe le cabhair struchtúr comhpháirtíochta a chuirfidh Tuairiscí eatramhacha ar fáil faoin Dul chun Cinn;
- na cúiseanna a bhfuil easpaí ann a aithint agus na céimeanna is gá a ghlacadh lena sárú.

6.2 TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

An t-aitheantas suntasach a fuair an Oifig ó Ghrúpa Ráthaithe Caighdeán na Státseirbhíse maidir leis an dul chun cinn a rinneadh sa tréimhse go hAibreán, 2002, ar tháscairí feidhmíochta, (*PPF*, Creat 1.4), is maith an tuar é do thodhchaí na hOifige, nuair atá nua-Ráiteas Straitéise do na trí bliana romhainn á fheidhmiú ag an Oifig. Thug an Grúpa faoi deara, ach go háirithe, go raibh dul chun cinn maith déanta trí Thionscnamh na Bainistíochta Straitéise a neadú i mbainistíocht na hOifige agus go raibh obair thábhachtach déanta ag an Oifig maidir le seachadadh seirbhíse chuig cliaint a fheabhsú.

Le linn tréimhse an Ráitis Straitéise seo, déanfaidh an Oifig an fheidhmíocht a thomhas le cabhair an réimse saintáscairí feidhmíochta atá luaite agus a fhorbrófar a thuilleadh sna Pleananna Gnó. Tá na príomhchuspóirí sainaitheanta go soiléir ag an Oifig agus an próiseas tosaithe aici chun nua-Phleananna Gnó a thairiscint do gach Aonad san Oifig. Cuimseoidh na Pleananna Gnó seo saintáscairí feidhmíochta do gach gníomhaíocht a bheidh ar siúl, d'fhonn tacú le phríomhchuspóirí na hOifige, agus beidh an Oifig tiomanta na cuspóirí seo a sheachadadh le linn saolré an Ráitis Straitéise seo. Féachfaidh an Oifig chuige go mbainfear amach na príomhchuspóirí, trí sholúbthacht agus inniúlacht leanúnach a chothú san eagraíocht, ar shlí a bheidh comhsheasmhach lena tiomantas maidir le sárchaighdeáin seirbhíse a sholáthar dá cliaint. Bainfidh an Oifig é seo amach trí na meicníochtaí athbhreithnithe, inmheánach agus seachtrach, atá leagtha amach sa Treoir Seirbhíse do Chliaint.

Tá an dara timthriall bliantúil den Chóras um Bhainistíocht Feidhmíochta agus Forbartha tosaithe ag Oifig Shráid Mhuirfean. Tá Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit ar tí a céad thimthriall bliantúil den Chóras um Bainistíocht Feidhmíochta agus Forbartha a chríochnú agus tá sí ullamh chun a dara timthriall bliantúil a thosú in Eanáir, 2003. Aithnítear tábhacht an chórais seo atá mar áis chun an Ráiteas Straitéise a athrú ina bPleananna Gnó do gach aonad gnó san Oifig agus chun cuspóirí an duine aonair agus na bhfoirne a shainmhíniú go soiléir. Léirítear agus sainmhínítear na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá chun cuspóirí an duine aonair agus cuspóirí na heagraíochta a bhaint amach, le cabhair foirmeacha rólphróifíle do gach duine ar leith. Tá sé tábhachtach go n-aithneoidh baill foirne ar leith na ceangail shoiléire atá ag príomhchuspóirí an Ráitis Straitéise agus lena ndualgais laethúla. Déanfaidh an Oifig iarracht leanúint le próiseas neadaithe an CBFF san Oifig trí thimthriallta leanúnacha den CBFF, agus trí chumarsáide agus aiseolais don bhainistíocht ón bhfoireann a choinneáil sa siúl.

7 LEITHDHÁILEADH ACMHAINNÍ

Cuirfidh an Oifig roimhe sna trí bliana atá romhainn an úsáid is éifeachtaí is féidir a bhaint as acmhainní airgeadais chun freastal ar dhúshláin, dhualgais, agus ar riachtanais nua na gcliant. Le feidhmiú rathúil an Chreata um Bainistíochta Faisnéise (CBF), mar chuid d'fheidhmiú an nua-Phlean TF, beidh ar chumas na hOifige léiriú a thabhairt ar an tslí a gcaitheann sí a leithdháiltí Meastacháin agus a gcaitheann an fhoireann a cuid ama. D'fhostaigh an Oifig na comhairleoirí Deloitte & Touche chun comhairle a thabhairt faoi chóras nua bainistíochta airgeadais a fhorbairt, agus chun na rialuithe atá ann a mheas i gcomhthéacs le feidhmiú an CBF. Beidh tionchar ag tosca seachtracha, ar nós chinneadh na Roinne Airgeadais éirí as a bheith ina ghníomhaire íocaíochta i leith caiteachais neamh-phá agus an fócas breise ar luach ar airgead (LAA), ar roghanna na hOifige maidir le feidhmiú an CBF feasta. Ar na cúiseanna seo, tá moltaí Deloitt & Touche á scrúdú go cúramach ag an Oifig faoi láthair. Meastar go nascfaidh an córas nua, arna fheidhmiú, le nuachóras bainistíochta cásanna agus taifead na hOifige agus lena córas daonacmhainní, chun faisnéis airgeadais agus neamh-airgeadais a sholáthar a thacóidh le feabhsú na bainistíochta maidir le cinnteoireacht agus rialú, tomhas feidhmíochta agus measúnaithe, chun go mbeidh fócas níos fearr ar na haschuir agus trédhearcacht bhreise in úsáid na n-acmhainní. Glacfaidh an Oifig páirt ghníomhach leis an Roinn Airgeadais i gclár athbhreithnithe caiteachas a bheidh comhaontaithe.

An tsaoirse bhreise atá ag an Oifig de bharr an chórais riartha buiséide atá i bhfeidhm, ligfidh sé do na hOifigí cinneadh a dhéanamh faoin mbealach is éifeachtaí le hacmhainní a leithdháileadh chun cuspóirí na hOifige a bhaint amach agus a riachtanais a fhreastal. Leanfar, ach go háirithe, le leithdháileadh cistí ar fhorbairt na straitéise nua um bainistíocht daonacmhainní, agus ar thraenáil agus fhorbairt na foirne.

I rith 2002, rinne CCB Shráid Mhuirfean monatóireacht ar a leibhéal caiteachais don bhliain as leithdháileadh Mheastacháin na hOifige, agus ar fhorbairtí maidir leis an leithdháileadh do 2003 a shocrú. Tá sé i gceist na buiséid do 2003 maidir le Traenáil agus Forbairt agus Taisteal agus Cothabháil a tharmligean chuig Grúp-chomhordaithe / Ceannasaithe aonaid. De réir chinneadh Rialtais le déanaí faoi fheabhsuithe ar na córais bainistíochta airgeadais, déanfaidh na CCB in Oifig Shráid Mhuirfean agus in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit próifíleanna míosúla caiteachais a chomhaontú, agus leanfaidh siad le monatóireacht ar an leibhéal caiteachais as leithdháileadh Mheastacháin na hOifige.

Ní féidir na píomhchuspóirí a bhaint amach ach le Leithdháileadh Acmhainní atá sásúil.

AGUISÍN I

DUALGAIS AN ARD-AIGHNE

- Mar chomhairleoir dlí don Rialtais, bíonn an tArd-Aighne i láthair ag cruinnithe Rialtais. Tugann an tArd-Aighne comhairle don Rialtas faoi gach saincheist bunreachtúil nó dlíthiúil a éiríonn ag, nó i dtaca le, cruinnithe an Rialtais, agus ina theanntasan, cibé tá an reachtaíocht bheartaithe ag teacht le forálacha na Bunreachta, Achtanna agus Chonarthaí an Aontais Eorpaigh nó Chonarthaí idirnáisiúnta eile a ngéilleann Éire dóibh. Cuimsíonn sé, freisin, comhairle an Ard-Aighne faoi chumas an Stáit conarthaí agus coinbhinsiúin idirnáisiúnta a dhaingniú.
- Uamtar an tArd-Aighne i ngach imeacht a dhéanann agóid in aghaidh bhunreachtúlacht reachtaíochta.
- Cosnaíonn an tArd-Aighne bunreachtúlacht na mbillí a thagraítear don Chúirt Uachtarach faoi Alt 26 den Bhunreacht.
- Glacann an tArd-Aighne páirt mar ionadaí Rialtais in imeachtaí dlí a bhfuil baint ag an Stát leo.
- Is é an tArd-Aighne ionadaí an phobail sna himeachtaí dlí uile faoi fheidhmiú an dlí agus faoi dhearbhú nó chosaint chearta an phobail. Cosnaíonn an tArd-Aighne bunreachtúlacht na mBillí a thagraítear don Chúirt Uachtarach faoi Alt 26 den Bhunreacht.
- Tá feidhm ag an Ard-Aighne maidir le tabhairt nó diúltú treorach i gcás iarratais eiseachadta áirithe, faoi Chuid III den Acht Eiseachadta, arna leasú.
- Comhairlíonn an tArd-Aighne an tAire Airgeadais maidir le heastáit eiséataithe.
- Tá ról cosantach ag an Ard-Aighne maidir le carthanais agus go háirithe maidir le hathruithe ar chuspóirí carthanais.
- Coinníonn an tArd-Aighne aige féin forfheidhmeanna áirithe ionchúisimh, faoin Acht Iascaigh (Leasú) 1978, mar shampla.
- Tá forfheidhm reachtúil ag an Ard-Aighne a chinneadh an ceart barántais faoi na hAchanna Eiseachadta 1965 go 1994 a fhormhuiniú nó nach gceart, agus tugann sé comhairle faoi chásanna eisceachadta.
- Tá forfheidhmeanna ag an Ard-Aighne maidir leis an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí faoin Acht um Athchóiriú an Dlí 1975.
- Tá forfheidhmeanna ag an Ard-Aighne maidir le réamheagrú reachtaíochta, agus is ball é de Choiste Reachtaíochta an Rialtais a bhfuil Príomh-Aoire an Rialtais ina chathaoirleach air.
- Tá forfheidhmeanna ag an Ard-Aighne faoi Scéim an Ard-Aighne. (Is scéim neamh-reachtúil é seo lena maoiníonn an tArd-Aighne imeachtaí áirithe dlí nach bhfuil clúdaithe ag an gcúnamh dlí.)

Tá dualgas ar an Ard-Aighne feidhmiú, i gcáil oifigiúil, mar dhlíodóir an Stáit i ngach dlíthíocht shibhialta, geall leis, a bhfuil an Stát nó a chuid oifigeach páirteach inti. Bíonn an Stát i láthair, de ghnáth, mar chosantóir.

Bíonn baint ag an Ard-Aighne le dlíthíocht i gcúirteanna uile an Stáit, i gCúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach (Lucsamburg) agus sa Chúirt Eorpach um Chearta an Duine (Strasburg). Cuireann an tArd-Aighne comhairle dlí ar fáil agus bíonn sé bainteach le hullmhú (uaireanta le cúnamh abhcóide sheachtraigh) na bpléadálacha scríofa, i dtaca le dlíthíocht sa dá chúirt. Feidhmíonn an Roinn Gnóthaí Eachtracha mar ghníomhaire an Stáit i gCúirt Lucsamburg.

Treoraíonn an tArd-Aighne abhcóidí comhairleacha, aturnaetha agus feidhmeannaigh dlí, i gcás gach dlíthíocht a mbíonn baint ag an Stát léi.

Díorthaíonn ról Oifig Chomhairleoir Parlaiminteach an Rialtais as Alt 6 den Acht Airí agus Rúnaithe 1924, Lámhleabhar na Comh-Aireachta agus cleachtais seanbhunaithe, agus cuimsíonn sé;

- dréachtú Billí Rialtais (ar a n-áirítear Billí le tograí chun an Bhunreacht a leasú);
- dréachtú, nó socrú dréachtaí, d'ionstraim reachtúla a dhéanann an Rialtas;
- dréachtú nó socrú ionstram reachtúil atá le déanamh ag Aire Rialtais, Aire Stáit nó na Coimisinéirí Ioncaim;
- dréachtú nó socrú aon ionstraim reachtúil atá le déanamh ag duine (seachas Aire Rialtais) nó ag comhlacht údaraithe thar a cheannsan, de réir reachta, má iarrann Aire Rialtais nó Aire Stáit sin, sa chás go bhfuil an fhorfheidhm reachtúil ag an Aire an dréacht i gceist a fhaomhadh.

Tá an tAonad um Athchóiriú an Dlí Reachtúil, a bhfuil a fhoireann ar iasacht ón bhfoireann in Oifig Abhcóide Parlaiminte an Rialtais, freagrach as;

- na hinnéacsanna a ghabhann le reachta agus le hionstraim reachtúla a ullmhú;
- Billí a dhréachtú, reachtaíocht a leasú agus a athchóiriú (athchóiriú an dlí reachtúil);
- Billí Comhdhlúite (comhdhlúthú an dlí reachtúil) a dhréachtú.

Is iad forfheidhmeanna Phríomh-Aturnae an Stáit, feidhmiú mar aturnae d'Éirinn, don Ard-Aighne agus do Ranna agus d'Oifigí an Rialtais. I measc a chuid feidhmeanna eile tá;

- tíolacas gach maoin de chuid an Stáit a shocrú, lena n-áirítear Tiarnaí Talún agus Tionóntaí agus ábhair eile maidir le dlí na talún;
- comhairle dlí a sholáthar ar chúrsaí éagsúla a chuireann an Rialtas, na Ranna agus na hOifigí faoina bhráid, agus na doiciméid dlí is gá a bheith leo a dhréachtú;
- gach ionchúiseamh a thionscnaíonn Aire nó Roinn Rialtais a ullmhú agus a chur i láthair;
- feidhmiú mar ghníomhaire an Rialtais os comhair Chúirt Bhreithiúnais na hEorpa;
- feidhmiú don Stát i bhfiosruithe faoin Acht um Binsí Fiosrúcháin (Fianaise) 1921 go 1998 agus foireann dlí a sholáthar chun gníomhú thar ceann Binsí, leas an phobail agus údaráis ábhartha eile an Stáit;
- seirbhís aturnae a sholáthar ag gach cúirt shibhialta agus ag gach binse a bhfuil an Stát, aon údarás Stáit nó an tArd-Aighne páirteach iontu;
- forfheidhmeanna a chomhlíonadh faoi Rialú Comhairle (C.E.) Uimh. 1348/2000, 29 Bealtaine, 2000 agus Choinbhinsiún na Háige ar Dhoiciméid Bhreithiúnacha agus Sheachbhreithiúnacha in Ábhair Shibhialta nó Thráchtála a Sheirbheáil Thar Lear;
- ionadaíocht a dhéanamh don Stát agus d'Údaráis an Stáit i bhfómhais os comhair an Mháistir Fómhais.

AGUISÍN II

CAIRT EAGRAÍOCHTA



AGUISÍN III

PÁIRTITHE LEASMHARA SEACHTRACHA



AGUISÍN IV

COISTÍ AGUS COIMISIÚIN

Bord Comhairleach Oifig Náisiúnta na bPáistí

Gréasán na Rúnaithe Cúnta

Cumann Leabharlannaithe Dlí na Breataine agus na hÉireann

Gréasán Bainistíochta an Athraithe

Fóram Bainisteoirí Faisnéise agus Teicneolaíochta Cumarsáide na Státseirbhíse

Grúpa Meiteashonraí na Státseirbhíse

Coiste Comhairleach na Státseirbhíse um Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí

Gréasán na nOifigeach na Státseirbhíse um Sheirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí

Gréasán Oifigeach Traenála na Státseirbhíse

Fóram Máistrí Gréasáin na Státseirbhíse

Grúpa Páirtithe Leasmhara na mBainisteoirí Ábhair *CMOD*

An Coimisiún um Atáirgeadh Daoine Cuidithe

An Coimisiún um Earnáil Phríobháideach na gCónaitheoirí ar Cíos

An Grúpa um Athbhreithniú Dhlí na gCuideachtaí

An Coiste Comhairleach um Athchóiriú an Dlí

Comhairle Comhairleach na gCustaiméirí

Grúpa Forbhreithnithe an Choinbhinsiúin (um Thodhchaí na hEorpa)

Coiste Chomhairle na hEorpa ar an Dlí Riaracháin

Coiste Saineolaithe Chomhairle na hEorpa ar Dhlí an Teaghlaigh

Coiste na Rialacha Cúirte

Foireann Tras-Rannach an Bhonneagair

Grúpa Oibre an AE ar Phróiseáil Sonraí Dlíthiúla

Grúpa Saineolaithe ar Mholtaí a éiríonn as Tuairisc T.B.S. An Gharda

Gréasán na nAthbhreithneoirí Caiteachais

An Grúpa Oibre Idir-Rannach um Shaoráil Faisnéise

Gréasán na nOifigeach Tadhaill um SF

Grúpa Ghréasán Úsáideoirí na SF

Coiste Reachtaíocht an Rialtais

Gréasán Bainisteoirí Leabharlainne an Rialtais

Rannóg Leabharlanna an Rialtais, Cumann Leabharlainne na hÉireann

Comhdháil na Háige ar an Dlí Príobháideach Idirnáisiúnta

An Grúpa Forfheidhmíochta ar Shaincheisteanna Cúitimh

An Coiste Idir-rannach ar Dhlíthíocht um Chailliúint Éisteachta

An Grúpa Idir-rannach ar Cheartas agus Ghnóthaí Baile an AE

An Grúpa Idir-rannach ar Choinbhinsiún an AE

An Grúpa Idir-rannach ar Shaincheisteanna Reachtacha don tSochaí Faisnéise

An Grúpa Idir-rannach um Ghrinnscrúdú Oireachtais ar Reachtaíocht an AE

An Grúpa Idir-rannach ar Uachtarántacht an AE 2004

An Tascfhórsa Idir-rannach um Thuarascáil an Choimisiúin ar Stádas Daoine Míchumasacha

Grúpa Idir-rannach na Náisiún Aontaithe

An Grúpa Oibre Idir-rannach ar Shaincheisteanna Cúitimh

An Gréasán Inniúchóireachta Inmheánaigh

Coiste Dlí na hEagraíochta Idirnáisiúnta Muirí

Grúpa Úsáideoirí Unicorn na hÉireann

Coiste Ceartais Institiúid Ghnóthaí na hEorpa

An Grúpa Bainistíochta um Athbhreithnithe Breithiúnacha i gCásanna Tearmainn

Coiste Comhairleach CBF

Fo-ghrúpa Bainistíochta Thionscadal an CBF

Coiste na nAirí um Shábháilteacht Núicléach

An Grúpa Airí agus Rúnaithe ar Chursaí na hEorpa

An Grúpa Náisiúnta um Athbhreithniú Straitéise ar an gComhpholasaí Iascaigh

An Grúpa Comhairleach "Gan Locht" (grúpa oibre a bunaíodh chun scéim cúitimh "gan locht" a mholadh le haghaidh leanaí le máchail inchinne atá breith-bhainteach)

Páirtí Oibre an OECD um Bhainistíocht Rialúcháin

Grúpa Forfheidhmithe an Bhoird um Mheasúnú Gortuithe Pearsanta

Gréasán na nOifigeach Pearsanra

Gréasán CBFF

An Coiste iar-Nally ar Shaincheisteanna a Bhaineann le SIP

An Grúpa Athbhreithnithe um Cheadúnú Iascaigh Mhara

Grúpa na Rúnaithe Ginearálta agus na gCeannasaithe Oifige

Grúpa na nOifigeach Sinsearach ar Ghnóthaí an AE

An Grúpa Comhairleach Forfheidhmithe um Údarás Rialaitheach Aonair

An Coiste Tadhaill um Ghníomhaireacht Éilimh an Stáit

Coiste Stiúrtha an Tionscadail Phíolótaigh chun nós imeacht mionéileamh ar líne a bhunú

Grúpa Stiúrtha um Athbhreithniú na gCóras sa Roinn Talmhaíochta agus Bia

An Fo-ghrúpa Cumarsáide de Thionscnamh na Bainistíochta Straitéisí

Grúpaí Forfheidhmithe de Thionscnamh na Bainistíochta Straitéisí

An Grúpa um Straitéis Cánach

Tríú Grúpa Stiúrtha an Cholúin

Binsí agus Fiosrúcháin

UNCITRAL (Coimisiún na Náisiún Aontaithe ar an Dlí Idirnáisiúnta Trádála)

Grúpa Oibre *UNCITRAL* um Eadrán

Grúpa Oibre *UNICITRAL* um Thráchtáil Leictreonach

Grúpa Oibre *UNICITRAL* um Dhochmhainneacht

An Grúpa Oibre um Chuntasacht Rúnaithe Ginearálta agus Oifigeach Cuntasaíochta

An Grúpa Oibre um Chomhlíonadh agus Fhorfheidhmiú Dhlí na gCuideachtaí

An Grúpa Oibre ar Dhlínse na gCúirteanna

Grúpa Oibre chun na himpleachtaí a phlé maidir le Coimisiúin Reifrinn le feidhmeanna teoranta a bhunú

An Grúpa Oibre chun Seirbhísí Cróinéara a Athbhreithniú

AGUISÍN V

CUID I: ABHCÓIDÍ COMHAIRLEACHA

Tá **Grúpa A** freagrach as réimsí maidir le sláinte, cúiteamh do Ghardaí, Scéim an Ard-Aighne, Forfheidhmeanna an Ard-Aighne, saincheisteanna cultúrtha, cearta an duine, ceartas, An Bord Cúitimh um Dhíobhálacha Coiriúla, príosúin, ceadúnú, an dlí núicleách, saincheisteanna Angla-Éireannacha agus sláinte.

Tá an grúpa comhdhéanta de Ghrúp-Chomhordaitheoir agus 4 Abhcóide Comhairleach eile.

Tá **Grúpa B** freagrach as réimsí maidir le maoine intleachtúla, an dlí príobháideach idirnáisiúnta, corrthrádáil ócáideach, staitisticí, An tAcht um Ionstraim Reachtúla, sláinte, cinsireacht, An Ghníomhaireacht um Éilimh i gcoinne an Stáit, Binsí agus Fiosrúcháin, uchtú, atáirgeadh daoine cuidithe, oideachas, an dlí teaghlaigh, sláinte agus ionchúisimh slándála agus an dlí comhshaoil.

Tá an grúpa comhdhéanta de Ghrúp-Chomhordaitheoir agus 5 Abhcóide Comhairleach eile.

Tá **Grúpa C** freagrach as réimsí maidir le cúnaimh stáit agus deontais stáit, dlí na hiomaíochta, uiscechultúr, craolachán, na comhair creidmheasa, comhaontuithe cánachais dúbailte, leictreachas, cúisimh iascaigh mhara, iascach, conarthaí Rialtais, an dlí trádála idirnáisiúnta, an urthrá, dlí na mara, gás, dlí an phostais, tíolacas poiblí, tarlú bóthair agus busanna, an dlí loingis, an dlí ioncaim, airgeadra aonair, Athchóiriú an Oireachtais, cuanta, bonneagar náisiúnta, Gaeltacht, foraoiseacht, Seirbhís Gharda Cósta na hÉireann, Coimisinéirí Soilse na hÉireann, bodhaire san arm, seirbhís phoiblí, cosaint, ealaíona agus aeriompar.

Tá an grúpa comhdhéanta de Ghrúp-Chomhordaitheoir agus 4 Abhcóide Comhairleach eile.

Tá **Grúpa D** freagrach as réimsí maidir leis an gcomhlacht turasóireachta, le talmhaíocht, caingin insteora, dlí na heitice, dlí na dtoghachán, dlí na gcuideachtaí, an dlí baincéireachta, an dlí árachais, an dlí um thiarnaí talún agus thionóntaí, an dlí pleanála, leithreasú agus caiteachas poiblí, údaráis na státseirbhíse, féimheacht, dochmhainneacht agus leachtú, carthanais agus an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Tá an grúpa comhdhéanta de Ghrúp-Chomhordaitheoir agus 4 Abhcóide Comhairleach eile.

Tá **Grúpa E** freagrach as réimsí maidir le dlí an Aontais Eorpaigh, saincheisteanna institiúideacha, saincheisteanna cothramánacha de chuid an AE, an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí, saincheisteanna ceartais agus gnóthaí baile, eiseachadadh, tearmann agus inimirce, cúnamh frithpháirteach in ábhair choiriúla agus shibhialta, an dlí poiblí idirnáisiúnta, an dlí um chosaint sonraí agus an dlí um shaoráil faisnéise.

Cuimsíonn an grúpa seo, freisin, taidhleoir dlí don Ionadaíocht Bhuan ar an Aontas Eorpach sa Bhruiséal.

Tá an grúpa comhdhéanta de Ghrúp-Chomhordaitheoir agus 5 Abhcóide Comhairleach eile.

CUID II: OIFIG AN PHRÍOMH-ATURNAE STÁIT

Tá an Oifig eagraithe anois ar bhonn 5 rannán dlí agus rannán riaracháin. Tá gach rannán eagraithe ina rannóga (nó, i gcásanna áirithe, foirne) ar bhonn chomhchosúlacht na hoibre nó na gcliant. Cuireann an eagraíocht príomhéilimh na gcliant san áireamh. Tá eagrú na rannán agus na bhfo-rannán léirithe sa Chairt in Aguisín II.

1 RANNÁN AN DLÍ PHOIBLÍ

Tá dhá rannóg san rannán seo, mar atá, An Rannóg um Dhlíthíocht Tráchtála agus Bunreachta agus an Rannóg um Abhchóiriú an Dlí.

Tá 8 mball foirne ag an rannán a thugann tacaíocht cléireachais.

1.1 An Rannóg um Dhlíthíocht Tráchtála agus Bunreachta

Na cásanna a ndéileáiltear leo sa Rannóg um Dhlíthíocht Tráchtála agus Bunreachta, cuirtear ar aghaidh iad chuig lánseisiúin iomlánacha san Ard-Chúirt, sa Chúirt Cuarda agus uaireanta sa Chúirt Dúiche, agus go minic déantar achomhairc chuig an gCúirt Uachtarach nó tagraítear iad do Chúirt Bhreithiúnais na hEorpa. Cuimsíonn na saincheisteanna dlí a éiríonn sna cásanna seo, réimsí maidir leis an dlí tráchtála, conarthaí, fostaíochta, árachais, pleanála comhshaoil, tithíochta, toghchánaíochta, sláinte poiblí, leasa shóisialaigh, riaracháin, bunreachta agus dlí an Aontais Eorpaigh. Tá aturnae de ghrád Leas-Príomhaturnae Cúnta Stáit i gceannas na Rannóige. Tá 9 n-aturnae agus 4 bhall foirne theicniúla dlí ar an bhfoireann faoi láthair.

1.2 Rannóg na nAthbhreithnithe Breithiúnaigh

Cuireann Athbhreithniú Breithiúnach bealach ar fáil chun gníomhaíocht riaracháin a chur faoi rialú breithiúnach agus is próiseas é trína bhfeidhmíonn an Ard-Chúirt a dlínse maidir le himeachtaí agus cinntí na n-íoschúirteanna, na mbinsí agus na gcomhlachtaí eile a chuireann feidhmeanna samhailbhreithiúnacha i gcrích nó a gcuirtear de chúram orthu gníomhartha poiblí agus dualgais a chomhlíonadh. Déileálann an Rannóg seo freisin le hiarratais ar an Ard-Chúirt maidir le hathbhreithnithe bhreithiúnacha agus, freisin, maidir le habeas corpus, cásanna sonraithe, cásanna uchtaithe, aistriú daoine daortha, litreacha iarratais ó bhinsí eachtracha agus seirbheáil doiciméad faoi Threoir Uimh. 1348/2000 Chomhairle an AE, agus faoi Choinbhinsiún 1965 na Háige ar dhoiciméid bhreithiúnacha agus sheachbhreithiúnacha in ábhair shibhialta agus thráchtála a sheirbheáil thar lear.

Tá an Rannóg faoi cheannas Phríomh-Aturnae, agus tá 8 n-aturnae agus 3 oifigeach theicniúla dlí mar fhoireann inti faoi láthair.

2 AN RANNÁN COMHAIRLEACH

Tá raon leathan oibre mar ualach ar an rannán, cuid mhaith di casta ó nádúr, agus í comhdhéata, go bunúsach, d'obair nach dtagann go comair le cúram oibre na rannán eile nó na gcásanna ina dtionscnaíonn páirtithe Stáit na himeachtaí cúirte, .i. an Stát mar ghearánaí nó mar iarratasóir. Tá Leas-Phríomhaturnae Stáit i gceannas an rannáin agus tá foireann chomhlán de 6 bhall foirne mar thaca cléireachais aige.

Tá an Rannán Comhairleach comhdhéanta de 5 rannóg.

2.1 Rannóg Chomhairleach Speisialtóireachta

Pléann an rannóg le hobair Binsí agus Fiosrúcháin agus leis na cásanna comhairleacha dlí is casta. Tá Leas-Phríomhaturnae Cúnta Stáit i gceannas na rannóige. Tá an fhoireann comhdhéanta de 3 aturnae agus tá foireann chomhlán de 2 aturnae agus 1 bhall teicniúil dlí aici.

Ghlac an Rannóg páirt mhór le déanaí in ionadaíocht pháirtithe an Stáit os comhair an Bhinse Fiosrúcháin maidir le hIonfabhtú le H.I.V. agus Heipitíteas C ag Daoine le Haemaifilia, agus Ábhair Bhainteacha (Binse Lindsay).

2.2 Rannóg Dlíthíocht an Stáit agus na hEorpa

Bíonn an rannóg seo ag plé le dlíthíocht os comhair Chúirt Bhreithiúnais na hEorpa (Lucsamburg) agus le dlíthíocht seach-chríche (m.sh., cás MOX os comhair an Bhinse Idirnáisiúnta ar dhlí na Mara i Hamburg). Pléann sí, freisin, le dlíthíocht gearánaithe an Stáit (urghairí san áireamh) agus le cásanna fostaíochta.

Tá Leas-Phríomhaturnae Cúnta Stáit i gceannas na Rannóige. Faoi láthair, tá foireann de 5 aturnae ag an rannóg, agus cuimsíonn an fhoireann iomlán 4 aturnae agus 1 bhall teicniúil dlí.

2.3 An Rannóg Chomhairleach Ghinearálta

Bíonn an Rannóg seo ag plé le hábhair chomhairleacha ghinearálta agus tá aturnae de ghrád Leas-Phríomhaturnae Cúnta Stáit i gceannas uirthi. Is féidir leis an obair a bheith bainteach le himeachtaí dhlí na gcuideachtaí, eadráin, cúrsaí uchtaithe, iarratais ar chúnamh frithpháirteach, agus comhairle dlí a thabhairt maidir le taiscéalaíocht agus forbairt

mianadóireachta agus peitriliam. Tá foireann de 4 aturnae ann faoi láthair agus cuimsíonn an fhoireann iomlán 4 aturnae ag 1 bhall teicniúil dlí.

2.4 Rannóg na gConarthaí Tráchtála

Tá na hullmhúcháin ar siúl do bhunú na rannóige nua seo, a thabharfaidh comhairle agus a láimhseálfaidh conarthaí áirithe tráchtála. Beidh an rannóg ag plé, freisin, le hobair dhlí na bhfáltas.

Nuair a thosóidh an rannóg beidh 4 aturnae inti.

2.5 Straitéis TF: Bainistíocht na dTionscadal um Chásanna & Taifid

Tá an Oifig ag na céimeanna pleanála d'fheidhmiú polasaí nua bainistíochta do chomhaid agus do thaifid, agus d'fhorbairt nuachórais ríomh-bhainistíochta do chásanna. Beidh an tionscadal seo comhtháite le polasaithe straitéiseacha eile na TF, ar nós CBF, taifid na ndaonacmhainní agus an bhainistíocht eolais.

Tá Príomh-Aturnae Cúnta Stáit ón Rannóg Chomhairleach Ghinearálta sannaithe mar bhainisteoir tionscadail do thionscadail pholasaí na gcomhad agus bhainistíocht na gcásanna.

3 AN RANNÁN TÍOLACAIS AGUS MAOINE

Tá an rannán seo comhdhéanta de thrí fhoireann agus tá gach ceann acu faoi seach dírithe ar thíolacadh, ar dhlí na maoine agus ar shaincheisteanna teidil na gcliaint. Tá Leas-Phríomhaturnae Stáit i gceannas air. Tá tacaíocht chléireachais de 7 mball foirne in iomlán ag an Rannán.

Tá an Rannán roinnte i dtrí fhoireann, viz.,

3.1 An Fhoireann Cosanta agus Mara

Tá Príomh-Aturnae Cúnta Stáit i gceannas go sealadach ar an bhfoireann seo, ach tá sé i gceist go mbeidh Aturnae de ghrád Príomh-Oifigigh i gceannas uirthi go luath. Láimhseálann an fhoireann gach gnó do na ranna faoin dlí maoine i réimsí na talmhaíochta, cosanta, mara, turasóireachta, spóirt agus siamsaíochta, agus fiontair phoiblí. Maidir le cúrsaí mara, baineann cuid mhór den obair le Léasanna agus Ceadúnais urthrá, agus le suíomhanna ag Lárionaid Cuain Iascaí. Cuimsíonn an Obair Cosanta díol na maoine atá mar bharrachas ar riachtanais an airm, agus le léasáil agus ceadúnú maoine éagsúla chun críche an airm agus an chabhlaigh. Láimhseálann an taobh Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta na riachtanais dlí a bhaineann le hiarratais ar dheontais ón gCrannchur Náisiúnta, m.sh., Gníomhais Cúnaint agus Cúisimh. Tugann an fhoireann comhairle dlí, freisin, ar chúrsaí ilghnéitheacha, m.sh., fadhbanna tiarnaí talún agus tionóntaí, ceisteanna teidil, sainmhíniú reachtaíochta 7rl.

3.2 Foireann Airgeadais, Oideachais, Dlí is Cirt agus Dúchais

Tá Leas-Phríomhaturnae Cúnta Stáit i gceannas na foirne seo. Bíonn an fhoireann ag plé le cásanna díthiomnachta deiridh, ag cosaint, ag riaradh agus ag diúscairt sochmhainní a chuimsíonn maoin nithiúil; le hiarratais Ailt 49 chuig Clárlann na Talún a bhfuil leas ag an Stát iontu de bharr díthiomnachta deiridh; le tarscaoilte / iarratais faoin Altanna 28 agus 30 den Acht Maoine Stáit 1954.

Bíonn taobh an Oideachais ag déileáil le ceannacháin / díolacháin, léasanna agus dearbhuithe Iontaobhais. Cuimsíonn obair Dhúchas díol / ceannach maoine lena n-áirítear séadchomharthaí náisiúnta; fáil na gcearta talún portaigh / móna, lena n-áirítear cásanna a éiríonn de bharr scoir Scéim Ghearradh na Móna i Limistéir Speisialta Caomhantais de réir Rialachán Ghnáthóg Nádúrtha an AE 1997 agus deontais ealaíon (*DCIS ACCESS*), nuair atá cearta an Aire urraithe ag muirear.

Tá foireann de 5 aturnae ann, agus is é 6 aturnae agus 2 bhall theicniúla an líon iomlán foirne.

3.3 Foireann Oifig na nOibreacha Poiblí / Sláinte agus Páistí

Tá Leas-Phríomhaturnae Cúnta Stáit i gceannas na Foirne seo a bhfuil 7 n-aturnae uirthi. Is é atá i mbunús na hoibre, cóiríocht a fháil d'Oifig na nOibreacha Poiblí thar ceann Ranna Rialtais trí cheannach nó léasáil tráchtála, ar a mbíonn blocanna oifige agus áitribh r-sheirbhísí Rialtais i lárionaid siopadóireachta, i bhfaichí gnó agus i dtionscail.

Cuimsíonn an obair, freisin, maoin barrachais a chur de láimh; suíomhanna a fháil do scoileanna náisiúnta; cóiríocht a fháil d'iarrthóirí tearmainn; maoine a fháil do stáisiúin an Gharda; sean-stáisiúin an Gharda a chur de láimh. Go dtí le déanaí, ba réimse mór eile oibre é cóiríocht a fháil do na cúirteanna. Cuimsíonn an obair don Roinn Sláinte agus Leanaí maoin barrachais a chur de láimh; comhairle maidir le haistriú ospidéal chuig na boird sláinte; léasáil maoine Stáit chun críche na n-ospidéal, mar is cuí. Chomh maith le déileáil leis na cúrsaí tíolactha uile thuasluaite, tugann an Fhoireann comhairle dlí leanúnach maidir le ceisteanna maoine de réir mar a éiríonn siad, m.sh., ábhair tiarnaí talún agus tiontaí, pleanáil, cúrsaí conartha agus teidil, etc.

Tá an fhoireann comhdhéanta de 6 aturnae faoi láthair.

4 AN RANNÁN BREITHIÚNAIS AGUS DLÍ COMÓNTA

Láimhseálann an Rannán seo fuílleach na bhfeidhmeanna samhailchoiriúla de chuid Oifig an Ard-Aighne, ó aistríodh feidhm choiriúil an aturnae chuig Oifig Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí. Láimhseálann sé, freisin, an méid mór éileamh tortach a tógadh in aghaidh an Stáit (cásualach an dlí shibhialta) agus déanann sé bainisteoireacht ar fhorfheidhm na seirbhísí ginearálta dlí san Oifig. Tá Príomh-Aturnae Cúnta Stáit i gceannas an Rannáin.

Tá an Rannán eagraithe mar a leanas:

4.1 Ceart agus Coiriúlacht

Tá 2 aturnae ag 1 oifigeach cléireachais ar an bhfoireann faoi láthair agus déileálann siad le;

- stiúradh ionchúisimh na n-airí i gCúirteanna Dúiche agus Cuarda Bhaile Átha Cliath,
- ionadaíocht don Ard-Aighne agus don Stát i gcásanna eiseachadta san Ard-Chúirt agus sa Chúirt Uachtarach,
- bheith i láthair mar aturnae thar ceann pháirtithe an Stáit ag iarratais ceadúnúcháin, agus os comhair Chúirt an Chróinéara,
- déileáil le haistriú na bpríosúnach daortha ón Ríocht Aontaithe faoin Acht um Aistriú Daoine Daortha,
- bheith i láthair mar Aturnae an Stáit in ábhair cúnaimh fhrithpháirteacha,
- bheith i láthair i gCúirteanna Bhaile Átha Cliath mar aturnae an Ard-Aighne, Roinne Rialtais nó Oifige i ngach ábhar a bhaineann le riaradh cearta.

4.2 An Rannóg Sochmhainní Coiriúla

Soláthraíonn an rannóg seo seirbhís aturnae don Gharda Síochána in ábhair a bhaineann le forfheidhmeanna Bhiúró na Sóchmhainní Coiriúla.

4.3 Éilimh Thortacha

Tá Leas-Phríomhaturnae Cúnta Stáit i gceannas na rannóige seo a láimhseálann méid mór éileamh tortach, lena n-áirítear éilimh faoi fhaillí, sárú dualgais reachtúil, núis, clúmhilleadh, foghail, ionsaí, slacairt, príosúnú neamhdhleathach, dliteanas áititheoirí agus fostóirí. Láimhseálann an rannóg, freisin, méid mór cásanna sna réimsí seo: ciapadh / bulaíocht, achomhairc heipitítis (agus cásanna cúisimh iomlánacha) agus dlíthíocht struis iarchoscraigh an airm. Faoi láthair baineann céadtadán ard d'obair na rannóige le cásanna drochíde institiúideacha.

Faoi láthair tá 10 n-aturnae agus 2.5 bhall theicniúla dlí ar an bhfoireann agus tá foireann iomlán de 11 aturnae agus 4.5 bhall theicniúla dlí ann.

4.4 Rannóg na Seirbhísí Dlí

Is rannóg nua í seo agus tá Príomhfheidhmeannach Dlí i gceannas uirthi. Tá 9 mball theicniúla dlí agus 4 bhall cléireachais d'fhoireann aici faoi láthair, agus tá 11 bhall teicniúil agus 4 bhall cléireachais ar an bhfoireann iomlán.

Cuireann an rannóg seirbhísí dlí ar fáil i réimsí lena n-áirítear ullmhú cásanna don Chúirt Dúiche, bailiú fiacha, gearradh cánacha dlí, íoc táillí abhcóidí, aisghabháil chostais dlí an Stáit, ullmhú agus stiúradh cásanna cúitimh an gharda, achomhairc luachála agus glacadh le seirbheáil na n-imeachtaí dlí.

Ullmhaíonn an rannóg cásanna cúnaimh frithpháirteacha le haghaidh éisteachta agus, freisin, gach cás le haghaidh ionchúisimh Aire nó aisghabhálacha áirithe ar airgid Ranna sa Chúirt Dúiche.

5 AN RANNÁN TEARMAINN AGUS DLÍTHÍOCHTA SIBHIALTA

Tá Leas-Phríomhaturnae Stáit i gceannas an Rannáin seo, atá comhdhéanta de 3 rannóga mar a leanas:

5.1 An Rannóg Tearmainn

Láimhseálann an Rannóg Tearmainn gach cás tearmainn, inimirce agus athdhúichithe (ar a n-áirítear cásanna *habeus corpus* a bhaineann le tearmann). Oibríonn sí go dlúth le hOifig an Ard-Aighne agus leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, agus le gníomhaireachtaí eile do dhídeanaithe. Tá Leas-Phríomhaturnae Cúnta Stáit i gceannas uirthi. Tá 8 n-aturnae agus 1 bhall teicniúil dlí ar an bhfoireann faoi láthair agus an fhoireann iomlán comhdhéanta de 10 n-aturnae agus 2 bhall theicniúla dlí. Tá 6 bhall foirne mar thacaíocht cléireachais aici.

Is de nádúr na dlíthíochta bunús na hoibre sa rannóg seo agus éilíonn sí freastal laethúil os comhair na hArd-Chúirte.

5.2 An Rannóg um Dhíobhálacha Pearsanta

Tá Príomh-Aturnae i mbun na rannóige seo a láimhseálann an-chuid dlíthíochta maidir le díobháil phearsanta sna cúirteanna uile. Cuimsíonn an t-ualach cásanna líon mór cásanna a tarmligeadh chuig an nGníomhaireacht um Éilimh i gcoinne an Stáit faoin Ordú um Ghníomhaireacht Bainistíochta An Chiste Náisiúnta (Tarmligean agus Bronnadh Forfheidhmeanna) 2001. Láimhseálann an rannóg, freisin, an obair dlí a bhaineann le caingin díobhála pearsanta de chuid 'ordaithe réamh-tharmligin'.

Láimhseálann an rannóg na caingin díobhála pearsanta in aghaidh Oifig na nOibreacha Poiblí.

Faoi láthair tá 10 n-aturnae agus 1 bhall teicniúil dlí ar an bhfoireann agus tá 11 aturnae agus 1 bhall teicniúil dlí san fhoireann iomlán. Tá 4 bhall foirne a thugann tacaíocht cléireachais don rannóg.

5.3 An Rannóg um Chailliúint Éisteachta an Airm

Bunaíodh An Rannóg um Chailliúint Éisteachta an Airm i 1995 chun déileáil le dlíthíocht um chailliúint éisteachta a thóg comhaltaí nó iarchomhaltaí na bhFórsaí Cosanta in aghaidh an Stáit. Tá foireann de 6 aturnae agus 3 bhall theicniúla dlí inti faoi láthair. Tá tacaíocht cléireachais de 13 bhall foirne ag an rannóg.

Bíonn an Rannóg i ndlúththadhall lena Chliant, An Roinn Cosanta, maidir le polasaí ginearálta a cheapadh chun déileáil leis na héilimh seo agus chun gach ceann acu a chosaint.

Cuireadh le hobair na Rannóige maidir le feidhmiú na "Scéime Luath-Réitigh" le déanaí, trí úsáid a bhaint as painéal coigeartóirí, agus is cosúil go leanfaidh an cur chuige seo go ceann tamaill.

6 RIARACHÁN

Tá Ceannasaí Riaracháin de ghrád Príomhoifigigh i gceannas an Rannáin.

6.1 An Rannóg Daonacmhainní

Is rannóg nua í seo a bhfuil oifigeach daonachmhainní nuacheaptha de ghrád LPO i gceannas uirthi. Chomh maith le bheith freagrach as na feidhmeanna traidisiúnta i leith pearsanra, tá sí freagrach, freisin, as straitéis agus cleachtas forásach daonacmhainní a fhorbairt laistigh den Oifig. Forbrófar an polasaí daonacmhainní de réir na bhforbairtí a tharlaíonn sa státseirbhís, ach cuirfear san áireamh, freisin, an sainbhailiúchán dea-chleachtas a forbraíodh go hidirnáisiúnta chun seirbhísí gairmiúla a bhainistiú.

Tá 7 mball foirne sa rannóg.

6.2 An Rannóg TF

Tá bainisteoir TF de ghrád POC i gceannas na Rannóige TF.

I measc na ndualgas tá bainistíocht, forbairt, cothabháil agus seirbhísiú gach acmhainn TF ó thaobh crua-earraí agus bogearraí de, agus go háirithe, maidir le bonnachair sonraí agus córais cumarsáide a thacaíonn le feidhmeanna seirbhíse dlí na hOifige.

Glacann an Rannóg príomhról i bhfeidhmiú Straitéis TF na hOifige.

Tá 7 mball foirne in iomlán ag an Rannóg.

6.3 An Rannóg Leabharlainne agus Faisnéise

Tá an leabharlannaí dlí i gceannas na Seirbhíse Leabharlainne agus Eolais agus tá leabharlannaí cúnta agus 1 oifigeach cléireachais amháin ag an rannóg, freisin.

Déanann an leabharlannaí dlí bainistíocht ar bhailiúchán na leabharlainne, idir chruachóipeanna agus chóipeanna leictreonacha, agus láimhseálann sé / sí líon mór fiosruithe faoi thaighde dlí agus soláthraíonn tacaíocht traenála agus taighde do gach ball foirne dlí.

Coinníonn an leabharlann naisc le leabharlanna tábhachtacha dlí eile agus cuireann sí seirbhís eolais reatha ar fáil, chomh maith le rochtain ríomhdheisce ar raon leathan ríomh-uirlisí taighde faoin dlí.

Tá an tSeirbhís Leabharlainne agus Faisnéise tiomanta go láidir d'fhorbairt na n-inniúlachtaí bainistíochtaí eolais laistigh den Oifig agus tá sí chun tosaigh i bhfeidmiú straitéise chuige seo.

6.4 Rannóg na gCuntas

Tá Rannóg na gCuntas freagrach as íocaíochtaí, seachas párollaí agus líon beag íocaíochtaí a dhéantar tríd an Rannóg Costchuntasaíochta. Tá sí freagrach, freisin, as taifid agus cuntais chuí a choinneáil, agus a chinntiú go bhfuil cleachtais éifeachtacha i bhfeidhm maidir leis an rialú inmheánach. Ar bhonn gníomhaireachta, soláthraíonn Rannóg na gCuntas sa Roinn Airgeadais seirbhís párolla agus seirbhís le haghaidh orduithe iníoctha agus / nó cuntais airgid.

Tá 7 mball foirne in iomlán sa rannóg.

Roinneann an Oifig iniúchóir inmheánach le hOifig an Ard-Aighne agus tá clár iniúchta inmheánaigh aici, maraon le Coiste Iniúchóireachta Inmheánaigh faoi chathaoirleach neamhspleách seachtrach.

6.5 Lárionad na nDoiciméad

Is rannóg nua é seo faoi cheannas oifigigh de leibhéal AOF. Tá foireann iomlán de 14 bhall aige. Tá sé d'fheidhm ag an lárionaid gach seirbhís cóipeála agus ceangail mhórscála a sholáthar don Oifig agus bainistíocht a dhéanamh ar phostas chun na hOifige agus amach aisti, ar chraolta facs agus r-phoist agus ar fheidhmeanna na clárlainne. Is féidir go mbeidh dualgais eile á sannadh di ó am go ham. Feidhmeoidh an rannóg ar ardchaighdeáin feidhmíochta a bheidh comhaontaithe.

Tá sé i gceist feabhas a chur ar bhainistiú na saincheisteanna seirbhíse do chustaiméirí, lena n-áirítear caighdeán agus tráthúlacht na socruithe chun míreanna a sheachadh isteach nó amach le cúiréir, agus láimhseáil agus scaipeadh an phoist agus na bhfacsanna.

CUID III: AN ABHCÓIDE PARLAIMINTE

Tá Grúpa 1 freagrach as reachtaíocht a dhréachtú do na Ranna agus do na hOifigí seo a leanas:

Talmhaíocht agus Bia

Airgeadas (ar a n-áirítear na Coimisinéirí Ioncaim)

Cumarsáid, an Mhuir agus Acmhainní Nádúrtha

Iompar

Taoiseach

Tá an grúpa comhdhéanta de Ghrúp-Bhainisteoir agus 4 Abhcóide Parlaiminte eile.

Tá Grúpa 2 freagrach as reachtaíocht a dhréachtú do na Ranna seo a leanas:

Cosaint

Oideachas agus Eolaíocht

Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht

Comhshaol agus Rialtas Áitiúil

Gnóthaí Sóisialacha, Pobail agus Teaghlaigh

Tá an grúpa comhdhéanta de Ghrúp-Bhainisteoir, 4 Abhcóide Parlaiminte eile agus 1 dhréachtóir conarthaí.

Tá Grúpa 3 freagrach as reachtaíocht a dhréachtú do na Ranna seo a leanas:

Pobal, Gnóthaí Tuaithe agus Gaeltachta

Gnóthaí Eachtracha

Sláinte agus Leanaí

Dlí agus Ceart, Comhionannas agus Athchóiriú Dlí

Ealaíona, Spórt agus Turasóireacht

Tá an grúpa comhdhéanta de Ghrúp-Bhainisteor, 4 Abhcóide Parlaiminte eile agus 2 dhréachtóir conarthaí.

CUID IV: AONAID RIARACHÁIN IN OIFIG SHRÁID MHUIRFEAN

Ó 1995, tá Ceannasaí Riaracháin de ghrád Phríomh-Oifigigh i mbun na hOifige. Tá sí comhdhéanta d'aonaid mar a leanas:

Aonad Daonacmhainní

Tá Príomh-Oifigeach Cúnta i mbun an Aonaid seo, ar tugadh An tAonad Pearsanra air roimhe seo, agus a athainmníodh le linn 2001. Tá seisear foirne ann, Oifigeach Traenála agus Forbartha san áireamh. Chomh maith le bheith freagrach as feidhmeanna pearsanra laistigh den Oifig tá céad-dréacht den straitéis daonacmhainní ullmhaithe ag an Aonad agus tá roinnt gnásanna polasaí dréachtaithe aige a phléifear leis an gCoiste Comhpháirtíochta.

An tAonad Teicneolaíochta Faisnéise

Bunaíodh an tAonad, a bhfuil Príomh-Oifigeach Cúnta ina bhun, i 1995, agus tá foireann ochtair aige, cúigear acu nuacheaptha ina bpoist. Seachas cothabháil a dhéanamh ar chórais TF, ar bhonneagair agus ar acmhainní na hOifige, tá príomhról á ghlacadh ag an Aonad i bhfeidhmiú an nua-Phlean TF.

An tAonad Leabharlainne agus Fios Gnó

Tá an tAonad Leabharlainne agus Fios Gnó faoi cheannas Bainisteora Faisnéise agus tá sé comhdhéanta de Leabharlannaí Córas, Oifigeach Fios Gnó, Leabharlannaí Taighde, Taighdeoirí Dlí agus Cúntóir Leabharlainne.

An tAonad Airgeadais

Tá foireann cúigir ag an Aonad. Tá sé freagrach as gach íocaíocht, seachas párollaí, coinneáil na dtaifead airgeadais etc. Bíonn comhthadhall ag an Aonad le hOifigeach na dtáillí in Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit chun a chinntiú go n-íoctar táillí dlíodóirí agus aturnaetha go rialta.

Iniúchadh Inmheánach

Roinneann an Oifig Iniúchóir Inmheánach le hOifig an Phríomh-Aturnae Stáit. Déanann an Coiste Iniúchóireachta, a thagann le chéile go rialta, maoirsiú ar a cuid oibre.

An Clárlann

Le foireann seachtair, láimhseálann an Clárlann an postas uile a thagann chun na hOifige agus coinníonn sé na comhaid dlí uile atá san Oifig. Tá ról méadaithe á ghlacadh aige maidir le scrúdú agus sainaithint ábhair atá le haistriú chuig Oifig na Cartlainne Náisiúnta.

An tAonad Seirbhísí

Tá foireann seisir san Aonad, a bunaíodh i 1998 chun plé le gach réimse a bhaineann le cothabháil agus cúram chóiríocht na hOifige, soláthairtí oifige a fháil, socruithe cuí slándála a chinntiú, cumarsáid teileafóin, reáchtáil ócáidí caidrimh, iarratais um shaoráil faisnéise a chomhordú, chomh maith le Clár Sochmhainní na hOifige a choinneáil.

Oifigí Príobháideacha

Tá Rúnaí Príobháideach, Cúntóir Speisialta, Rúnaí Pearsanta agus dhá Oifigeach Cléireachais ag an Ard-Aighne. Tá Rúnaí Príobháideach agus dhá Oifigeach Cléireachais ag an Ard-Stiúrthóir, a sholáthraíonn seirbhís don Leas-Ardstiúrthóir agus don Cheannasaí Riaracháin. Tá Rúnaí Príobháideach ag an bPríomh-Abhcóide Parlaiminte.

An tAonad um Bhainistiú an Athraithe

Bunaíodh an tAonad i Meitheamh 2002, nuair a sannaíodh Príomh-Oifigeach Cúnta dó. Ag deireadh Mheán Fómhair, 2002, sannaíodh Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin don Aonad chun plé leis an gCreat um Bainistíocht Faisnéise (CBF) agus leis na hAthbhreithnithe Caiteachais. Ceadaíodh post do Chuntasóir Gairmiúil le déanaí chun plé, freisin, leis an CBF.

Go dtí seo bhí an tAonad ag gabháil de chomhordú ullmhúchán do Thuarascáil Bhliantúil na hOifige do 2001, maraon leis an Ráiteas Straitéise seo agus an CBF. Tá an tAonad lonnaithe in Oifig Shráid Mhuirfean ach soláthraíonn sí seirbhísí d'Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit, freisin.